

## Gaeltacht Session 1

FH: Cad chuige nach bhfuil tusa páirteach sa rud seo...just for the craic?

FA: Whatever, the middle-man...woman.

Mé féin ag caint – fiseán ag dul. FA ag cur ceiste.

FA: An dtosóidh mé, just?

FH: Fan bomaite go léimid seo ar dtús. An bhfuil muid ag freagairt le chéile, just ag caint lena chéile nó...

FA: Bhuel, beidh muid like, cad é do bharúil fá whatever, y'know, but sure...

Mé féin ag caint, gáire.

FC: An gcaithfidh muid toiseacht nó an bhfuil...?

Gáire.

FA ag cur ceiste.

FC: Bhuel ní hé really, paróiste Rann na Feirste, Rann na Feirste mar paróiste s'againn féin.

FH: Yeah, Rann na Feirste againn féin.

FA: Really? I mean, níl muid, níl baint ar bith againn really le Anagaire....

FC: Loch an Iúir, cá háit eile... Mullach Dubh...

FD: Naomh Muire...

FA: Naomh Muire...

FH: Naomh Muire an t-aon...agus muintir Mullach Dubh.

FA: Yeah Naomh Muire paróiste, cos like even aois s'againne, níl a fhios ag... níl aithne againn really ar dhaoine...

FD: Muintir Anagaire [gáire]. Níl a fhios againn aon nduine thuas in Anagaire.

FC: Tá níos mó aithne againn ar mhuintir Gaoth Dobhair ná a bhfuil...

FD: ...in Anagaire....

FA: Bíom ag an Aifreann agus bíom like....

FH: Cé leis tusa?

FA: Cé t-ainm atá ortsa? [gaire]. But, no, téann go Gaoth Dobhair fá choinne Phobalscoil...tá... sin an chuige a bhfuil aithne

FH/3 Yeah.

FD: Sin an chuige, yeah, cos téann siad sin uilig go...

FH: Go Clochán Liath

FC: Cloch Chionnaola nó Fál Carrach.

FH: Scoltaacha Béarla.

FA: But, em tá aithne ag [ainm duine] ar a lán daoine in Anagaire....

FH: Sin tríd an peil...

FC: Naomh Muire.

FA: Naomh Muire, sin an t-aon rud...

FC: Tá, bíonn [ainm duine] i gcónaí ag caint le daoine fosta

FH: Agus tá an ballet ansin fosta nach bhfuil..

FC: Yeah an ballet thíos i Naomh Muire fosta...

FA: I know bíomse ag gabháil “cé sin?” agus bíonn [ainm duine] like, “tá a fhios agat nion...”.

FC: Bíonn tú like, an bhfuil a fhios agat... “an bhfuil deirfiúr acu” and then they say “nah” and it’s just like right... níl a fhios agam...

FA: Agus cad é fán contae?

FH: Yeah, an-bródúil as an contae.

FC: Bíomse iontach bródúil ar scor ar bith.

FD: Braitheann sé....

FA: Braitheann sé cé chomh maith is atá siad ag football...

FA: Peil...

Gáire.

FH: Bhuel, bhí siad maith anuraidh. Bhí mise thall i Nua Eabhrac anuraidh ag coimhead na cluichí agus bhí mé an-bródúil astu, agus ansin lig siad síos muid.

FC: Agus sin an lá is measa nuair a bhí mé féin i mo shuí ó bhí naoi a chlog ann istigh sa....

FH: Teach leanna, yeah...

FC: Phub.

FA: Ó bhí naoi a chlog ann?

FC: See, tá a fhios agat an dóigh a bíonn....

FH: am... Naoi a chlog ar maidin, ar an Domhnach.

FA: Agus cad é a shíleann tusa... cad é an... cad chuige nach mbeifeá bródúil...an bhfuil rud nó gné ar bith...

FD: Na bealtaí.

Gáire.

FH: Na bealtaí. An comhairle contae.

FC: ...thar barr...

FA: An comhairle contae, tá siad...

FD: Tá pothole in [dothuigthe] inniu.

Gáire.

FH: Ar an carr nó...[dothuigthe] mar atá sé.

FA: Cad chuige a bhfuil sin a [ainm duine, gan séimhiú]. Dhá rud mór, shílfeá go raibh rud... But, em, yeah, tá sé cineál...

FC: Tá na bealtaí but I think it's still an áit is deise...is achan rud.

FA: Is maith liom an dóigh fosta atá Dún nan Gall cineál like grrrr....

FC: I gcónaí troid...

FH:...le chéile.

FA: Achan rud, like a ghníonn an rialtas, achan referendum – No! is fán go bhfeice sibh...

FH: “Ní íoc na cánacha...” Yeah. Sin an dóigh.

FC: Sure, an bhfaca tú na bealtaí móra – “Stad Cánacha!”

FA: “Stad Cánach”, “Stád Cánach”.

FH: I know bhí an litriú sin go holc.

FA: Sin just fada ar...

FC: Fada ar... [gáire].

FA: But yeah tá siad maith ag cineál stickin' it to the man.

FC: Fosta, dá mbeadh tusa amuigh áit ar bith agus má tá duine Dún nan Gall ann agus má tá tú istigh in troid bheadh tú ag bualadh...even mura bhfuil a fhios acu tú, but is as Dún nan Gall...

FH: That's it...

FA: Sin é. Ar aghaidh chuig an chéad cheist eile.

FA ag cur ceist, mé féin ag cur ceiste.

FH: Bhuel....

[gáire].

FC: Thosaigh tú muid anois.

FA: Níl againn ach uair. Right, tosóidh muid le Rann na Feirste céad uair. Na rudaí is maith leat fá Rann na Feirste...

FH: An coláiste. Is maith liomsa an coláiste in Rann na Feirste. Na scoláirí ach an bhliain...

FA: Yeah.

FC: Níl mise... tá mise ag scríobh mo mhiontráchtas ar an coláiste so...

FA: So, níl tusa ag iarraidh labhairt fán choláiste...

FC: Tá go leor déanta agam ar an choláiste...

FA: Aye, bhuel, tá sé deas sa tSamhradh nuair atá ach an duine anseo...

FC: Yeah bhí sin istigh i mo mhiontráchtas an dóigh like a bíonn Rann na Feirste marbh go dtí an tSamhradh agus ansin...

FD: Ní bhíonn a dhath ag gabháil...

FC: Ní bhíonn a fhios agat...

FH: Siopa boc Paul James but roimhe sin just inniu like.

FC: I know bhí mise ag gabháil ....sin é....nach bhfuil siopa ar bith ann.

FA: Ní le Paul James sin níos mó is le Hughie é. Cheannaigh Hughie is Tony é.

FH: Hughie, Tony Rogers?

FA: Aye, tamall mór fada ó shin.

FH: Agus an bhfuil siad ag gabháil a dhéanamh a dhath ar bith leis.

FA: No, bíonn sé á úsáid fá choinne gardening agus daoine á úsáid fá choinne bádaí.... is rudaí.

FH: Ah...

FC: So thosaigh garage beag...

FA: Bíonn rudaí ag gabháil fríd an bhliain, like san Áislann, but just bíonn daoine like awww – cad é atá ag gabháil? Nuair a bhíonn rud inteacht ag gabháil tá Coronation Street air, no, níl muid ag gabháil amach. Faigh SkyPlus! But yeah, tá sé maith nuair atá rudaí ag gabháil sa tSamhradh...

FD: Agus leis an y’know...

FC: But fosta, coinníonn muintir Rann na Feirste i gcónaí le chéile, I think is sin rud maith like.

FA: Yeah, bíonn cineál bród acu fá rud inteacht.

FH: Agus fiú an “baintí” agus an linn snámha.

FA: Yeah poll an tsnámh yeah.

FC: Sin an rud a dúirt Granny le deireanas, dúirt sí dá bhainfeadh sí lotto chóireodh sí suas an...

FH: Achan rud a bhí...le deireanas I was like “wow”.

FC: Bhí mise ag cuartú do pictiúr den linn snámh, níl a fhios agam le cá fhad fá choinne mo mhiontráchtas agus ansin lá deireanach mé like “right níl mé ag gabháil a fháil” agus ansin thig pictiúr sin...

FA: Ah, bhí sé galánta...

FH/FC/FD Yeah.

FH: Yeah tá garbh anois.

FD: Yeah tá sé iontach garbh...

FA: But rinne [ainm duine] agus iad cuid mhór... tá an cement ag titim isteach...

FD: Tá dainséarach...

FA: But, tá sé doiligh daoine a fháil le chéile, cineál, fá choinne... tá daoine i bhfách le rudaí tá mé ag déanamh anseo, but níl siad sásta really gníomh a dhéanamh...

FH: But, but... nach bhfuil rudaí ann, tá árachas nó rud inteacht, ní thig leat é a dhéanamh gan sin...

FA: Yeah, suppose... Tá mé ag déanamh...

FH: An bhfuil an dréimire go fóill ansin?

FC: No I think gur thit an dréimire ann.

FA: Níl a fhios agam.

FC: Tá deacrachtaí ag gabháil a bheith ar an dréimire sin na a bhfuil tú ag iarraidh like...

FA: Yeah, cineál thit sin as a chéile. Cad é eile atá ann? Bhuel, is maith liom cineál an dóigh a bhfuil an trá againn agus stuff...

FH/FC/FD: Yeah.

FA: ...agus an leac sin.

FH: Thíos fá na sleachta dubha fosta...

FC: Tá cosúil le saol beag féin againn i Rann na Feirste though...

FA/FH/FD: Yeah.

FD: Ní thuigeann aon nduine eile é...

[gáire].

FD: Ní thuigeann muintir Gaoth Dobhair é.

FC: Nah, nuair a thagann siad isteach anseo bíonn siad like...

FH: “Cad é a dhéanann sibh” agus sin é.

FC: Actually, like, tá rudaí le déanamh...

FA: Nuair a thig daoine anseo tchí siad an Áislann bíonn siad like “whao”. But tá... Like, tá dream ansin as, bean as Anagaire a bhí leo, muintir as na Sé Chontae agus bhí siad just ag gabháil “Cad chuige a bhfuil rud mar seo in áit comh beag seo?” Agus tá stádas láidir againn...

FC: Tá sé mór but just... ní fheiceann, go mbíonn daoine isteach ann feiceann siad a taobh seo dó ní fheiceann siad amuigh thall...

FD: Yeah.

FA: But síleann siad go bhfuil cineál niche beag againn féin...

FC: Tá niche beag againn féin though...

FA: Cos, mar a dúirt tú, ní théann muid go hAnagaire agus ní théann muid really go Gaoth Dobhair ach amháin don scoil.

FH: Yeah nó le gabháil amach san oíche...

FA So, bíonn cineál... [gáire]

FH/FD. Seaview.

FA: ...rud beag saothíúil. So, cad é fá Gaoth Dobhair? Cad é a thaitníonn leat fá...

FH: An t-aon rud fá Gaoth Dobhair ná club oíche.

FD: Cairde.

FH: Agus cairde s'agam.

FD: Yeah. Ólachán

FH: 'is scoil.

FA: Sure nuair atá tú ag ól níl a fhios agat go bhfuil tú i nGaoth Dobhair.

FD: Deoch saor.

FC: I know.

FA: Deoch soar agus sin é really.

FH: Ach bhí an scoil maith i nGaoth Dobhair...

FA: Aye, bhí, bhí...

FD: an-mhaith.

FC: But even sa scoil bhí rud beag againn féin muintir Rann na Feirste [gáire]... it was just like "we're on the outside".



FH: Agus tá trá Gaoth Dobhair deas fosta.

FA: Bhuel, tá Carrickfinn níos...

FH: Tá, níos deise, tá...

FA Agus an t-aon rud atá acu ansin really ná Bád Eddie. Mean, sin an áit in ann turasóirí a...

FD: Cad é Bád Eddie?

FA: Sin an bád mór sna pictiúirí...

FC: An bád mór...

FD: Oh, an sin an t-ainm atá air?

FH: Yeah ‘chuiige Eddie an t-ainm atá air?

FA: Oh, sin an fear ar leis é, once upon a time.

FC: Let’s not go into this, guys.

FA: ....bheadh sé marbh anois.

FH: Beidh sé.

FA: Agus cad é nach maith leat fá Gaoth Dobhair. [gáire].

FH: An troid... I gcónaí ag troid agus na carranna...

FC: I gcónaí daoine ansin atá fuath agat air, or fuath acu ortsa agus.... Ansin bíonn tú amuigh oícheanna agus tiocfaidh siad suas chugat agus you’re just like “tá mé amuigh fá choinne oíche maith lig dom...”

FA: I know.

FC: “Imigh leat”.

FD: Nuair a bhíonn tú isteach sa siopa ag labhairt Gaeilge, labhrann siad Béarla leat.

FA/2/3: Ahhh.

FC: Agus tá a fhios agat go bhfuil Gaeilge acu.

FD: just tugann siad freagra ort i mBéarla.

FA: Yeah, tá sé iontach saothúil rudaí mar sin.

FH: Not cool enough.

FA: Fosta, tá sé cuid mhór, beidh siad cineál like, tá tusa ag déanamh rud ineacht too... “Gabh mo leithscéal”. Y’know, rudaí mar sin. But tá muidne istigh leofa sin anois faoi ceantar pleanáil teanga agus tá muidne istigh le Gaoth Dobhair, agus Anagaire is Loch an Iúir.

FH: Le chéile

FA: Muidne like. Tá Anagaire, Loch an Iúir is Rann na Feirste istigh le Gaoth Dobhair.

FC: Oh really?

FA: Cad é do bharúil de sin? An cuimhnigh agaibh an t-am sin a bhí muid in Catagóir A, Catagóir B, cuir muidne isteach B...

FH: An bhfuil muid ann aríst?

FA: Sin thart anois, leis an, cos, tá rud úr ann agus tá muid istigh... Caithfidh muidne plean teanga a dhéanamh, muidne agus Gaoth Dobhair...

FH: Like, cén dóigh é a spreagadh?

FA: [gáire] No, tá sé uilig le déanamh. So tá muidne istigh le Anagaire, is Gaoth Dobhair is Loch an Iúir mar ceantar pleanáil teanga mór amháin.

FC: Oh right.

FA: An bhfuil tusa ag déanamh go, cad é... cad é... go bhfuil leibhéil éagsúil ann dé chainteoirí ná...

FC: Oh, tá definitely.

FH: No, like, sílim go bhfuil sin ceart go leor, cos like, tá Gaoth Dobhair maith, tá Gaoth Dobhair maith ag Gaeilge fosta.

FC: Tá Gaoth Dobhair maith ach ansin tiocfaidh siad agus bhéarfaidh siad Anagaire isteach is Loch an Iúir...

FH: Oh aye Anagaire is Loch an Iúir.

FC: Thug sé sin síos muidne cuid mhór an t-am sin a bhí an Category A, B, C.

FA: Yeah...

FH: Yeah...

FA: Bhí muid buailte le Anagaire.

FC: Bhí muid buailte le Anagaire agus bhí mise a rá sin istigh sa rang le deireanas bhí achan duine ag gabháil, “no bhuel, cha dtig leat just an locht chur a Anagiare”. Cad chuige? Síleann daoine cad é a shíl muid.

FA: Agus cad é do bharúil, tá a fhios agat ag caint le daoine agus bíonn siad like “cár b as tú?” Agus deir tú “oh, Rann na Feirste” nó deir tú Dún na nGall” agus bíonn siad ag gabháil “ohhhh” agus ansin deir siad “Oh bhuel em, tá a fhios agam Gaoth Dobhair”.

FH: Bhuel deir siad i gcónaí go bhfuil Rann na Feirste taobh Gaoth Dobhair...

FA/3/4: Yeah.

FH: Deir siad sin i gcónaí má tá, agus tusa i Béal Feirste.

FA: But cad chuige do bharúil a bhfuil a fhios acu fá Gaoth Dobhair?

FC: Áit níos mó?

FA: But, like, I mean, an oiread stiúif ann as Rann na Feirste, na scríbhneoirí like, agus like, ní raibh scríbhneoir ar bith in Gaoth Dobhair, fear amháin acu, bhuel, cén t-ainm atá air?

FC: Aye, t-ainm atá air?

FH: Fiú Enya agus Clannad, an bhfuil sé sin Gaoth Dobhair?

FA/3/4: Yeah.

FD: But, just, tá a fhios ag achan nduine Gaoth Dobhair.

FC: Bhuel, football team Gaoth Dobhair fosta.

FH: Yeah, na aisteoirí Gaoth Dobhair....

FA: Níl... níl sin maith....

FD: [dothuigthe].

FH: Tá clú agus cáil orthu.

FC: Tá clú agus cáil orthu.

FA: Tá mé ag déanamh gur peil an rud is mó...

FC: Peil – I think an peil atá ann cos cuid mhór daoine a thugann thar ar scor ar bith bíonn siad istigh sa pheil...like..

FH: Tá an GAA an áit...

FC: Yeah.

FH: But níl daoine Naomh Muire. Cé a bhí ag caint liom le deireana', "Oh bhuel, cé or an bhfuil, cad é mar atá foireann peile Rann na Feirste ag fáil ar aghaidh?" And I was like "No, no, níl foireann peile againn - Naomh Muire. And they're like, cé hiad sin....?"

FC: See, like, níl Naomh Muire ach ag toiseacht ag gabháil mar is ceart anois...

FH: Thíos An Mhullach Dubh.

FC: Gaoth Dobhair ansin, bhain siad na mílte, bhuel not mílte but céadta rudaí. Tá Gaoth Dobhair or Naomh Muire ag toiseacht...

FA: Níor thosaigh Naomh Muire go dtí na hochtóidí...

FH: Bhain siad, agh, I dunno, haven't a clue [gáire].

FC: ....bhain siad a dhath ar bith!

FA: Em, ar aghaidh chuig an chéad cheann eile. Eh, ar mhaith libh a bheith i bhur gcónaí áit ar bith eile?

FH: Níor mhaith. Is glas na cnoic i bhfad uainn. [gáire].

FA: Bhuel, sin é.

FC: Sin a deirimse i gcónaí le mum, tá mé ag iarraidh mo páistí a thógáil anseo...

FD: Tá mise an dóigh céanna...

FC: She's like "Get out agus bog ar shiúl".

FD: Níor mhaith liomsa...

FH: An craic a bhí againne nuair a bhí muid óg bhí sé...

FD: But, theacht chun a' bhaile.

FC: I think is seo áit brilliant le daoine óg a thógáil...

FD: Yeah.

FC: Níl a dhath ar bith dainséarach thart... ach amháin an loch, ach tá a fhios ag achan nduine sin.

FD: The what?

FH: Loch Bríde.

FA: Agus cad é fá like, tá a fhios agat an dóigh a dúirt tusa agus tá a fhios agat go raibh tú a maíomh like, but ansin a theacht ar ais nuair atá siad níos sine. Like, tá brú linne imeacht, an bhfuil?

FD: Oh yeah, fá choinne obair.

FH: Tá yeah, tá achan nduine san Astráil anois. Bhí scaifte istigh ón Gearmáin againn inné, ag iarraidh orainn gabháil go dtí an Gearmáin le teagasc. I was like "oooooh". Níl a dhath ar bith anseo daoibh cad chuige nach rachadh muid?

FA: I know, díreach. But, like, níl a dhath really anseo.

FC: No.

FA: ‘is fiú dá mbeadh obair anseo, tá mise ag obair anseo, mothaímse, like, go bhfuil sé iontach doiligh like, cos níl aon nduine m’aois anseo. Agus, tá muidne just i measc daoine níos sine, agus níl sin really nádúrtha níl mé ag déanamh...

FC: Fá choinne aois s’againne, cos, éiríonn sean iontach gasta nuair atá daoine le bloody páistí achan lá. So anois tá mé ag amharc ar rudaí, cineál, iontach like...

FH: Tá achan duine óg thart anseo, tá muid uilig like, aois s’agamsa, ar an coláiste agus beidh muid ag [dothuigthe] agus ag imeacht like. [Ainmneacha daoine].

FC: Níl a dhath ar bith thart...

FA: Agus an bhfuil sibhse ag imeacht nuair atá na cúrsaí críochnaithe? Tá.

FH: Yeah.

FC: Tá mise críochnaithe anois ach tá mé ag iarraidh cúrsa a dhéanamh i mBéal Feirste ar tús – an ILBF. But níl ann ach áit... ocht áit.

FA: Agus an bhfuil tusa ag gabháil imeacht?

FH: Tá... agam nó b’fhéidir just an Astráil nó Ceanada nó áit éigin. Tá, definitely ag imeacht liom.

FA: Agus an bhfuil suim agatsa imeacht?

FD: Bhuel dá dtiocfadh liom oibriú áit ar bith eile, ní thig liom oibriú áit ar bith as an tír seo.

FA: Sin an rud...

FD: Bhal...

FA: Ba mhaith liomsa like... áit inteacht...

FH: An bhfuil tú ag iarraidh imeacht?

FA: Bhuel, níl mé ag iarraidh an tír a fhágáil nó, but tá mé ag iarraidh a bheith...

FH: Fiú fá choinne bliain?

FA: Tamall beag.

FD: Caithfidh tú i gcónaí theacht chun a' bhaile.

FA: Tá mé ag iarraidh, nuair atá mé, nuair, nuair atá mé ag taisteal tá mé ag iarraidh airgead a bheith agam is...

FD: Yeah, bheinnse an dóigh céanna. Ba mhaith liom imeacht taisteal ach níor mhaith liom oibriú...

FH: Fiú fá choinne bliain nó like dhá bhliain like...

FA: Sin gairid go leor nuair a smaoitíonn tú...

FH: Yeah. Tá sé like.

FD: Tá.

FC: But sure bhí muidne thall i Nua Eabhrac fríd an tSamraidh is...

FD: Shílfeá go raibh tú thall...

FC: Má amharcann.. ní raibh aon airgead agam fríd an rud uilig ar scor ar bith...

FH: Achan lá [ainm duine] “An bhfuil tú ag gabháil go dtí an banc an bhfuil tú ag gabháil go dtí an banc?” [gáire].

FC: [dothuigthe].

FA: Agus eh, like, an raibh cumha baile oraibh?

FH: Bhí, ag an deireadh...

FC: Ag an deireadh is...

FH [dothuigthe].

FC: No is cuimhin liom an job a bhí agam achan uile lá bhí mise... bhí ceithre job agamsa agus ní bhfuair mé díolta ach fá choinne ceann amháin acu.

[Gáire].

FA: Oh my god!

FC: Mise ag caoineadh achan lá – “Mum chaill mé an job sin”.

FA: Em, cad é eile anois? [FA ag cur ceiste].

FC: Cuidíonn is ní chuidíonn.

FH: Ní chuireann siad isteach nó amach ar an ceantar.

FD: Aye, muintir na Sé Chontae.

[gáire].

FA: Em, bhuel, bíonn siad...níl siad... ní bhíonn mórán daoine iontu.

FH: But sure, bíonn siad i gcónaí thíos fríd an tSamhradh agus tá a fhios agat, nuair atá na saoire...na saoranna banc, agamsa i Leo's tá sé gcónaí muintir na Sé Chontae a tabhrann an t-airgead uilig i Tábhairne Leo like, fríd an tSamhraidh like.

FD: Yeah but tá cuid mhór acu agus...

FH: Scaifte mhór acu...

FD: Fanann siad sna tithe agus ní théann siad amach is ní chaitheann siad airgead.

Bean1: Yeah sin é, téann siad go Seaview, go díreach go Seaview.

FH: Bhuel sin an dóigh atá muidne ní ólaimse sa teach leanna níos mó ar chor ar bith níl airgead ar bith agam.

FD: 'Sé an dóigh chéanna linne fosta.

FC: Tá ródhaor.

FD: Yeah, so ar dhóigh níl mórán maith ins an teach... Bhuel, tá, ach níl....

FH: Yeah but fiú tógáil na tithe, tá sin ag fáil postanna do daoine áitiúla thart anseo... tógáil tithe is ag cur painnt ar...

FD Níl sin ag tarlú níos mó.

FH: No ní raibh sé le tamall fada anseo.

FA: Agus like, thig leo gabháil síos Gaoth Dobhair go Teach Campbell ar whatever, €30 san oíche...



FH: An Cúirt nó rud ineacht.

FA: Níl sé daor...

FD: No.

FA: Anois níl siad ag tógáil tithe. [FA ag cur ceiste].

FH: Yeah, sílimse go bhfuil.

FC: Bhuel, cuidíonn na coláistí samhraidh.... Rinne Coláiste Bhríde Rann na Feirste like.

FA: Eh?

FC: Gan Coláiste Bhríde ní bheadh mórán sa pharóiste seo...

FD: Ní bheadh a dhath ag muintir na háite, na mná tí...

FH: Naw.

FA: Sin an sean-... airgead s'acu.

FH: Tuarastail s'acu fá choinne bliain.

FA: Agus na bus, bus Feda even.

FC: But tá sé sin le... Tógadh achan nduine ar an bhus.

FA: Thug sé síos go dtí an trá iad... ghníonn siad...

FD: Bheadh muid cailte gan iad.

FH: Agus fiú na tuismitheoirí, tá an t-uafás acu ag ithe amuigh agus na buidéalacha agus yeah.

FA: Fiú Leo's amháin...

FH: Yeah, ar an Domhnach. Fuath agamsa ar an Domhnach [gáire]. An dóigh a bíonn achan nduine like "cá bhfuil mo tuismitheoirí? Help".

FA: Agus em, an bhfuil meas ag na scoláirí ar an cheantar - níl.

FD: Ag caith a gcuid scrap....

FH: Ah well tá siad iontach...

FC: Tá sé...

FD: Tá sé ann le blianta...

FC: Tá sé ann le blianta. Sin rud a da cheart do mhuintir Rann na Feirste a dhéanamh fosta, lá don baile a ghlanadh.

FH: Yeah.

FA Tharlaigh sin am amháin – níor tháinig mórán amach. [gáire]. Even, chuaigh muid a fhad leis an charraig.

FH: Fiú thart anseo, yeah.

FC: Caithfidh, lá amháin a chaitheamh...

FH: Achan nduine yeah.

FC: Agus an loch sin a ghlanadh amach fosta.

FA: Tá glan anois, yeah.

[gáire].

FA: Fuair siad, rinne siad moll trucamais a thógáil...

FC: Oh I would say so.

FA: Tá dhá charr istigh sa loch sin.

FH: Dhá charr?

FA: Dhá charr istigh sa loch sin. [gáire]. Carr amháin, chuaigh sé isteach nuair a bhí sioc ann ar an loch, thiomáin siad carr agus thit sé isteach. Carr eile, tá mé ag déanamh gur [ainm duine], just seancarr a bhí i gceist, chuir sé isteach sa loch le réití a fháil de.

FH: ... sa chlaigeann, yeah.

FC: Sin an dóigh y'have to bheith, achan lá i Rann na Feirste.

FA: So tá mé ag déanamh go bhfuil meas ag na daoine níos sine...

FH: Sílimse go bhfuil...

FC: Tá meas ag na muintir níos sine.

FH: ‘Is fiú an coláiste is daoine a bhí i Rann na Feirste “Oh, Rann na Feirste is breá liomsa an áit sin”. Tá a fhios agat go bhfuil like meas acu air. Fiú ag amharc siar ar na laethanta a bhí siad anseo.

FA: Yeah agus bíonn siad i gcónaí ag iarraidh teacht ar ais.

FH: Yeah bíonn i gcónaí.

FC: Aye sin é, bíonn i gcónaí daoine ag teacht ar ais.

FA: Yeah, scoláirí, cuid acu más múinteoirí iad anois... yeah fá choinne cúpla la or whatever.

Mé féin ag caint, físeán ag dul.

FA: Seo an chéad rud nuair a chuireann tú Gweedore isteach in youtube.

FH: Né hé? Seo... Sin an stock-car track whatever ye call it.

FC: Ah wow!

FH: ‘bhfuil a fhios agat, ní fhaca mé an áit seo riamh, just stock car...

FA: Mhóthaigh mé fá dtaobh dó.

FC: Cá bhfuil sé?

FH: ... sa Screabán no?

FA: Tá mé ag déanamh go bhfuil sé trasna ón áit a bhfuil Martin Boyle’s.

FC: [dothuigthe]

FH: Bhuel caithfidh carr speisialta a bheith agat le “rolling cage” agus achan rud mar sin sílim.

FA: Sin... mídhleathach I’d sa but em...

[gáire].

FA: I'd say, just putting it out there, measaim go bhfuil.... Bhuel sin 2007...

FH: Tá na déagóirí go fóill ansin i 2012.

FA: Is dócha "Red-necks" a gcuirimid féin orthu.

FH: Aye na muineál dearga.

FC: Muineál dearg.

FA: Muineál dearg [gáire].

FH: Na muineáls.

FA: Em, mórán acu sin thart anois.

FC: Ah Gaoth Dobhair.

FC: Tá barraíocht – lán daofa.

FD: Thíos ag an Chemist even.

FA: I know, cad é atá leis sin? Agus fágann siad carranna s'acu agus imíonn siad uilig isteach sa...

FD: Aye, nó bíonn row carranna acu agus fuinneoga uilig thíos acu agus iad ag caint le chéile.

FC: ... fágfaidh siad má tá dhá charr ansin agus imeoidh siad isteach in carr amháin.

FD: Ag saveáil petrol.

FC: [Dothuigthe]

FH: But that's cool like, sin cool [gáire].

FC: [dothuigthe].

FA: Fadhb againn anseo i Rann na Feirste.

FD: Achan oíche hAoine bíonn achán nduine á dhéanamh – zúmáil.

FH: [gáire] Tá carr agatsa, tá carr agatsa, an carr agatsa [ainm duine], níl, right...

FC: But, ní bhíonn a dhath ar bith le fheiceáil ach an oiread like...

FD: But nó bíonn...

FH: Here, lá amháin bhí mo carr [dothuigthe] isteach, bhí an bean, [ainm duine] ó Seán Óg's go dtí Seaview agus bhí muid uilig ar na cannaí agus ag rith linn, an bhfuil a fhios agat an craic againn, agus thit [ainm duine] face first os comhar na carranna right [gáire] agus bhí siad ag flasháil agus ag beepáil.

[gáire].

FC: Níl sin deas though like.

FH: Níl sé.

FA: But cad chuige do bharúil a ndéanann siad sin?

FC: Cos níl a dhath ar bith le déanamh acu.

FH: Rud ar bith le déanamh. Cad é ata le déanamh? Mura bhfuil tú ag dul amach ag ól like, cad é eile, DVD night sa teach, sin é like.

FC: But, ní bhíonn siad á dhéanamh achan oíche Aoine, bíonn siad á déanamh achan uile oíche...

FD: Yeah I know, ghnímse sin i gcónaí, b'fhearr liom sin ná dul amach ag baint. Ní thig liom cé chomh gasta na carranna...

FA: Cad é fá na gardaí? Do bharúil, an bhfuil na gardaí ar chuir na gardaí stop le cuid acu?

FC: But like, oíche Shathairn nuair a bhíonn an Seaview thart bíonn na Gardaí istigh i Seaview nó taobh amuigh de Seaview.

FH: Bhuel ní bhíonn siad really [dothuigthe] just ina shuí like ag coimhead an craic, just an rud sin like.

FA: Sin é.

FD: Níl dochar ar bith leis.

FC: B'fhearr [ainm duine] é a dhéanamh.

FH: Sa Cavalier.

FA: Agus em, tá a fhios agat an dóigh, nuair atá daoine like, nuair atá cineál íomhá acu de Gaoth Dobhair ná an Gaeltacht or whatever, an bhfuil tusa ag déanamh go bhfuil sin ag gabháil leis an íomhá sin?

FH: Níl, nah. Nah ní shílim go bhfuil.

FD: Bhuel an rud sin like, na Rednecks sin just rud...

FH: Tá a fhios agat tú féin...

FD: Muintir Gaoth Dobhair nó muintir Dún na nGall, sin just...

FH: Smaoiníonn tú ar culchie nuair a smaoiníonn tú ar mhuintir an Gaeltacht cineál, like, mhuintir atá cool san am is rudaí mar sin de.

FC: But síleann siad like, even anois bíonn siad ag caint like, "Oh my god, like, an bhfuil fón póca agatsa..."

FA/4: Yeah [gáire].

FC: "No, níl".

FD: Sure thall in Meiriceá bhí col ceathrar s'agamsa "An bhfuil Facebook agat, an bhfuil a fhios agat cad é Facebook" And I was like "Oh my god, yes".

FC: But síleann though siad nach bhfuil a dhath ar bith agat, you're just like "Tá, tá na rudaí seo agam". Níl muid ina chónaí cosúil le... ina chónaí in bothach nó rud éigin.

FA: But síleann na lóistéirí sin fosta.

FC: Oh I know, tagann siad isteach "Oh my god you actually have a TV, you actually know what Sky is".

FA: Síleann siad fosta corrúair go bhfuil muid sna Sé Chontae. Bhí siad like "Oh were there any bombs here in the Troubles". Agus bhí mise cineál ag gabháil...

FC: Bhí mise ag caint le gasúr le deireanas bhí mise a rá “Ah I can’t want to get home blah blah blah”. And he was like, “Is that not a really long drive for you to go down beside Cork?”

FA: Agus ansin tá muintir Chorcaí ag déanamh go bhfuil muid sna Sé Chontae.

FC: I know like. Caithfidh nach bhfuil a fhios ag duine ar bith eile, like, nach foghlaim duine ar bith eile fá Éirinn ná muintir Dhún na nGall. Cos síleann, síleann siad go bhfuil muidne ina chónaí thíos taobh Corcaí.

FA: Google maps sin...

[FA ag cur ceiste].

FH: Cad é? Oh sa todhchaí?

FD: Ah cha n-athraíonn sé an oiread sin.

FC Yeah tá mé ag déanamh go maith anois leis an Áislann ann.

FH: Ní shílím go mbeidh mórán difear ann, just níos lú daoine óige.

FA: Do bharúil an mbeidh níos lú...?

FH: ‘bhfuil [ainm duine] still sa scoil sin, an bhfuil na uimhreacha still alright sa scoil?

FA: Tá, emm, ochtó nó rud inteacht.

FH: Bhí seasca nó rud inteacht nuair linne ar scoil...

FA: Yeah bhí sé i bhfad níos lú. Tá club óige ann anois agus d’éirigh sin but... Tá cineál...

FC: ... go háirithe i Rann na Feirste though, nuair a thosaigh muid...

FA: Cha dtiocfadh leo iad a chur isteach le Anagaire cos thosaigh an tumoideachas i Rann na Feirste, eh, agus níl sé in Anagaire, so cha dtig leat scoil le tumoideachas a mheascadh...

FH: Níl an tumoideachas in Anagaire?

FA: Níl. Níl sé in trí scoil i nDún nan Gall agus beirt i nGort a' Choirce áit inteacht, Machaire Rabhartaigh agus áit inteacht éile. So sin an chuige.

FC: Cha dtiocfadh leat sin a fháil...

FA: No cha dtiocfadh, agus em, cad é mé ag gabháil a rá. But, do bharúil anois, tá a fhios agat an dóigh a bíonn muidne a rá nach bhfuil obair ar bith thart, nó cibé cad é, agus d'fhág cuid mhór, y'know le tamall, an bhfuil sin, cá huair do bharúil a bheidh siad sin a theacht ar ais, nó, an dtiocfaidh siad ar ais?

FC: Tiofadh.

FH: Aye, déarfainnse go dtiocfaidh – tiofadh siad ar ais.

FD: Caithfidh tú teacht ar ais am ineacht. Caithfidh... Caithfidh ach an nduine theacht chun a 'bhaile am ineacht.

FC: Tiofadh siad ar ais like, but cá huair, sin an rud. I'd say nuair atá...

FH: Nuair atá an geilleagar i bhfad níos fear tiofadh ach an nduine ar ais.

FA: But do bharúil, an mbeidh muidne in ann cur leis an gheilleagar atá anseo? Like tá seo againn agus chosnaigh sé €1.5 millún. Seo, bhí an t-ádh orainn sin a fháil nuair a fuair muid é agus níl seo, an áit seo ag gabháil a bheith ann le fiche bliain eile in áit ar bith eile sa bloody tír.

FH: Yeah, déarfainnse gur fiche bliain a bheas ann nuair bheidh a dhath ar bith sa tír seo. Éireoidh níos measa ná níos fearr like.

FA: Fiche bliain eile...

FH: Beidh mise pósta le páistí...

FC: I'd say go bhfuil cuid mhór daoine iarraidh theacht ar ais go Rann na Feirste le páistí s'acu a thógáil so beidh cuid mhór...

FA: Just cad é atá ann nuair a thagann siad ar ais. But beidh le feiceáil is dóiche...

FC: Caithfidh muid just duine atá iontach saibhir a phósadh.

FH: Yeah.



FA: Sin é. Sin a bhfuil ann.

FD: Dochtúir a bhaint.

FA: Chomh furast sin. An bhfuil muid réidh le dul ar aghaidh go dtí an polaitíocht anois?

[FA ag cur ceiste, fiseán ag dul].

FA: Tá mé ag déanamh go bhfuil seo cineál out of date.

FH: Tá sí crua ort.

FA: Sin atá de dhíobháil ort.

FH: Brú.

[FA ag cur ceiste].

FD: Tuigeann, cuid den am.

FA: Cuid den am?

FC: Ní fheicimse an nuacht ná a dhath ar bith so níl a fhios agamsa a dhath ar bith atá ag gabháil ar aghaidh.

FA: But an bhfuil tusa ag déanamh... Bhuel an dóigh, Rialtas i mBaile Átha Cliath, sin mar a fheicimse é. Rialtas i mBaile Átha Cliath, níl siad ag déanamh go n-amharcann siad orainne...

FD: Nah, no...

FC: Ní fheiceann siad a dhath ar bith ach amháin Baile Cliath, cad é eile like...

FD: Sin é, an ceart ar fad agat.

FA: Agus an rud sin a foilsíodh ar na mallaibh, pleanáil, agus fuair Dún na nGall an pleanáil is measa, an contae is measa. Cad é an áit is fearr? South Dublin, like y'know, an áit a bhfuil na bodaigh is...

FD: Sin é.

FA: An áit a bhfuil an rialtas basically ina gcónaí.

FH: Cad é an cheist?

FA: Rialtas Bhaile Átha Cliath...

FC: An síleann siad go bhfuil siad ag amharc ar Dún na nGall?

FH: No. iad féin.

FD: Sin é.

FA: Is cuma leo.

FC Even na TDs abhus anseo I don't think go bhfuil siad sin ag déanamh...

FD: A fhad is a bhfuil a gcuid páighe acu.

FH: No níl no.

FA: But fiú like Pat the Joke...

FC: Sílimse Pat the Cope....

FH: An bhfuil a fhios agat na comharthaí sin “Vóta No”, cad é a bhfuil sin fá dtaobh de?

FA: The Fiscal Treaty.

FH: Yeah cad é sin?

[gáire].

FH: Bhí mise ar an bus abhaile inniu ag smaoitiú “cad é seo?”

FC: Beidh muintir Rann na Feirste uilig istigh...

FD: Sin é ach an nduine i Rann na Feirste – No!

FH: Níl a fhios againn cad é a bhfuil sé fá dtaobh de – No!

FA: Ach, dúirt siad le Lisbon “vote yes” agus bhí sé scare tactics. Muna vótálann sibh i bhfábhar Lisbon, níl postanna ag gabháil a bhith againn.

FC: Why? Níl postanna againn ar scor ar bith. But but sure nuair a vótáil muid fá choinne Lisburn ar tús agus tháinig sé amach “No”, agus ansin, chuir siad an dara vóta ann aríst.

FD: [gáire] Lisburn!

FA: Aye, agus dúirt achan ndune eile sa tír “aye ok”. Ach amháin Dún na nGall. Dún na nGall an t-aon chontae a rinne nó an dara huair.

FC: Ab é?

FA: Yeah. Achan nduine eile sa tír dúirt siad “emm...

FC: Caithfidh go bhfuil Dún na nGall... tá Dún na nGall in éadan an tír uilig...

FD: Tá muid ag iarraidh a bheith linn féin.

FA: But, tá mise ag déanamh go gcaithfidh muid a bheith linn féin.

FH: Just an paróiste seo Rann na Feirste.

FA: Cúpla jackhammer amach ar na bóithre...done!

FC: Bheadh muid i bhfad níos fearr.

FA: Bheadh muid i bhfad níos fearr. So bhuel, tá sé sin an cruinniú a bheas againn i ndiaidh...

FC: I ndiaidh seo – tosóidh muidne é.

FA: Tá mé ag déanamh gur bhuail muid leis seo [ag cur ceiste].

FH: Yeah bhuail muid leis seo cheana féin.

FA: Beidh orainne imeacht big time.

FA: Nuair a bhí an sneacht ann – an bhfaca muid gritter? No. An t-aon gritter a bhí ann chrasháil siad é. Damn ye!

FC: Sure bhí muid féin amuigh ag cur gainimh, ní raibh salann againn, gaineamh a bhí muid a cur.

FA: Gan leithéidí Feda ní bheadh na seandaoine...

FC: Oh b'éigean do Mum... b'éigean do Feda mum a phiocadh suas achan uile lá, í a thabhairt chuig achan teach, bhí cúig client aici an t-am seo, fanacht uirthi taobh amuigh. I dunno, bhí muidne glasáilte istigh sa teach fá choinne like dhá lá.

FA: Níor tháinig a dhath go Rann na Feirste, tá mise ag déanamh, cá háit, amuigh, cinn an bhealaigh?

FC: D'imigh roinnt isteach ansin.

FA: Níl maith ar bith ansin.

FC: .... An cuimhin leat an lá udaí a theacht abhaile ón scoil though?

FC: Yeah.

FH: An raibh tusa ar scoil an am sin?

FC: An raibhse ar scoil an am sin?

FA: No.

FC: Thosaigh sneachta is bhí achan duine ag gabháil “níl sibh ag gabháil”, i ndiaidh rang amháin bhí sneacht achan áit, ní raibh buses ná a dhath ar bith. Bhí siad like “caithfidh sibh siúl chun a’bhaile”, tá mé as Rann na Feirste.

FH: Shiúil muid chuig “Peppers” agus ansin tháinig [ainm duine] fánár gcoinne agus bhí tractors ag tarraingt cars... It was nuts.

FA: Sin millteanach like.

FA ag cur ceiste.

FH: Tá!

FA: Ah sibhse bocht. Nuair a bhí mise i nGaillimh shíl achan nduine go raibh bloody Dún na nGall sna Sé Chontae. nuair atá tú, nuair atá tusa... Oh, go háirid i mBaile Átha Cliath, cuireadh Nordie ormsa níl a fhios agam cá mhéad am. Ar an chéad oíche bhí mé bhí mé amuigh i Coppers dúirt duine éigin, “you can burn in hell ye Nordie, get back to the marches”.

FH: [gáire] Leatsa?

FC: Shíl tusa go raibh an Druma Mór ag toiseacht.

FA: Fuair mise cuid mhór cheek i mBaile Átha Cliath.

FC: But see even back sa choláiste it's like "oh you southerners".

FA: Aye sin é.

FC: Bhuel níl muid really.

FA: Ye Free-Stater.

FH: We're westies!

FC: Níl muid ábalta baint really.

FA: Agus ansin, muintir cúige Mumhan, like, níl clue acu – tá siad like "an bhfuil a dhath thuas ansin". Tá siad just clueless agus tá fuath acu, tá mise ag déanamh, ar mhuintir na Sé Chontae. Muintir na Mumhan, tá, y'know an fharraige...

FH: Níl an scoilt comh mór is a bhí sé idir na Sé Contae agus contaetha eile.

FA: Bhuel tá mé ag déanamh go bhfuil muidne cóngarach dó...

FD: Yeah, leanfaidh muidne é...

FA: Leanfaidh muid i ndiaidh but... Fiú nuair bhí mise ar an choláiste na mhuintir a bhí ina cónaí liom agus cineál, níor thuig siad...y'know, agus shíl siad go raibh Gerry Adams os cionn an DUP agus rudaí mar sin. Bhí a fhios acu go raibh na daoine sé... go raibh siad ann ach ní raibh clú acu... agus ní raibh a fhios acu a dhath a tharlaigh, y'know, cad chuige a raibh daoine...

FH: Sílim muidne abhus anseo i nDún na nGall like, bhí a fhios againn go raibh trioblóid ann, ach ansin nuair a chuaigh tú suas... Is cuimhin liomsa mo chéad bhliain ar an choláiste in Coleraine agus bhí tú like "oh my god". Ba ghnách liomsa gabháil amach agus nuair a chuir daoine ceist orm cá raibh mé as bhí mé like "Doire", "Cad é atá tú a dhéanamh ar an choláiste", "Béarla".

FH: ...cad é a chuireann isteach ormsa, see ag teacht chun an bhaile as Béal Feirste inniu agus, bhí like few Union Jacks, thart fá like ochtar acu ar taobh an bhealaigh mhór, agus like, chuir siad isteach ormsa – ní ceart dó. Cad chuige, cad chuige like,

leis an banríon iontu uilig. Agus chuir sin isteach ormsa go mór like, agus ní cheart dó.

FH: Cuireann siad isteach ort like.

FA: Poll d'áit [gáire]. Sin an áit arb as tusa, yeah? But yeah like, tá mé ag déanamh go bhfuil cuid mhór, tá a fhios agat san Irish Times agus anseo like, tá a fhios agat nuair a bhí Martin McGuinness ag réachtáil don Uachtarán, Áras an Uachtaráin, bhí siad ag like, bhí bean ar Primetime agus bhí sí like “what’s someone like you doing coming down here”?

FC: Why should you be able to run for Irish President when you’re from England or something?

FA: Agus sna páipéir uilig, bhí siad ag déanamh slad ar Martin McGuinness, but, like, y’know, bhí siad ag inse scéal like fá dtaobh den IRA agus cad é a tharlaigh but, y’know, ní raibh an taobh eile ar bith ann. Shílfeá go raibh an IRA just ag gabháil amach just ag bloody...

FC: Ní raibh taobh ar bith eile ann.

FH: Bhí mise ar turas thart ar Bhéal Feirste i Mí Feabhra, bhí gasúr thart as Glasgow, agus chuaigh muid thart agus bhí bean ag caint is “oh, bhomáil an IRA seo, bhomáil an IRA sin is mharaigh siad na mílte daoine” agus ní raibh a dhath ar bith faoin taobh eile. “bhí mise like, wha?” Just ar taobh amháin agus ag inse do like, busload de daoine like, “oh, the IRA, the IRA, the IRA” and I was like, “here, níl sin cothrom like”, níor inis siad dhá scéal.

FA: Yeah, tá dhá thaobh le achan scéal. [FA ag cur ceiste].

FC: Síleann siad nach bhfuil muid like, like, níl a fhios againn a dhath ar bith ar chor ar bith, agus ansin, an chuid is mó den am, tá a fhios againn níos mó ná iad féin. Síleann siad, it’s just nach bhfuil...

FH: Yeah síleann siad...

FH: Bhí muidne ag caint inniu, or sa carr chun an bhaile, bhí cara agam sa carr ag caint fá mhuintir Doire, like tá fuath agamsa ar mhuintir Doire, they just think, like síleann muintir Doire go...

FC: Ahh síleann siad go bhfuil a fhios acu achán rud...achán uile lá, achán lá tá siad istigh le fake eye-lashes agus heels, like, seo an choláiste, cad chuige a bhfuil

FD: Bíonn siad plasteráilte.

FH: Yeah bhí muidne ag caint inniu fá cineál, muintir an cathair fosta, tá siad just...

FD: 'Sea....

FH: Nil, see just Derry, I can't...

FA: An rud atá ann fosta, muintir na cathrach, nuair a deir tú "Is as an Ghaeltacht mé, bíonn siad cineál, like...

FH: Laddy-dah.

FA: Y'know like, y'know, labhairt Gaeilge stuff...

FC: Wow, you're so cool...

FH: haha.

FA: Cineál, crazy, crazy Donegal woman is what I get.

FH: Here, crazy ag gabháil, an bhfaca tú na páipéir?

FA: Cad é?

FH: Sa páipéar fán fear as Loch an Iúir?

FA: No.

FH: Just an fear sin as Loch an Iúir, agus stabáil sé...

FD: [Ainm duine]

FH: Bhí sin ar scoil linne. Tá pictiúr dó sa Donegal... ar internet.

FD: Cad é a bhí sé cosúil leis?

FA: Tá sé iontach iontach suaimhneach.

FH: Tá sé coimhthíoch, yeah.

FA: Ba ghnách linne labhairt leis, cos just like, ní raibh aon nduine ag labhairt leis. Bhí sé garbh fá dtaobh dó.

FD: Bus [ainm duine] mé féin is é féin ag troid lá amháin.

FC: Ohhh tá a fhios agam anois.

FD: Tá a fhios agam cad é a bhfuil sé cosúil leis anois. Thosaigh [ainm duine] ag troid leis oíche amháin istigh in taxi.

FH: Níor thosaigh mé é. Dúirt mé le [ainm duine] cé a bhí ann, agus bhí sé like, ah no [ainm duine], tá fadhbanna aige.

FD: Caithfidh mé admháil, but níl mórán cuimhne agam air.

FH: Bhuel tá pictiúr, tá pictiúr.... Yeah but [dothuigthe] and a punctured lung. Fuair sé amach ar bail fá choinne cúig céad euro.

FC: Oh my God.

FH: Psycho.

FA: See, sin, sin, cad chuige a bhfuil sé amuigh ar chor ar bith.

FH: Chan ar cúig céad euro.

FA: Ní bhfaighfeá Apple Mac leis sin.

FC: Agus an cúig céad euro go farast lé fháil, like.

FA ag cur ceiste.

FC: Tá muid breá cleachtaithe leis.

FA: Caithfidh muid labhairt fá dtaobh den fhíseán sin? An dtugann sibh tacaíocht d'fhoireanna an chontae?

FD: Oh tabhrann cinnte.

FH: Níl siad ag fáil ar aghaidh go maith, an bhfuil?

FA: Baineann siad i gcónaí nuair nach bhfuil tú ag dréim leis.



FD: Nuair a théann tú ní bhaineann siad.

FA: But sin nuair a cheart duit ag gabháil....

FC: ...bhí muidne thall Meiriceá agus tháinig [ainm duine], sin uncail s'againne chuig ceann ar bith de na rudaí, agus ansin, an oíche deireanach...

FH: Bhí sé like, no, fan sa teach....

FA: Ah sin an rud is meas...

FH: Do bharúil an mbeidh siad in Croker i mbliana?

FD: Oh ní bheidh, Íosa Críost.

FA: Ah Jesus...

FC: I dunno, I think thiocfadh...

FA Thiocfadh leo. [ag cur ceiste].

FH: Bíonn an pobal ag teacht le chéile.

FD: Am maith.

FC: Sure, an bhfuil cuimhne agat, cé a bhí ann? [ainm duine], fuair [ainm duine] phone call oíche, fear seo in Baile Átha Cliath. "Em, we have your friend here, he's fallen asleep in McDonald's". Bhí sé thíos i mBaile Átha Cliath leis féin. Thit sé ina chodladh in McDonald's is ní raibh siad ábalta é a mhúscail...

FA: Ah stop...

FC: Ah but sin, sin muintir Dún na nGall...

Gach duine: Muintir Dún na nGall.

FA: Ag titim ina chodladh i McDonald's.

Caint, daoine ag cur ceisteanna.

FC: Well nah, bhí sé maith anuraidh daofa.

FD: Aye just dúirt mé, níl mé ach ag magadh. Just dúirt mé é fá choinne comhrá a dhéanamh.

FA: Agus cad é do bharúil de Kevin Cassidy?

FH An bhfuil Kevin ar ais ar an fhoireann?

FA: Níl.

FH: Níl go fóill, do bharúil go mbeidh sé ar ais?

FA: Tá súil is agam nach mbeidh...

FH: Bhuel tá...

FD: Tá sé... tá ag éirí ró-aosta.

FH: Tá, tá sé ró-aosta.

FH: Ar imir sé i gcluicé Gaoth Dobhair?

FD: Ah, d'imir. Imreann sé do Gaoth Dobhar fosta.

FH: But ....acu sa Gaeltacht? Chonaic mé é ar...sa pháipéar.

FA: But yeah, beidh sé just ag imirt do Gaoth Dobhair.

FC: But I think ní cheart dó dul ar ais ach oiread, tá sé istigh leo, le Gaoth Dobhair like...

FH; But tá sé maith...

FC: Agus tá neart, tá neart acu...amharc ar an Ciarán Mc Fadden sin. Tá sin, eisean, nó Colm Mc Fadden ab ea?

FA: Tá mise ag déanamh go dtearn Jim Mc Guinness job maith.

Gach duine: Yeah.

FA ag cur ceiste.

FC: Because tógadh iad...

FD: Thall, sna Gorbals.

FA: Sin é.

FH: Yeah.

FD: 'Sea.

FH: Tá nasc mhór idir muid féin agus Albain, déarfainn sin an dóigh.

FD: Agus téann [ainm duine] anonn cúpla uair sa tseachtain.

FA: Bhuel tá mise ag déanamh go bhfuil níos mó ná sin....

FC: Ah I think go bhfuil...

FD: B'fhéidir dhá uair sa tseachtain.

FA: Bhuel, bhuel, níl mórán daoine ann ón áit seo anois i nGlasgow nó...

FC: But still tá baint againn...

FH: Tá fiú teaghlaigh anseo agus tá, thiocfadh le achan teaghlach like...

FA: Tá, ar an drochuair.

FH: Mo mháthair féin.

FA: But sin, y'know, an aoisghrúpa sin.

FC: Tá, I think gur stad sé an aoisghrúpa sin like. Cos, like, níl muidne le fheiceáil...

FH: Yeah but tháinig sin fríd, fríd achan glúin, an bhfuil a fhios agat, an dóigh sin?  
Fiú, fiú....agus máthair s'againn....

FA: Bhuel, do bharúil, an mbeidh daoine in deich mbliain ag tabhairt tacaíochta do  
New Zealand agus...

FH: Well, Aussie Rules.

FD: Bhuel, bhí i gcónaí daoine ag imeacht go Meiriceá agus go Austrailia.

FH: Chuig na Caisleáin Óir.

FD: Bheir siad sin tacaíocht do muintir na hÉireann, na boic a tógadh thall.

FA: Is dóiche Celtic foireann Caitliceach fosta.

FH: Here beidh an SPL leadránach anois anyway gan Rangers. Ní bheidh craic ar bith ag na Ceiltigh níos mó. It'll be boring.

FA: Sin cosúil le Star Wars gan Darth Vader.

FH: Bhuel beidh siad ar ais.

FC: Beidh siad.

FA: Beidh, beidh siad ar ais but...

FC: Tá tacaíocht ag Rangers fosta.

FA: Bhain siad a cupa cionn is gur, go bhfuil, y'know Rangers, nach bhfuil pighin ar bith acu. Ní hé baint atá ann.

FA ag cur ceiste.

FH: Bhuel, Rugby.

Ben 4: Tabhrann siad.

FH: Cricket. Tá foireann Éireann crick... Ní fhaca mé riamh foireann Éireannach cricket ach...

FA Chonaic mise cricket am amháin, thuas in Trinity. Ah stad.

FH: But, nach iad sin cluichí na Breataine.

FA: Bhuel, chuaigh Sasain, y'know, achan áit, so, chonaic siad cluichí áiteacha eile agus dúirt siad, ah, seo rud a thoisigh muidne. Níl a fhios agamsa cad é, go díreach is spóirt de chuid na Breataine, cos ghoid siad achan so is dóiche gur ghoid siad na spóirt.

FC: Bhuel bíonn daoine...

FH: Bhuel is maith liomsa Man Utd.

FD: Tabhrann achan nduine tacaíocht do foirne thall i Sasain, agus ansin tá Sasain ag tabhairt "oh blah blah blah"... Ní thuigim é.

FC: But, an cuid is mó de na himreoirí atá acu sa Premiership ar scor ar bith, níl siad, ní Sasanaigh iad.

FD: Tá a fhios agam, but foireann de chuid na Sasain atá ann.

FA: Yeah it's like Manchester is na... Tá sé cosúil le monopoly mór... Tá cuid mhór airgid ag an boc seo in bloody Saudi Arabia ar leis banc Man City or whatever agus bíonn seisean dishin' out the cash achan áit agus tig na muintir seo le chéile. So I dunno, ní hé really, ní é, daoine is.... I suppose, cuireann sé thart an an am dúinn...

FD: But níl tú ag déanamh...

FA: Bhuel cuireann sé fearg ormsa nuair atá an nuacht air agus an chéad rud a deir siad ná Oh Man Utd....", y'know, the headlines.

FH: Yeah spóirt atá ann in áit...

FA: Agus, even an raidió, deir siad sin ar an chéad rud.

FH: Cad é a sileann sibh do mhuintir na hÉireann agus muintir na Sé Chontae ag imirt le chéile le foireann rugbaí in Éirinn.

FC: Sure an bhfaca sibh na death threats a bhí an fear sin ag fáil. Bhí sé ag imirt do na Sé Chontae agus ansin chuaigh sé go hÉirinn anois agus fuair sé death threats and all that.

FD: ...na Sé Chontae agus tá sé ag imirt d'Éirinn anois.

FH: But, níl, tá an foireann amháin acu.

FD: Níl sa sacar.

FH: Tá mise ag caint fán Rugbaí. Níl sa sacar an bhfuil? Dhá foireann difriúil.

FC: agus an fear seo a bhí ag fáil death threats bhí sé ó foireann na sé chontae.

FH: Mhothaigh mé sin ar an nuacht.

FA: Tá me ag déanamh gur ceart duit... dóibh a bheith le chéile.

FH: Cad é a shíleann sibh den dhá amhrán náisiúnta?

FA: Ah no...

FH: Shoulder to shoulder, Ireland's call.

FD: Ah, no, ná even labhair liom fá dtaobh de seo... Cuireann sé fearg orm.  
Cuireann sé cuid mhór fearg orm.

FH: Kinda defeats the point.

FC: But tá amhrán againn – tá amhrán náisiúnta againn.

FH But ní hé sin ceann na Sé Chontae.

FD: Now you're talking...

FA: Nah, tá mé ag déanamh, em...

FC: Bhí go leor cheana féin fá dtaobh dá sin.

FA ag cur ceiste.

FA: Níl, ní ólaim féin chor ar bith.

FC: Aye, but like...

FH: Ólann siad.

FC Ólaimid, but....

FD: But sin just uair sa tseachtain...

FA: Yeah ólaim trí buidéal vodka but just lá amháin...

FH: But fiú don dochtúir tchíonn tú “cá mhéad unit a ólann tú sa lá”, or sa like, tseachtain, agus achan am like, níl tú ag gabháil rá, oh gloine fíona sin mé, agus thairis sin is alcoholic tú. Amaideach.

FD: But an rud atá ann just, go ....amuigh san oíche, ní ólann tú...

FC: But ólann...

FA But tá achan duine thart ort ólta agus ansin...

FC: Bíonn tú a' dhéanamh catch up like...

FH: Bíonn achan nduine ag brú isteach ort agus caithfidh tú ól... nó bíonn tú ag troid.

FA: Nuair nach bhfuil tú ólta istigh in club bíonn tú iontach feargach... bíonn tú like, oh achan nduine bloody assholes... Nuair atá tú ólta ní thugann tú fá deara é... But, níl a dhath ar bith eile really le déanamh.

FC: Sin é, níl a dhath ar bith, like mórán, le déanamh anseo ins an deireadh seachtaine, ach, a gabháil amach a dh'ól.

FA: But, I mean, barraíocht. Tá mise ag déanamh, b'fhéidir, go n-ólann daoine níos mó even le cúig bliana anuas.

FH: Yeah like, tá siad ag fáil an dole níl siad ag obair agus tá siad a gabháil, oh like, tá saol s'agam leadránach...like, níl an locht orthu sin like. Beidh tú ag gabháil amach an claigeann thíos sa teach i gcónaí gan a dhath ar bith.

FC: Fosta, tá daoine ag ól sa teach anois so níl siad ag fáil, measures mar is ceart, tá siad just...

FA: Agus, y'know, tá cineál desperation ann fosta, bíonn siad "caithfidh mé an fhíon seo a ól sula dtéim amach sa dóigh nach gcaithfidh mé airgead fosta...

FH: Yeah. Sin i gcónaí a bios agam'sa nuair a théim amach. Sin olc.

FA: Bíonn tú like, oh má chríochnaím seo,

FH: Beidh deoch amháin agam agus sin mé...

FA: ...beidh sin i do chlaigeann, sin an méid...but ansin téann tú go dtí an club agus bíonn tú...

FC: Shots! shots!

FH: Caitheann tú ceathracha euro ar an dóibh sin like...

FC: Ní thig leatsa gabháil amach agus gan airgead a chaitheamh...

FD: Oh níl, thiocfadh ól sa teach san oíche agus deoch amháin a bheith agat amuigh but still... má tá tú amach le caoga euro...

FC: ...bhí mise ag.... agus shíl me go raibh airgead agam agus i mo chuntas – Five cent!

FD: Bheinnse an dóigh céanna.

FH: Bhuel bhí bainis [ainm duine – gan ginideach] ann le deireanach ansin agus bhí muidne Tígh Leo's ag an coisir ina dhiaidh, agus bhí mhuintir as Tipperary istigh agus, muintir óga lie, agus chaith mise an oíche ar fad ag tabhairt Jager bombs daofa, like, no joke, déarfainn like go bhfuil dhá mhíle euro jager bombs di. Gasúr amháin right, bhí na pócaí mar seo like “here, here here” sin duit, agus lán airgead, agus dúirt sé “tá mé ag iarraidh méid jager bombs air sin”. So rinne mise cuntas, “here, sin ceathracha euro, an bhfuil a fhios agat sin”, he was like “aye, aye aye”, thug mise, níl a fhios agam seacht jager bombs dó right, “ahh domh cúigear eile”, thug sé amach an credit card, chaith sé seasca euro ar jager bomb ar round amháin. I was like, sin just round amháin. Seasca euro, fear amháin ar jager bombs. I was like, you crazy fool.

FA: Ah mental. But, an bhfaca sibh Dodge?

FH: Ah náire... Ah God bhí sin olc.

FA/3/4: Bhí.

FC: Bhí sé go holc. Bhí tú ag coimhead air? Agus bhí tú just like “oh my god”.

FD: I know bhí sé maith.

FA: Bhí sé maith.

FC: Ab é sin an dóigh an bhfuil muidne? Bhí sé maith like... Sin a bhí muid á rá – than God nach raibh mé amuigh

FD: Ah ní raibh mise ann an oíche sin.

FA: Bhí tusa istigh ann but ní raibh mise istigh ann.

FC: Ah yeah, but thank God nach raibh cos thosaigh muidne...

FH: Thiocfadh leo scannán a dhéanamh fán Dodge agus é a bheith maith agus é a chur an dodge chun cinn, an bhfuil a fhios agat an dóigh sin but see nuair a rinne siad



sin, an clár a rinne siad, bhí sé olc like, achan nduine ar na cannaí, daoine óga uilig a bhí ann, bhí sé just...

FA: But sin an rud atá ann, naíonra atá ann... Nuair a théann muidne síos bímse ag déanamh gur seanbhean at ionam. Cad é an aois atá tusa?

FH: Fiche.

FA: Fiche. Mise fiche 's a dó agus achan nduine eile bloody cúig bliana déag.

FH Caithfidh ceist fá ceadúnas tiomána... pógaint a dhéanamh. Show me your I.D.

FC: Chuaigh mise, [ainmneacha] síos go Dodge agus b'éigean dúinn fágáil.

FH: Aye ní raibh muid ag gabháil an oíche seo, deoch amháin tigh Leo's, ach síos fá choinne damhsa, shiúil muid isteach an doras, i ndiaidh fiche bomaite I was like, "ah I'm outa here". The bounce "ag gabháil chun an bhaile a ghirseacha?" I was like "yeah, crèche, oíche mhaith". Bhí mise ar buile. Íoc muid isteach...

FA: Tá sé náireach...

FC: Agus, an rud atá ann, tá na muintir óga uilig thíos staighre, agus na muintir i bhfad níos sine, do mháthair is d'athair thuas na staighre, so níl aon áit ar bit dúinne le gabháil like.

FH: Yeah, na staighre – halfway house.

FA: So, cén aois a bhí sibhse nuair a thosaigh sibh ag gabháil amach?

FD: Cúig déag.

FH: Yeah bhí mise sé déag.

FA: Sé déag.

FH: Bhínn....

FA: I know but, cad é eile a bhí muid a dhéanamh?

FC: Níor ól mise go dtí go raibh me ocht déag.

FD: Caithfidh iadsan fháil amach fosta.

FH: Caithfidh siad.

FA: But then, níor ól mise mórán ná thosaigh mé...

FH/FC/FD: No, nah

FA: Bhí fiche euro agam, go dteachaigh sé deich isteach i Seaview, cúig in tacsáí chun an bhaile, is cuma liom.

FC: Níor ól mise g dtí go raibh mé ocht déag like.

FD: Nah mise i gcónaí ar na cannaí.

FC: Bhí sí seo i gcónaí ar na cannaí agus [ainm duine] ag amharc i ndiaidh í.

FH: Bhí lá amháin ann agus bhí muid teach [ainm duine] agus bhí mise i gcónaí like “ah blah blah blah” ag foscail na fuinneoga i gcónaí, bhí muid seomra [ainm duine] le spray ag rith thart...

FC: Bhí sí ólta go fóill...

FH: ...bhí mouse...Mouse a bhí ann [gáire] ah jesus Christ.

FA ag cur ceiste.

FC: Bhuel fá choinne Rann na Feirste, like Seosamh agus Séamas, bhuel I think anyway, Seosamh agus Séamas Ó Grianna...

FH: John Ghráinne.

FA/3/4: John Ghráinne.

FC: John Gráinne was, sin mo mhiontráchtas. Achan rud a scríobh mé “ag mar a dúirt John Ghráinne, agus mar a dúirt John Ghráinne”.

FA: Padaí Tharlaí Phadaí – sé leabhar déag scríofa aige, agus tá sé ag obair ar leabhar eile.

FH: Seo fear i nGaoth Dobhair ...

FD: Sin coicís ó shin?

FC: Chuir mise glaoch ortu sin, agus caithfidh gur shíl siad gur mise, tusa a bhí ionam agus... bhí sé “oh [ainm] cad é mar atá tú”, bhí mise “is maith leat mise, níor labhair mé leatsa ariamh”.

FA: ...cos phoneáil sé mise agus dúirt sé “Cén [ainm]”.

FH: Agus ansin, chuir sé an méid rudaí chugam sa post.

FA: Ah no tá sé iontach...

FD: Rinne mise mo research project air sin...

FC: Bhí sé ag iarraidh a bheith as Rann na Feirste.

FA/2/3/4: Gáire.

FC: Tá meas mór ag na seandaoine ar an cardinal... ar an chardinal Ó Fiaich.

FA: Yeah cost á meas mór acu ar an Eaglais Chaitliceach...

FH: An Eaglais Caitliceach...

FA: Yeah suppose, I suppose gur ceann de patrúin de, a... Coláiste Bríde é.

FC: Patrún Rann na Feirste.

FA: But Lorcán Ó Muirí, like, rinne sé sin cuid mhór fosta.

FH: Agus Seán Mac Maoláin.

FC: Sean Mac Maoláin agus eisean a thug an choláiste go Rann na Feirste.

FA: Tá pictiúr de sin againne, an carr agus Mac Maoláin agus and that... Ó Muirí.

FC: Ah ní bhfuair mé sin ar chor ar bith...

FA: Bhuel sin, I'd say sin laochra s'againne cionn is na leabharthaí a scríobh sé, tá siad class, but fosta, tá an ainm sin ag Rann na Feirste mar gheall orthusan agus mar gheall ar Chlann 'ac Grianna agus an choláiste... agus cibé an obair rinne siadsan tá mórán...

FC: Like iadsan a thosaigh ag scríbhneoirí Rann na Feirste.

FH: Iadsan a chuir an síol yeah...

FA: ...go bhfuil daoine eile ann nach bhfuil a fhios agam fá dtaobh de, like Johnny Sheimísín agus iadsan agus daoine ag insint scéalta, do mháthair mhórsa is

## Gaeltacht Session 2

Mé féin ag caint.

FA: Ok. Ag cur ceiste. Físeán ag dul.

MC: Tá definitely, because...

[gáire].

MC: Tá, 'cause. Like, eh, cad é an freagra a thug mé? Tá, because, bhí daoine anseo fá choinne Gaeilge a fhoghlaim agus éiríonn...

FA: Bhal, cad é an contae nó cad é an paróiste. Is dóiche paróiste Anagaire atá muidne istigh ann.

MC: Bhuel tá mise i mo chónaí in Anagaire, ach bhí mé i mo chónaí abhus i Rann na Feirste, agus just, chuaigh...

FA: So, is maith leat é cionn is go mbíonn daoine ag teacht fá choinne Gaeilge a fhoghlaim agus go bhfuil cineál clú ar an áit mar gheall air? Cad é do bharúil féin, tá tusa i bparóiste eile [ainm duine].

MB: Arú, bheinn bródúil as rudaí cosúil le spórt agus rudaí mar sin, fríd an pharóiste, Gaeilge fosta, agus, bródúil as na daoine. Thiocfadh leat a rá, go dtarraingíonn siad le chéile le cuid mhór rudaí éagsúil a chur, a chur i gcóir. Bhfuil a fhios agat, dá mbeadh imeachtaí ná a dhath ar bith mar sin ag dul ar aghaidh ag teacht le chéile...

FA: Cineál, tá pobal láidir ann, ab ea?

Fear 2: Tá agus carthanacht iontach ann fosta...

MF: Bhuel, aontaímse le [ainm duine], go háirithe anseo i Rann na Feirste, pobal iontach, iontach beag, agus cuireann sé bród orm go bhfuil siad in ann rudaí a chur ar siúl, drámaí, ceoil, rudaí mar sin. Fá choinne áit iontach beag, tá sé, y'know, gan dabht, ar cheann de na áiteanna is fearr riamh.

FA: Yeah...

ME: Tá mé an-bhródúil as mo chontae agus mo cheantar féin, is áit, tá timpeallacht galánta thart agus tá an Ghaeilge fós beo láidir ann, agus mar a dúirt na lads fosta tá pobal an-láidir agus tiocfaidh gach duine le chéile chun rudaí a eagrú agus ...chun cuidiú...

FA: Agus cad é na rudaí a thaitníonn libh fán áit é féin? Like, cad é na rudaí is fearr leatsa as thart. Like, nuair atá tusa áiteacha eile, cuir an áit seo i gcomparáid le áiteacha eile, cad é na rudaí atá anseo, a thaitníonn leatsa, b'fhéidir nach bhfuil in áiteacha eile? Nuair atá tú ar shiúl, bíonn cumha baile ort, cad chuige? Cad é chonaíonn tú?

MC: Cronaímse, b'fhéidir, go dtig leat gabháil amach agus thig leat, like, cibé áit a dtéann tú, thig leat labhairt le daoine agus beidh... beidh fios agat ar achan nduine, agus tá achan nduine mór le chéile... Agus, jut, tá achan nduine, tá sé cineál...nuair atá dúil... like, tá achan nduine.

FA: Thig libh a bheith ag labhairt le chéile fosta, y'know. But yeah, tuigim atá tú a rá like...

Fear 2: Tá ceangal iontach idir na daoine like, agus tá...yeah.

FA: Cad é fá rudaí, macasamhail, like an dúlra agus rudaí mar sin. Like, an gcronaíonn sibh trá...?

Fear 2: Oh tá mise ag déanamh go bhfuil an áit seo absolutely galánta tá muid... tá muid ina cónaí ann. Like tá na, tá...

MF: Tá na tránna deas....

ME: Dea-suaimhneach, agus trup ar bith...

FA: So, b'fhearr leat a bheith anseo ná... Ar mhaith libh a bheith ag cónaí áit ar bith eile?

Fear 2: San Astráil, b'fhéidir.

FA: Bhal, cad chuige?

Fear 2: Ah go díreach, níl mórán, tá a fhios agat sa Geimhreadh go háirithe, bíonn sé iontach suaimhneach agus cionn is go bhfuil cuid mhór daoine ar shiúl ar imirce anois...

FA: Ní bhíonn mórán ag gabháil...

Fear 2: Ní bhíonn a dhath ag gabháil, i ndáiríre like,

MF: Nuair tá tú óg bíonn tú i gcónaí ag iarraidh gabháil ar shiúl go dtí cathair éigin, nó b'fhéidir thar lear fosta, ach, ag an am chéanna, tiocfaidh tú abhaile.

Fear 2: Ah tiocfaidh tú chun an bhaile in am inteacht.

FA: Yeah. Cad é do bharúil féin a [ainm duine], an mbeidh thusa ag iarraidh cónaí in áit ar bith eile, tá tusa i do chónaí i nGaoth Dobhair, an mbeifeá ag iarraidh cónaí i Rann na Feirste?

ME: Oh, cha dtiocfadh liom, cha dtiocfadh liom...

FA: Oh bhal bhí [ainm duine] a rá...

MC: Tá tusa ag dul amach le [ainm duine] ab ea?

ME: Tá.

MC: Sin an fáth nach maith leat Rann na Feirste...

ME: Cad chuige, an bhfuil sí ag bogadh go Gaoth Dobhair, an bhfuil?

FA Cha dtiocfadh liom a rá cad é a dúirt sí san agallamh aréir.

ME: Tá sin príobháideach an bhfuil?

FA ag cur ceiste.

MC Ní dóigh liom thart ar an ceantar seo but b'fhéidir amuigh faoi Fál Carrach is Dún Fionnachaidh... tá barraíocht ann.

Fear 2: Bhal fiú, tá, tá cuid mhór tithe Samhraidh i Rann na Feirste féin, tá a fhios agat amach an bealach ansin, bhal, Loch na nDeorán...

FA: Agus do bharúil an gcuidíonn siad leis an cheantar ar chor ar bith, nó ab ea just sa tSamhradh a beidh siad ag cuidiú linn?

Fear 2: Sin é go díreach. Nó, tá a fhios agat, deireadh seachtaine fada is rudaí mar sin bíonn daoine ag knockáil thart...

ME: Má bhíonn féiltí móra ná a dhath mar sin ann, bíonn cuid mhór daoine... Cuidíonn sé leis an... an bhfuil a fhios agat, leis na siopaí is tithe leanna is rudaí níos... tuilleadh airgead a dhéanamh.

MC Ní fheicim cad é cén dóigh a cuirfeadh sé isteach... Bhal b'fhéidir ar an áilleacht san áit, ach níl mórán i Loch na nDeorán ar scor ar bith

FA ag cur ceiste.

MC: Cuidíonn siad go measartha mór...ó thaobh airgead de...

Fear 2: Ó thaobh airgead, choinnigh sin Rann na Feirste ag gabháil ar feadh blianta blianta fada...

MC: Agus is iomaí teaghlach a thógadh ar an t-airgead sin a tugann siad isteach don cheantar.

Fear 2: Níl mé ag déan... níl an meas céanna ag na scoláirí ar an cheantar is a bhí, blianta ó shin, ach sin na daltaí níos óige ar scor ar bith.

ME: Seo [ainm duine] anois, tá sé iontach mall.

FA: Suigh síos, an cheist a bhí muid a phlé ansin.... Cad é do bharúil féin [ainm duine].

MF: Bhal, cuidíonn na Coláistí Samhraidh go hiontach mór because, cuireann siad clú agus cáil ar Rann na Feirste fosta.

FA: Agus fosta, is dóiche, bhí an caife, bhí do mháthair ag reáchtáil an caife ansin.

Fear 2: Aye sin buntáiste mhór fosta, like, even, na postanna a cuireann sin ar fáil do daoine eile agus do mo mháthair fosta.

FA: Agus ní bhíonn siopa ar bith in Rann na Feirste ach amháin nuair atá na lóistéirí anseo.



Fear 2: Sin fíor.

FA: Agus, do bharúil, an bhfuil meas ag na scoláirí níos sine ar an cheantar?

B'fhéidir na muintir a...

Fear 2: Nuair atá tú óg fosta ní bhíonn an oiread ciall agat...

MA: An bhfuil seo beo anois?

FA: Ar Raidió na Gaeltachta.

MA: Níl mé ag gabháil a rá a dhath...mé ag caint shit. Right, alright.

FA: So an bhfuil a dhath agat'sa a [ainm duine]. Cad e do bharúil? An gcuidíonn na Coláistí Samhraidh leis an cheantar seo? Cad é an dóigh a shíleann tusa a gcuidíonn siad leis an cheantar?

MC: Bhal, cinnte go gcuidíonn. Ní bheadh muidne ina shuí anseo inniu ach ab ea na Coláistí Samhraidh. Sin an chuige, sin an chuige a bhfuil an Ghaeilge ar an bhaile seo, mar gheall ar scoláirí Gaeilge. Agus b'iad sin a choinnigh Gaeilge beo ar an bhaile ag tabhairt daoine le Gaeilge go Rann na Feirste agus sin an fáth a bhfuil a leithéidse ar an bhaile ó cheann ceann na tíre. Is cuma cén áit sa tír a théann tú, buaileann tú le duine inteacht raibh, nó a bhí i Rann na Feirste, so... Is cinnte go raibh, go bhfuil tábhacht fós le Coláiste Bhríde.

FA: Cad é atá i ndán don cheantar? Cad é an todhchaí atá ag an cheantar? Cad é a bheas sa cheantar amach anseo? Cad é bhur mbarúil?

Fear 2: Sin ceist iontach doiligh.

FA: I deich bliain eile, cad é an cineál athruithe a bhfuil tusa, sibhse ag déanamh a bheas sa cheantar?

ME: Tá sé doiligh...

FA: Doiligh a rá...

MA: Inis an fhírinne...

FA: Cad chuige a bhfuil sé doiligh?

Fear 2: Mar gheall, b'fhéidir go n-imeoidh achan nduine. An t-aos óg ar scor ar bith. Agus, b'fhéidir go gcailltear...go gcaillfear glúin iomlán mar gheall ar...

MA: Inniu mar shampla, bhí tusa ag quartú gasúraí óg le labhairt inniu, agus arís, cad é an aois, idir ocht mbliana déag agus fiche ceathair, cá mhéad duine a fuair tú sa bhaile?

Fear 2: Cúlú eacnamaíochta.

FA: I know. Bhí sé doiligh...

MA: Tá achan nduine ar shiúl anois mar gheall ar an cúlú eacnamaíochta, agus sin an rud a tharlófas, tá rudaí ag éirí níos measa in áit a bheith ag iarraidh níos fearr...so, tá inniu just mar sampla.

FA: An bhfuil tú ag déanamh...

MF: In deich bliana sílim go dtiocfaidh feabhas agus b'fhéidir go mbeidh daoine ag teacht abhaile ag an pointe sin mar a bhog siad ó Sasain agus ó Albain abhaile nuair a tháinig feabhas ar rudaí sa... bhí an airgead le déanamh.

FA: Agus cad é fán teanga? Cad é do bharúil? An mbeidh Rann na Feirste ina Gaeltacht láidir at all?

MF: Oh beidh, cinnte. Bhí an t-ádh orainn an áit seo a fháil tógáilte. Em, nuair a fuair muid, de réir a chéile, áit mar seo, seans, áit ar dóigh é, tá a fhios agat, len t-aos óg uilig a theacht le cheile agus drámaí is ceol a chur ar siúl agus an Ghaeilge a choinneáil beo.

MA: Agus tá mise ag rá go mbeidh Rann na Feirste, go mbeidh tionchar mór ag Rann na Feirste ar fás an Ghaeilge, má, má tharlaíonn sé. Agus, má tá an Ghaeilge le bheith níos láidre beidh tionchr mór ag Rann na Feirste agus ag an choláiste.

Bean 2: So an bhfuil tú ag déanamh, go mb'fhéidir go mbeidh sé mar shampla ceantracha eile ní rud inteacht mar sin?

MA: Tá.

FA ag cur ceiste.

FA: Tá a fhios agat nuair a théann tú Gaoth Dobhair, agus, bhal, seo sampla, agus bíonn y'know, daoine, síleann siad, "ah yeah Gaoth Dobhair", smaointíonn siad ar Altan nó smaointíonn siad ar Clannad agus na rudaí sin uilig, ach nuair a théann tú go Gaoth Dobhair ansin, tá cuid mhór just, carranna ag dul suas is anuas an bealach agus tá níos mó den chultúr sin ann ná b'fhéidir, cultúr ceoil, agus cad é fán, i Rann na Feirste? Do bharúil an bhfuil an chultúr go láidir nó an bhfuil muidne ag mairstean ar ainm? Y'know, an bhfuil sibhse ag déanamh go bhfuil an pobal gníomhach agus go bhfuil siad sásta seasamh agus troid ar son rudaí agus...?

Fear 2: Tá mise ag déanamh go bhfuil siad i bhfad níos mó gníomhaí anois ná mar a bhí siad, cúpla bliain ó shin.

MA: B'fhéidir, le cúig bliain tháinig borradh mór ar an chultúr ar an bhaile seo, mar gheall ar an chlub óige...

Fear 2: Mar gheall ar na páistí agus tháinig na... tháinig na tuismitheoirí isteach air ansin.

MA: Tá achan nduine ag bogadh, roimhe sin ní raibh achan nduine ag bogadh sa treo amháin, agus anois tá achan nduine ag bogadh sa treo amháin mar gheall ar an chlub óige agus daoine áirithe cosúil le uncail Sheán Beag ansin atá ag déanamh obair mhór ar son an cheoil sa bhaile. Agus em, tchíonn tú [dothuigthe] coicís ó shin san Áislann agus tháinig scaifte de mhuintir óg uilig le chéile. Bhí siad ábalta amhrán a cheol, an fhidil a sheinm. Ní raibh duine ar bith ar an bhaile seo in ann an fhidil a sheinm le fiche bliain, go dtí... sin an chéad duine ariamh a chonaic mise ná a chonaic duine ar bith ag seinm an fhidil ar an bhaile seo. So tá sé le feiceáil go bhfuil borradh...

Fear 2: Feabhas iontach.

MA: Yeah feabhas iontach.

FA: Agus cad é do bharúil féin a [ainm duine].

ME: Fá Rann na Feirste ná Gaoth Dobhair?

FA: Fán bheirt?

ME: Tá athrú mó tagtha, an bhfuil a fhios agat, le cúpla bliain anuas, fiú amháin an Crann Óg ansin i nGaoth Dobhair. Tá cuid mhór, em, cuid mhór Craobh Uladh agus craobh na hÉireann bainte acu ins na Fleadh Ceoil agus rudaí mar sin de. Agus eh, just i dtaca le páistí tá feabhas mhillteanach ag teacht ar a chuid Gaeilge. Níl an saibhreas ann níos mó ach tá feabhas ag teacht.

Fear 2: Bhí sé i gcónaí, b'fhéidir i nGaoth Dobhair, cineál de caoga/caoga...

MA: Tá níos mó suim acu sa teanga anois...

FA: Aye sin é. But is dóiche fosta, níl n oiread sin airgid ann le bheith ag ceannact carr agus níl mise ag déanamh go bhfuil sin, go, b'fhéidir go bhfuil sin, nach bhfuil an oiread ann níos mó.

MA: Tá daoine ag pilleadh ar an dúchas an rud a bhí [ainm duine] ag gabháil a rá ansin, mar gheall ar chúrsaí airgead agus níos mó bróid orthu anois as an teanga nuair a tchí siad na rudaí atá ag tarlú ar tír.

Fear 2: Agus feiceann tú anois daoine, b'fhéidir nach bhfuil post acu, ag pilleadh chun an Choláiste agus ag déanamh céimeanna i nGaeilge. Sa cheantar seo go háirithe, tá achan nduine ar an choláiste in Anagaire like...

FA: Sin é, sin cineál ag gabháil ar ais chuig rud nach dtig, nach dtig leis a bheith acu sa... [dothuigthe].

FA ag cur ceiste.

MC: Ní thuigeann...

Fear 2: [Gáire] ná tosaigh!

FA: No like do bharúil, tá a fhios agat an Rialtas i mBaile Átha Cliath, do bharúil, ab é Rialtas Bhaile Átha Cliath atá ann nó ab é rialtas na tíre atá ann?

MF: Rialtas Baile Átha Cliath...

ME: Agus cathracha móra b'fhéidir...

MA: Tá scoilt... abhus i nDáil Éireann nó abhus i mBaile Átha Cliath, tá léarscáil difriúil acu sin den tír ná mar atá againne....

MF: [gáire] tá muidne sna Sé Chontae.

FA: tá muidne sna Sé Chontae.

MA: Tá muidne, eh, tá muidne amuigh linn féin. But ní amháin sa Sé Chontae, ar a laghad sa Sé Chontae tá, rialtas acu atá gníomhach agus atá ag déanamh rudaí daofa, ó thaobh na Gaeilge de. I bhfad níos mó ná mar atá bhal... Líofa agus rudaí mar sin.

FA: Tá bhal, tá said gníomhach.

MA: Tá siad gníomhach. Tá siad ag déanamh obair ar son...

MF: Tá siad ag déanamh, agus, an bealach...[dothuigthe].

ME: Tá muidne ag fanacht le phl... plean fiche bliain le cad é...?

MF: [gáire] le fiche bliain.

FA: agus ansin scrapáileann siad é.

ME: Agus nuair a tháinig ceann amach ansin agus... cha dtig leat a rá gur plean a bhí ann.

MA: Chuir siad rud le chéile ansin...chuir siad... tá cúig bliain ó shin, agus chuir siad an baile is Gaelaí in Éirinn isteach gCategory B. Ní raibh clue... sin daoine a bhfuil, a bhfuil thuas in oifig...

MF: Nach raibh riamh i nDún na nGall...

MA: Just TD duine in oifig i mBaile Átha Cliath le peann agus páipéar ag fáil airgead ar a shon...

[gáire].

FA: Daoine as...i nGaillimh a rinne sin. Chuir mise ceist ar fear amháin acu “an raibh tú riamh. Like an bhfuil a fhios agat’sa cad é Rann na Feirste...?” “Oh, bhí mé ann, am amháin”. Am amháin? Bhí mise in bloody Portugal am amháin....

[gáire].

MA: Sin an rud a tharlaigh, daoine a fuair postanna in oifigí agus ní raibh clue acu cad é a bhí siad a scríobh fá dtaobh de... ara, cuireann sin fearg orm.

FA: Agus cad é fá... fán rud sin a foilsíodh ar na mallaibh... an pleanáil... an contae is measa ó thaobh pleanála de – Dún na nGall, agus an ceann is fearr, ná South Dublin. Sin an áit a bhfuil, basically, muintir an rialtais ina chónaí. Cad é bhur mbarúil de sin like? Fiú sin, agus achan referendum a bios ag gabháil, vótálann Dún nan Gall in éadan. Cad chuige do bharúil, sin?

MF: Beidh siad ag amharc i ndiaidh a cuid féin.

MC: Cinnte go mbeidh no vote láidir i nDún na nGall...

FA: Beidh...

MC: sa chéad referendum seo ag deireadh na mí...

FA: But níl iontas ar bith an bhfuil...

MF: Níl...

FA: Cos, ní ghníonn siad a dhath dúinne...

Fear 2: Ní fiú na rudaí maith, ó thaobh airgead de, ní bhfuair muid tada i gcomparáid le áiteanna eile.

FA: Agus, right. Tá scoilt sa tír seo, muintir na... Cad é fá muintir na tuaithe vs. muintir na cathrach. O bharúil an bhfuil scoilt ansin? Cad é a shíleann muintir na cathrach daoibhse, macasamhail, nuair a chuaigh sibhse chun na coláiste i nGaillimh is i mBaile Áth Cliath agus rudaí mar sin, an mbíonn sibh...

ME: Chuir siad ceist orainn an raibh Sterling againn?

[gáire].

MA: Chuir bean ceist ormsa maidin inniu, bhí sí abhus as Gaillimh agus chuir sí ceist orm “Are you from Britain?” Sin an rud a dúirt sí liom, mar gheall ar gur shíl sí gur sa Tuaisceart a bhí...

Fear 2: Tharlaigh sin domhsa i nGaillimh uair amháin fosta, bean as Corcaigh...

FA: Ah, Corcaigh....

Fear 2: Tá siad just, tá siad ar planet eile. Dúirt...dúirt sí “Ah Northern Ireland”. No well it’s, tá sé, tá sé sa Tuaisceart, níl sé...Ah.

FA: Em, sin an just, I know, tá siad cat. An mbeidh oraibh imeacht as an áit seo ar lorg oibre? Dá n-imeodh sibh, an dtiocfadh sibh ar aist?

MC: Is dóiche go mbeidh, ormsa ar scor ar bith. Níl mórán... an oiread seo anois, fiú daoibh ag iarraidh teagasc nó i dtaobh [dothuigthe]. Sílim, na cathracha, nó thar lear, beidh orainn uilig a gabháil, b’fhéidir.

FA: Cá háit, do bharúil, a rachfá thar lear?

MC: Bhal see, tá mise, rinne mise céim sa Gaeilge is ansin Máistreacht, is ansin rinne mé cumarsáid leis an Gaeilge so tá mise ag brath ar an Gaeilge, so, beidh mise ag fanacht sa tír seo. agus beidh orm, b’fhéidir, tá borradh mór i mBéal Feirste, so b’fhéidir sin an áit a bheidh mise ag gabháil, is níl sé i bhfad ar shiúl so beidh mé ag teacht abhaile.

FA: Cad é do bharúil féin?

MA: Em, cinnte. Braitheann sé ar an post nó an suim atá agat ann. Má tá, cosúil le [ainm duine] ansin, tá mo shaol caite agamsa ag déanamh staidéar ar an Ghaeilge agus tá suim mhór agam i gcúrsaí Gaelach, agus cúrsaí Gaeilge, so, ní fiú domsa imeacht anonn ‘na Spáinne a fhoghlaim... ag cuartú post le Gaeilge. Caithfidh mé fanacht.

FA Like, is mó rudaí atá ann i Meiriceá.

MA: Yeah, tá, tá cinnte.

MC: Agus Ceanada...

ME: Ceanada...

FA: But, agus sibh ag déanamh go bpillfeadh sibh ar ais arís.

Fear 2 Tá seans i bhfad níos fearr agat post a bheith... eh, sa Tuaisceart. Ná, ná tá...

MC: Má tá siad ag fáil [dothuigthe] ó thaobh airgead.

Fear 2: Tut tut.

FA: Tá a fhios agam cad é atá tú a mhaíomh ansin a Sheáin.

Fear 2: An páirt seo den tír...

FA: Sna Sé Chontae is sna Sé Chontae is Fiche. Cad é do bharúil féin a [ainm duine]. An bhfuil tusa ag déanamh go mbeidh ort imeacht fá choinne obair a fháil, nó, an bhfuil tú cineál ag déanamh...

MF: Bhuel tá mise ag obair mar... bhuel tá mé cáilithe anois mar ceamaradóir is mar eagarthóir. Tá, buntáiste le Gaeilge a bheith agat má tá tú eagarthóir mar tá cuid mhór daoine ag cur fá choinne, tá buntáiste ag gabháil don Gaeilge, mar go bhfuil leithéid TG4 ag cur fá choinne eagarthóirí bhfuil líofa sa Ghaeilge. Ach, ag an am chéanna, níl cuid mhór postanna ag gabháil cibé.

FA: Agus cá bhfuil tusa ag obair an bhfuil sé sna Sé Chontae is Ficead ná sna Sé Chontae?

MF: Bhal bhí mé thuas, tá mé still ag lorg post ach bhí mé thuas san Sé Chontae in Newry ansin ag obair ar feadh seachtain agus is é Gaeilge, clár Gaelach a bhí ann do TG4, ach em...

MA: Bhal, tá an Gaeilge i gcónaí ina bhuntáiste cibé áit a théann tú sa tír. Má tá Gaeilge agat beidh tú ag seasamh amach os cionn daoine eile ná mura... gan phioc an Gaeilge. Tá sé ina bhuntáiste.

MF: Bhal, yeah.

FA: Right, an chéad cheann eile, saol. An dtugann sibh tacaíocht d'fhoireann an contae? Cad chuige a bhfuil sé tábhachtach, an maith libh Jim Mc Guinness?

ME: Tá sé seo ag cuartú tactics, an bhfuil?

[gáire].

[Dothuigthe]

FA: em, bhal, an dtugann sibh tacaíocht don fhoireann?

Gach duine: Tabharim/ sea/ cinnte.

FA: Cad chuige, cad chuige a bhfuil sé tábhachtach?



MC: Tá achan nduine bródúil as a chontae féin, agus an foireann agus achan rud a thagann as, an peil ina measc. Agus bíonn achan nduine - dothuigthe –

FA: agus bíonn cineál buzz ann.

MA Bhal chonaic tú, chonaic tú anuraidh nuair a bhí Tír Chonaill ag gabháil go maith, bhí an tír, tá an tír ar a cuid glúine san am atá i láthair agus bhí, bhí achan nduine ag gabháil thart agus ní raibh siad sásta nó ní raibh craic ar bith nó spioráid ar bith sa cheantar, ach anuraidh i rith an tSamhraidh nuair a bhí Tír Chonaill ag gabháil go maith bhí leath an chontae ag gabháil go Baile Átha Cliath agus ní raibh iomrá ar bith air.

FA: Samhlaigh cad é a tharlófas dá mbainfeadh muid i mbliana, ní bheadh, bheadh achan nduine ar shiúl ar feadh deich mbliana.

ME: Seisiún ar feadh míosa.

Fear 2: ...a rinne sé an oíche sin.

MA: Má tá... so tá duine ar bith sásta, tá a fhios acu, d'fhoireann atá a baint...

ME: Thógann sé do chroí go minic, an bhfuil a fhios agat?

MA: Cothaíonn sé spiorad san áit is sa chontae.

FA: Agus cad é fá Jim Mc Guinness?

Gáire.

MF: Fear breá.

MA: Ní shíleann muintir Gaoth Dobhair gur fear breá atá ann but...

MB: Ba mhaith liom mo thacaíocht a thabhairt dó, an bhfuil a fhios agat, tá sé ag déanamh a dhíchill, ach, ní dhearna sé an cinneadh ceart le Cassidy a ligint saor ón em, ón foireann.

FA: Cad chuige?

Gáire.

ME: Bhal cad chuige ar ligeadh saor é? Cionn is gur scríobh sé giota in leabhar?

MA: He copied it!

FA: But an bhfuil tusa ag déanamh gur sin an t-aon rud a rinne Kevin Cassidy? Tá aithne agatsa ar na Cassidys.

MB: Tá aithne mhaith agam air...

FA: An bhfuil tusa ag déanamh gur scríobh... ní fear pinn é. An bhfuil tú ag déanamh, an dtearn sé an rud ceart nó ar fhéad...

MB: Bhal dúradh gur ligeadh Cassidy saor cionn is an rud a scríobh sé sa leabhar, gur thug sé ar shiúl leideanna a bhí ag Contae Dhún na nGall i dtaca le traenáil is rudaí mar sin. Ach má léann tú an leabhar, níor thug. Duine ar bith a bíonn ina sheasamh ar an taobhlíne, má éistean tú le, fiú amháin, na boic a bíonn ag déanamh tráchtas ar an chluiche, in aon chluiche, bhí a fhios acu an cineál traenáil a bhí acu, seo an cluiche in éadan Cill Dara anuraidh. Bhí a fhios acu an cineál traenáil a bhí acu agus go raibh siad ag cur isteach, b'fhéidir, trí uair a chloig or rudaí mar sin de, sin an rud a scríobh Cassidy sa leabhar agus...

MA: Sílim go bhfuil sin debatable.

MF: Sure bhí Brolly ábalta sin a ráit...

ME: Sin an rud a dúirt Brolly like...

MA: But cad é fán...? D'inis sé cuid mhór rudaí daofa nár cheart a insint....

ME: D'inis, d'inis Brolly [dothuigthe] ar RTÉ lá amháin so...

MA: D'inis fán phone hi, gur baineadh na guthanna póca uilig daofa agus....

ME: Sure tarlaíonn sin in achán....

MA: Sin rudaí príobháideach nár cheart dó a bheith...

ME: Níl sé príobháideach, tarlaíonn sin in gach seomra feistis...

MA: No, an rud a tharlaigh, bhí beirt acu contráilte. Labhair Cassidy amach nuair nár ceart dó labhairt amach ach rinne Jim McGuinness amadán do Cassidy ag dul go dtí na meáin ag inse don tír mhór fán rud a bhí déanta aige...dá...dá ndéanfadh sé ar

chúl, doras druidte, é a shocrú agus Cassidy a bheith ar ais ag traenáil i mbliana ní bheadh a fhios ag aon nduine cad é a bhí ad dul ar aghaidh... d'fhéadfá a bheith...

ME: Thig leat sin a dhéanamh do leithéidí Tom, nó cad é an t-ainm atá air, John Terry agus iad sin, ach níl Cassidy, níl sé....

MA: Níl Cassidy ag fáil díolta ar shon a bheith ag imirt peil, tá seisean ag déanamh ar mhaith don chontae is don a áit dhúchais féin.

MF: Ní raibh sé, níor scríobh sé sin nó cibé rud a rinne é le dochar a dhéanamh don fhoireann, an bhfuil a fhios agat?

MA: Just, bhí an bheirt acu contráilte. D'fhéadfá Cassidy...má bhí sé ag iarraidh sin a scríobh bhí cead aige é a scríobh ach d'fhéadfá Jim McGuinness labhairt leo agus gan beag a dhéanamh dó ná tharraingt fríd na páipéir agus na meáin cumarsáide...

FA: Cad é fá sacar, an maith libh sacar?

MC Cad é fá dtaobh dó?

FA: Sacar... agus cad chuige a bhfuil daoine thart anseo comh gaibhte le Celtic, is dócha? Cad chuige do bharúil a bhfuil ceangal láidir idir...

MF: Tá Celtic cosúil le Tír Chonaill anois, ag titim as a chéile....

ME: Tá sé cosúil le daoine a d'imigh thar lear a blianta fada ó shin, Celtic an foireann a bhí acu. Celtic a... Ghní siad ionadaíocht do mhuintir na hÉireann agus sin an fáth is mó ar lean siad Celtic agus leanann muidne Celtic anois...

MF: ...Tuismitheoirí agus...

MA Bhí i gcónaí ceangal idir taobh seo tíre is Albain so sin an chuige a lean sé ar aghaidh fríd na blianta.

FA: Sin mar gheall ar an imirce ach do bharúil an chéad ghlúin eile anois, an mbeidh an rud céanna ann?

ME: Fiú amháin glúin s'againn níl an suim céanna ann...

MA: Níl an suim céanna ann...

ME: Ah níl ar chor ar bith... Like mo chuid cairde féin bheadh níos mó béim acu ar, b'fhéidir, Man United ná ceann acu sin...

MA: Rud amháin a chuireann fearg ormsa ní maith, ní maith liomsa an dóigh a deireann daoine “If you don't follow Celtic...” gur just na – Síleann siad gur Éireannaigh atá iontu cionn is go bhfuil daoine...

[Gáire].

MA: An rud a chuireann fearg ormsa...

ME: Bhí mé ag fanacht leis sin...

FA: Agus em... Ar cheart d'Éireannaigh tacaíocht do spórt de chuid na Breataine... Can't follow Celtic, sin spórt de chuid na Breataine technically... but, Cad é fán chuid eile?

MA: Is é.

MF: Is é.

Fear 2 Bhal ní thig leat a rá níl cead agat tacaíocht a thabhairt dó ach...

FA: But ar cheart, do bharúil?

ME: Sin an rud a tharla blianta fada ó shin, d'athraigh cultúr s'againn ach thioctadh, thioctadh leis an glúin seo anois an cultúr a athrú ar ais go dtí an saol traidisiúnta agus níos mó béim a chur ar an CLG nó...

MF: Ach má tá dúil agatsa i sacar tá sé doiligh foireann soccer na hÉireann a leanúint.

MA: Tá saol an stair... Tá saol an stair thart lena bheith ag imirt sacair 's ag troid agus ag scaoileadh daoine – tá an rud sin críochnaithe anois so ní shílímse go bhfuil... Ta a rogha féin ag achan nduine anois so ní thig le duine ar bith a inse do duine ar bith eile cad é a cheart daoibh suim a bheith acu ann.

MF: Deireadh an lá spórt atá ann so...

Fear 2: Pé rud atá tú...

MA: Le blianta, le ceithre bliana tharraing Páirc an Chrócaigh neart airgead ar na Sasanaigh ar spórt na Sasain so ní cheart daoibh an t-airgead sin a choinneáil [dothuigthe].

FA: So cibé cad é – whatever floats your boat basically.

MF: Ní thig leat a bheith... [dothuigthe]

FA: Right, an cheist deireanach anois. Cé hiad laochra na tíre seo beo nó marbh is cad chuige?

Fear 2: Tú féin.

[gáire].

MA: Laochra Gaelach ná...?

FA: Nah laochra na tíre seo. Cibé cad é – laochra spóirt, laochra polaitíochta eh, laochra whatever.

MA: Beo nó marbh?

FA: Beo nó marbh.

MF: Bhal, Clann ‘ic Grianna.

FA: Cad chuige, do bharúil?

MF: Bhal mar gheall ar an scríbhneoireacht i nGaeilge. Eh, an méid leabharthaí, eh, thosaigh siad...

FA: Chaomhnaigh siad an rud, fosta.

Fear 2: Fuair siad aitheantas do Gaeilge Tír Chonaill.

FA: Aon nduine eile marbh?

MF: Cuid mhór daoine marbh.

FA: Cad é fá daoine beo? Tá sé níos doiligh a fháil laochra beo...

MF: Sa lá atá inniu ann.

FA: Sa lá atá inniu ann. Cad é bhur mbarúil?

ME: Rónán Mac Aodha Bhuí?

FA: Yeah, tá sé ag déanamh cuid mhór.

MA: Bhal just, duine ar bith a dhéanas... tá suimeanna difriúil ag daoine áirithe. B'fhéidir go bhfuil daoine ann a bhfuil suim acu i soccer a bhfuil dúil acu i Roy Keane ná daoine a bhfuil suim acu i bpeil Gaelach agus, b'fhéidir, Kevin Cassidy nó rudaí difriúla agus suimeanna difriúil. Ach, ó thaobh na Gaeilge dó, marbh, déarfainnse, cosúil le [ainm duine], ní dhíreoinn, ní dhíreoinn ar Chlann 'ac Grianna....

[gáire].

ME: Daoine cosúil le [ainm duine], aye.

MA: Marbh ná...

FA: Just, amharcann sé olc ar maidin but sin é.

MA: Cos bhí níos mó ná Clann 'ic Grianna ar an bhaile seo agus bíonn i gcónaí dearmad air sin...

Fear 2: Bhí tá an ceart agat...

MA: [dothuigthe] bhí i bhfad i bhfad níos mó ná sin. An teach sin trasna an bhealaigh a bhí teach Mhíicí Sheáin Néill. Sin an teach ar fhoghlaim daoine a gcuid Gaeilge i, ar an bhaile seo roimhe theacht an choláiste is rudaí, so. Ó thaobh na Gaeilge de, marbh, déarfainnse, seanmuintir Rann na Feirste uilig. Agus, ó thaobh na Gaeilge beo, agus ag déanamh, ag déanamh dul chun cinn don Gaeilge agus ag tabhairt cuidiú don Ghaeilge – Rónán Mac Aodha Bhuí.

FA: Yeah [dothuigthe].

Fear 2: John Ghráinne.

FA: John Ghráinne, yeah.

MA: Tá seisean mar pháirt de na seandaoine a rinne obair so...

FA: An bhfuil, an bhfuil laochra ar bith eile...

MF: Laochra na tíre just laochra Rann na Feirste. [gáire].

FA: Cad é do bharúil féin a [ainm duine], an bhfuil aon nduine...?

ME: Thar i nGaoth Dobhair caithfidh a rá gur Rónán is mó atá ag déanamh, an bhfuil a fhios agat, cuir chun cinn...

MF: Agus tá sé ag gabháil fá dtaobh dó sa dóigh cheart.

FA: Cheart, yeah.

MC: Tá ag díriú ar an óige agus tá suim ag cuid mhór den t-aos óg...

MF: Ag gabháil isteach chun na scoile ag foghlaim gramadaí is rudaí mar sin, níl suim ag aon nduine...

FA: Níl...

ME: Rud amháin fá Rónán, tugann sé cluais le éisteach le achan duine agus tá béim aige ar Ghaeilge agus ar foghlaim na Gaeilge fosta. Ach, ghníonnsé é tríd cineál de dóigh difriúil. Ní chuireann sé béim ort suí agus é a fhoghlaim mar sin, just tríd gnáthchomrá agus tá sé...

MA: Trí cheoil is tríd achan rud...

MF: Cos is iomaí a chloiseann tú daoine ag téacsáil isteach ó Baile Átha Cliath ó Choracaigh ó...

FA: Meiriceá.

MF: Gach cearn den tír is an domhan fosta. Agus an dóigh a cuireann sé béim ar gach canúint fosta, bíonn an, an...

Bean 3: An saineolaí.

MF: Yeah na saineolaí as Ciarraí, as Conamara, as...

FA: Agus cad é fá like, laochra, an bhfuil laochra eile ann nach mbaineann les an teanga thart. Like, laochra spóirt ná a dhath mar sin. Ní chaithfidh sé a bheith go díreach leis an teanga féin, ceol nó...

MA: [dothuigthe] i nGaoth Dobhair. Bhí daoine i nGaoth Dobhair ó thaobh na Gaeilge dó agus an cheoil cosúil le Proinsias Ó Maonaigh nó Francie Mooney a scríobh cuid mhór amhráin agus a choinnigh an cheol beo sa cheantar seo uilig. Tá sé... tá a níos anois Mairéad ag déanamh obair mhór. Tá cuid mhór daoine is dóiche ó thaobh na ce- ó thaobh an cheoil de fosta.

### **Gaeltacht session 3**

Mé féin ag cur ceiste.

MD: Tá mé iontach bródúil as Tír Chonaill. Em, má amharcann... na rudaí is mó atá mé iontach bródúil as, ná, an cultúr, agus eh, an fhilíocht agus an ceol atá in Tír Chonaill.

FE: Eh, peil anois ag an bhomaite. Thiocfadh leat a bheith bródúil as Tír Chonaill ag baint peil agus ag gabháil ar aghaidh go maith. Anois, tá siad sa deireadh anois so, creidim go mbeidh sé maith, go mbeidh Sam leofa chun an bhaile, b'fhéidir Tír



Chonaill ar an... Ah creidim go mbeadh yeah, nuair a bhuagh siad in éadan beidh chance maith acu gabháil in éadan Maigh Eo anois.

FB: Yeah, beidh, yeah.

FE: Beidh sé iontach doiligh ticéidí a fháil mura... ór anois ann. Bhí mé ag an ceann in éadan Kerry ansin. Ní bhfuair mé seans gabháil chuig an an ceann deireanach in éadan Corcaí bhí mé amuigh in Árann Mór fá choinne ceolcoirm...so. Ceolcoirm, bhí lear, lear daoine difriúil ann, eh, country music a bhí ann.

Mé féin ag cur ceiste.

FE: Tá, pasálann sé an am... pasálann sé an am.

MG: Eh, caithfidh mé a rá tá mé iontach bródúil as an chontae, go háirithe go bhfuil siad fríd go dtí an cluiche ceannais i mbliana don chéad uair le scór bliain agus taobh amuigh den spórt tá mé iontach, tá mé iontach bródúil a bheith as Tír Chonaill mar, ceantar s'againn féin, Gaoth Dobhair, tá radharcanna galánta agus tá rudaí maith fá choinne daoine... turasóirí agus a leithéid agus tá go leor siopaí amuigh fá Leitir Ceanainn fosta so, tá achan rud thart orainn agus... Caithfidh mé a rá ní athróinn mórán fá dtaobh de Tír Chonaill agus tá mé breá-sásta fanacht. Níl mé ábalta tuigbheáil cén chuige a mbíonn daoine ag imeacht amach as Tír Chonaill mar... cúrsaí oibre an geall but, amháin sin, bheadh sé deas fanacht i dTír Chonaill agus níl, níl mórán pleananna agam imeacht.

FE: Aye, is maith, tá nádúr dheas ann is.... Aye is maith yeah.

FB: Tá radharcanna deasa cosúil le an Earagail agus Gleann Bheatha.

Mé féin ag cur ceiste.

FB: Tá.

FE: Yeah.

MG: Níl mórán le déanamh i ndáiríre... Níl mórán rudaí, y'know. Tá daoine ógá i gcónaí gearán nach bhfuil, níl a dhath le déanamh fríd an lá agus go bhfuil sé doiligh an lá a chur thart agus bíonn orthu imeacht go Leitir Ceanainn is a leithéid, ach, amháin sin, taobh amuigh de sin, tá Gaoth Dobhair galánta mar áit mar tá tú i do

chónaí sa Gaeltacht agus... tá dhá Ghaeltacht in Tír Chonaill, eh, Gaoth Dobhair is na Dúnaibh, agus, ach, y'know, ní thuigeann daoine chomh tábhachtach is atá sé a bheith ina chónaí sa Ghaeltacht, mar, y'know, daoine nach bhfuil meas acu ar an Ghaeilge, ní thuigeann siad é, ach daoine atá meas acu ar an Ghaeilge, anois tá tuighbheáil i bhfad níos fearr acu ar Gaoth Dobhair agus áit galánta ata ann.

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Bhal is greannmhar a deireann tú sin. Bhí mé féin i mBaile Átha Cliath cúpla seachtain ó shin agus, eh, nuair a labhair mé, bhí mé istigh in teach tábhairne agus labhair mé bhí mé ag iarraidh deoch, agus dúirt fear liom “an bhfuil tú as an tuaisceart”? Agus dúirt mé féin “tá mé i mo chónaí i nDún na nGall” agus dúirt sé, oh eh, thosaigh sé ag déanamh amach gur Sasanach a bhí ionam. Agus, eh, dúirt mise leisean, bhal, an rud a dúirt mise leis, “tógadh le Gaeilge mise” agus gur hÉireannach mé agus d'iarr mé airsean cúpla focal Gaeilge a rá, a rá ar aist liomsa go bhfeicfidh mé cad é comh hÉireannach is atá sé féin. Agus, bhí deacracht mhór aige, cha raibh sé ábalta.

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Bhuel bheadh sé deas ina chónaí sa chathair tá daoine ceart go leor. Tá Éirinn ina iomlán, y'know, tá daoine deas ann in Éirinn, ach eh, I suppose dá mbeinn agam piocadh idir eh, idir eh, ina chónaí amuigh faoin tuath nó sa chathair mothaím go phiocfainn mé faoin tuath. Eh, tá na daoine deas achan áit ach mothaím go bhfuil daoine amuigh faoin chathair níos, níos cineál, dá, y'know [dothuigthe] dá n-abrófá, tá na daoine sa, daoine ina chónaí sa chathair mothaím go bhfuil siad sórt eh...y'know, tá siad garbh yeah. Tá, sílim go bhfuil, bhuel níl, ní iad uilig, ach, ó mo thaithí féin, mothaím go... bhuaile mé le cúpla daoine, lear mór daoine a bhí garbh ach ní thig linne piocadh orthu, tabharfaidh mé chance eile daofa ar a laghad.

Mé féin ag cur ceiste.

MD: Bhal mothaím an t-aon rud atá le déanamh ná, ná ghabháil go dtí na tithe tábhairne y'know, taobh amuigh de sin, taobh amuigh de na club oíche agus na tithe tábhairne níl mórán le déanamh. Mé féin go pearsanta, is é an rud a dhéanaim, achan oíche Aoine agus achan oíche Shathairn. Eh, tá sé just maith fá choinne comhrá agus cineál de [dothuigthe] agus bíonn siad ag obair, bíonn rud, y'know rudaí ar bun acu

lár an tseachtain agus ansin, ag an deireadh seachtaine amach go dtí na tithe tábhairne. But, taobh amuigh de níl mórán le déanamh faraor... níl eh... bhí siad in ainm pictiúrlann an dhéanamh ar an Screabán ansin ach rinneadh ar shiúl leis sin agus tá sé mar leabharlann anois. Agus, y'know, dá mbeadh pictiúrlann i nGaoth Dobhair dhéanfadh sé difear mór don áit agus bheadh sé maith fá choinne daoine óga agus a mhealladh isteach go dtí an áit y'know, agus, [dothuigthe] i Leitir Ceanainn, sin daichead bomaite ar shiúl agus... cad é a thig leat a dhéanamh.

FE Téimid amach sna tithe tábhairne, sa club oíce is... bualadh suas le cairde agus...

FB: Ag amharc ar an teilifís ná ar an idirlíon...

MG: Is greannmhar a abrann tú sin, bhí mé, bhain mé féin dhá... bhain mé féin dhá ticéad go dtí dtí an Late Late Show ar an fiche hochtú lá so... Caithfidh mé ghabháil go sin anois agus... Sea, oh tá mé ag gabháil chuige tá, [dothuigthe] cibé, tá dhá ticéad agam, bheadh sé deas... aisling mór domh, brionglóid mór domh ó bhí mé iontach óg a bheith ar an Late Late Show. Toy Show, yeah, sin an ceann...

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Bíonn.

FE: Aye, bíonn, sea.

MD: Bhal eh, tá fear, Ryan Turbidy, tá, atá ag déanamh The Late Late Show anois agus, bhí sé, bhí sé faoi brú. Bhí daoine á shéanadh nach raibh sé a dhéanamh jab maith ar an Toy Show agus a leithéid, but eh, ach, sílim go bhfuil, sílim go bhfuil sé ag déanamh jab maith. Ó thaobh, ó thaobh na bréagán de, na bréagán just, na bréagán ó Smiths agus Ken Black's a leithéid. Trachtoirí agus a leithéid. Dá mbeadh páistí agat bheadh sé suimiúil ach sin fada...

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Oh, sílim gur rud dearfach atá ann. Sílim go gcuireann sé, cuireann sé daoine isteach ina cheantar, y'know. Tá sé maith ó thaobh cúrsaí turasóireacht agus gan iad, tabhrann sé airgead, tabhrann sé airgead isteach sa cheantar agus y'know, déanann sé an ceantar, bíonn an ceantar, y'know, níos pacáilte, bíonn daoine, bíonn daoine ann ar fud na háite is, yeah, cuireann sé níos mó buzz fán áit.

FE: Tá sé dearfach go maith tá, go bhfuil tithe saoire sa cheantar mar a dúirt [ainm duine] ansin, beireann sé airgead isteach ina ceantar agus beireann sé againn buzz isteach ag an deireadh seachtain agus bíonn cuid mhór daoine thart fán cheantar.

FB: Cuireann sé airgead isteach sa cheantar is bíonn níos mó daoine sa cheantar mar a mbíonn féilte agus rudaí ann.

Mé féin ag cur ceiste.

MD: Ceist mhaith, motháim. Ní chaithfidh tú Béarla a bheith agat le theacht go Gaoth Dobhair, ar ndóighe, y'know, ach, má tá daoine leis an Béarla, gan, y'know agus, gan Gaeilge acu, má dhéanadh sé dochar ar an thaobh sin dó, cinnte. Ach eh, cad é a thig leat a dhéanamh, y'know, bíonn chance agat Gaeilge a fhoghlaim más, y'know, má tá siad ag iarraidh.

FB: Yeah déanann, mar, mar bíonn daoine ag labhairt Béarla sa siopaí ansin toisíonn daoine eile ag labhairt Béarla, déanann siad dearmad den Gaeilge.

FE; Ah, aontaím leis sin go hiomlán now...

MG: Caithfidh muid córas mór a chur suas agus, y'know right, muna bhfuil Gaeilge agat níl cead agat a theacht isteach.

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Cad é an chéad páirt den cheist fá dtaobh de?

FE Bhal, daoine nach mbeadh Gaeilge acu? ... nach raibh Gaeilge acu teach a thógáil sa ceantar? ... Mura mbeadh uair amháin dó, b'fhéidir nach mbeadh sé féaráilte. Thiocfadh leofa an Gaeilge a fhoghlaim san am atá amach romhainn agus em... Sílim but, dá mbeadh siad ag labhairt Béarla ar fad, go mbeadh sé sásúil sin a dhéanamh leo, ach, dá bpiocfadh siad suas í an Gaeilge thiocfadh le bheith go maith...

FB: Níl fhios agam...

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Eh, bím féin fá Baile Átha Cliath go leor agus tá daoine muinteartha as ansin. Is áit deas Baile Átha Cliath, y'know, tá an cathair deas, tá sé deas le cineál athrú beag

ó amuigh faoin tuath a fháil agus an cathair a fheiceáilt agus em... y'know, príomhchathair de hÉireann... y'know, tá s deas cuairt a thabhairt ar Baile Átha Cliath. Cha raibh mé riamh in Corcaí riamh anois, caithfidh mé a rá. Cha raibh mé ariamh thíos go bun an tír go fóill, ach tá, tá Gaillimh deas fosta agus tá lear, tá lear mór áiteacha deas ach ní thig leat Gaoth Dobhair a fháil...[dothuigthe].

FE: Bhí mé thíos in Tiobraid Árann cúpla uair, tá uncail agam thíos ansin, agus, tá mo dheirfiúr thíos in Gaillimh ar an choláiste... Bhí mé thíos cúpla uair ó thosaigh sí ach tá sí ar shiúl síos inniu arís fá choinne toiseacht ar tréimhse léinn arís.

FB: Ah, ní bhím. Ní déanaim mórán taisteal... Níl dúil agam in taisteal, is maith liom Dún na nGall.

MG: Níl aon tinteán mar do thinteán féin.

MD: Bhí mé ag taisteal ansin, bhí mé i nGaillimh agus bhí mé in eh, Westport, agus bhí mé in eh, Baile Átha Cliath... Bhal cosúil le lear mór daoine, b'fhearr liom an bhaile. But like, nuair a faigheann tú chance a ghabháil síos go Gaillimh agus áiteanna galánta mar sin, tá deas a ghabháil. Agus bhí muid em, oíche amháin bhí muid Tigh Phluincéid in Leitir Mór agus eh, ansin, ag caint don Gaeilge ansin, bhí, bhí teach lán agus daoine óga, agus Gaeilge uilig a bhí acu, agus thógfadh sé do chroí ag éisteacht leo. Agus bhí páistí beaga a bhí thart agus Gaeilge uilig agus déagóirí agus Gaeilge uilig agus bhal, tá sin ag gabháil síos giota fá Gaoth Dobhair, nach bhfuil.

MG: Cad é seo?

MD: Just an Gaeilge, idir na daoine óga...

MG: Oh tá... tá ar ndóigh... níl daoine ag labhairt, níl daoine óga ag labhairt Gaeilge. Ní amháin i nGaoth Dobhair ach, mothaím sna Gaeltachtaí eile.

MD: Gaeilge uilig a bhíos ansin.

Mé féin ag cur ceiste.

MD: Bhal, mar a dúirt [ainm duine] ansin, ná, síleann daoine nach bhfuil sé cool... bhal, ní miste liomsa. Tá Gaeilge cool anseo.

MG: Cuireann daoine locht ar na scoltacha fosta nach bhfuil sé, y'know, tá sé, níl sé sé easca mar is ceart ar an scoil. Y'know, bíonn siad, scanrann an tuiséal ginideach daoine agus y'know, an gramadach, an taobh gramadúil dó, y'know an modh choinníollach agus a leithéid, y'know but... Sílim gur chóir dó, gur chóir don Gaeilge labhartha a bheith... níos mó béim ar an Gaeilge labhartha ar an scoil agus sin rud atá tábhachtach. Agus eh, sílim, sílim ar ndóighe, y'know, níl a fhios agam cad chuige, y'know tá dearcadh iontach olc ag daoine ar an Ghaeilge. Caithfidh mé a rá níl sé go holc is a bhí sé, agus tá daoine, tá daoine ag labhairt níos mó anois i nGaoth Dobhair. Ach, ar an am chéanna, y'know, bheadh sé deas... right, ba bhreá liomsa Gaeilge a labhairt le achan duine i nGaoth Dobhair, but sure cha dtig leat a dhéanamh.

Mé féin ag cur ceiste.

FE: Oh ní chuireann sé amach nó isteach ormsa Gaeilge a labhairt bhí mé tógtha leis agus... [dothuigthe] an t-aon am a labhraim Béarla ná le duine nach bhfuil Gaeilge ar bith acu, sin é aye.

Mé féin ag cur ceiste.

FB: B'fhéidir nach bhfuil go leor Gaeilge ag cairde s'acu, nó b'fhéidir nach bhfuil ag iarraidh é a labhairt.

MG: Bhal, caithfidh siad chance a thabhairt dó ar a laghad y'know, agus eh, mean, rinne daoine iarracht, rinne Des Bishop iarracht cúpla bliain ó shin, an Ghaeilge, bhí sé in Conamara agus bhí sé anseo ar ndóigh agus bhí sé ag tabhairt cuairte ar na Gaeltachtaí uilig ag iarraidh daoine óga is achan nduine Gaeilge a labhairt. Má tá Meiriceánach ábalta Gaeilge a fhoghlaim, y'know, cad é a abrann sé fá dtaobh dúinne? Agus achan nduine eile, y'know. Bíonn cuairteoir anseo, Séamas atá air, An bhfuil aithne agatsa air a [ainm duine], Séamas na Gaeilge? Bhfuil aithne agatsa air? Fear ar dóigh. Bíonn sé ag ceol sean-nós agus foghlaim Gaeilge. Just, fosclann sé do chuid súile, y'know, muna bhfuil, y'know, just, falsa na boic thart anseo nach labhrann siad an teanga.

Mé féin ag cur ceiste.

MD: Bhal, cad é a cheart duit a déanamh? Bhal, ceist deacair atá ansin, gan dabht. Agus, ta mé ag déanamh gur an rud atá ann go bhfuil barraíocht Béarla thart ar na daoine óga. Like, tá na, tá an mórchuid de na leabharthaí, tá siad i mBéarla, tá an meán, na meáin uilig sa Bhéarla, tá an, tá na scannáin is fearr atá amuigh tá siad i mBéarla, tá achan rud i mBéarla, agus b'fhéidir go bhfuil sin ag déanamh dochar mór dúinn, níl a fhios agam.

FE: Níl a fhios agam cad é a cheart, a cheart duit a dhéanamh ar chor ar bith.

MG: Cha ghlacfadh sé, cha ghlacfadh sé mórán but, caithfidh duine ineacht, dá mbeadh y'know, cineál de campaign nó rud ineacht ar siúl nó...

FB: Chan éistfeadh mórán acu leat ar scor ar bith....

Mé féin ag cur ceiste.

FB: Tá.

MG: Tá. Tá a dóigheanna féin ag achan nduine agus, ar an droch-uair...

MD: Bhal, bhí, bhí feachtas ansin ag Bernard Dunne...

MG: Oh sin fear eile, 'sea.

MD: Bródclub, agus, níl a fhios agam go díreach cad é mar a d'éirigh leis. Tá a fhios agam go raibh anseo sa pharóiste do Seachtain na Gaeilge...

MG: Bhí, bhí sé Tigh Hiúdaí Beag ansin ag an Chabaret Craiceáilte. Agus em, ní raibh me féin, an raibh tusa, ach, sin eh. Ar chuala tú iomrá air seo? Iomráiteach go leor, dornálaí atá ann. Sin fear eile atá ag iarraidh an Gaeilge a spreagadh, agus eh, bhí, bhí feachtas aige cinnte, fá choinne sín-, deich míle síneadh a bhí aige tá mé den bharúil ach, níl sin a dhath really.

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Sea, seo an rud aye. Duine óg, mo bharúil, duine a mbeadh sa "public eye", y'know, agus duine a n-amharcfadh daoine suas... y'know, laoch, á dhéanamh cool mar a dúirt tú. Duine atá óg, m'anam, a ghlacfadh é cinnte, yeah.

MD: Bhal, sílimse, gur an Taoiseach, i ndáiríre, i ndáiríre. Eh, tá lear mór fostaíocht ag teacht anois fá choinne daoine leis an Ghaeilge, eh, tá san Eoraip, agus tá em, Údarás na Gaeltachta, tá sin ag gabháil, tá an... Rinneadh, rinneadh... Cailleadh deontas ansin fá choinne an Ghaeilge, níl a fhios agam an bhfuair tusa, an bhfuair?

MG: Cad é seo anois?

MD: Deontas fá choinne ghabháil chun an choláiste, ceann Gaeilge?

MG: Ah no, níor chuala mé iomrá air sin ar chor ar bith anois.

MD: Tá a fhios agat dá mbeadh marc maith i Gaeilge, bhal, thiocfadh leat gabháil isteach air.

MG: Oh right.

MD: Rinne siad dearmad de sin go hiomlán, agus I think mheall sin lear mór daoine le marc maith a fháil sa Ghaeilge.

MG: Fuair sé pointí sa bhreis duit ab é sin an rud a bhí ann, an é?

MD: Nó, dhíol siad ar shon na fiacha a bheadh or sa choláiste, níl a fhios agam fá choinne an bhliain nó fá choinne céim iomlán. Ah, mheall sé lear mór...

Mé féin: Cén coláiste?

MD: Ah coláiste ar bith a bios ag gabháil sa tír seo.

Mé féin: Ar chuala sibh fá dtaobh de seo?

FE: Cad é seo?

MG: Ní chuala no...

MD: Bhal tá a fhios agam go bhfuil [ainm duine] é. Not go bhfuair sé scoláireacht but eh...

MG: Narbh é sin, nárbh é sin... rinne sise gnóthaí maith san Ardteist nárbh é sin an rud a bhí ansin? Sin an rud. Tá mé ag déanamh go piocann siad lear mór daoine as Éirinn a rinne is fearr san Ardteist. B'fhéidir gur sin an rud atá tú ag smaoitiú air, an é?



MD: B'fhéidir gurb é. No, no, ní fhaighim féin deontas nó bhí mé fá choinne chur isteach air but... Bhí [ainm duine] liom go rinne siad, gur dhearn siad, chuir siad ar an mhéar fhada é agus níl siad ag gabháil a [dothuigthe] siar é i mbliana.

MG: Is mór an trua é sin rud eile atá... y'know, níl sin ag déanamh maith ar bith don, don Ghaeilge.

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Tá mé féin ag toiseacht ar an choláiste anois i gceann coicíse. Tá mé ag toiseacht i Ollscoil Uladh, Mhig Aodh i nDoire, agus tá mé ag déanamh céim Gaeilge le dráma. So eh, tá súil agam go mbainfidh mé sult as sin agus cuirfidh sé thart an ama dom fríd an bhliain agus beidh mé ag oibriú go crua agus beidh mé ag fanacht ar shiúl ó trioblóid.

MD: Bhal tá mise ag gabháil go Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, amuigh an bealach mór, béal dorais dúinn le céim gnó agus Gaeilge a dhéanamh. Agus, tá lear mór rudaí ag gabháil an aimsir seo, tá suim mhór agam i bpolaitíocht, sa Gaeilge agus tá feachtas ag teacht aníos anois chugainn go bhfuil muid ag gabháil a dhéanamh rud in Tír Chonaill uilig, feachtas fá choinne, fá choinne awareness ar an ólachán agus drugaí i ndaoine óga agus tá sin sna leabharthaí againn an aimsir seo agus tá muid ag [dothuigthe] taighde isteach ann, agus tá, tá fear as Maigh Eo, but ná, ní bheidh go maith leis i gceann i gceann coicís nó trí seachtain...

MG: Seo an rud.

MD: ... tá an bheirt againn ag obair air sin anois.

Mé féin ag cur ceiste.

FB: Tá mé i ndiaidh an Ardteist a dhéanamh ansin agus tá mé fá choinne cúrsa ineacht a dhéanamh... tá mé fá choinne cúrsa ineacht a dhéanamh anois. Eh, FÁS ansin... yeah in Gaoth Dobhair.

MG: Tá sin ar an Screabán ansin... tá sí sásta.

Mé féin ag cur ceiste.

FB: Yeah, beidh.

FE: Tá mise dífhostaithe ag an bhomaite. Rinne mé cúrsa gruaigeadóireacht ansin anuraidh gus bhí mé ag obair in gruaigeadóir ar feadh tamall ach bhí sin ag iarraidh suaimhneach ansin so, níl mé ag obair ann anois. Agus, tá mé ag smaoitiú, b'fhéidir cúrsa a dhéanamh le teilifís ná raidió – cumarsáid.

Mé féin ag cur ceiste.

FE: Bíonn cuid mhór daoine ag gabháil, tá mo dheirfiúr féin thíos in Gaillimh ag an Acadamh, tá sí ag déanamh an cúrsa céanna, so tá ceann ag gabháil a bheith ann Acadamh i mbliana.

Mé féin ag cur ceiste.

MD: Fadhb mhór atá ann cinnte, eh, ansin le gairid, dhruid, níl a fhios agamsa mórán iomrá air, but, eh, áit fá choinne cúrsaí airgeadais, dhruid sé le gairid ní MABS...

MG: MFG ab ea?

MD: No, [dothuigthe], but, bhí sé bunaithe i nGaoth Dobhair. Bhí sé ar an Donegal Daily cúpla mí ó shin gur dhruid sé síos, tá lear mór áite ag druid síos, áit sin [ainm gnó] trasna ón Seaview, dhruid sin síos.

MG: Oh, right, tuigim.

FE: Bhog sin go dtí na Croisbhealaí, tá mé ag meas.

MD: Cá háit?

FE: Taobh thíos de na bookie ansin ag na Croisbhealaí ansin ar an Fhál Carrach. Tchím féin é anois é.

MD: Oh right, yeah, yeah.

FE: Bhog sé, bhog sé amach as an paróiste.

MD: Tá bogtha, that's right.

FE: Tá cuid mhór siopaí ag druid síos anois.

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Tá sé ag tarlú, faoi láthair, tá boic ag imeacht go dtí an Astráil agus go Meiriceá agus go Ceanada. Agus, níl mórán obair ar bith anseo. Níl. Caithfidh siad gabháil chun na áiteanna agus taisteal na áiteanna fá choinne rud ineacht a fháil agus, cothrom na Féinne daofa but is mór an trua nach bhfuil... níl obair ar bith thart anseo ar chor ar bith daofa.

MD: Bhal tá mise fá choinne fanacht sa bhaile [dothuigthe] is a thig liom.

MG: Tá me féin ar an bhád céanna.

MD: Bhal, I think an rud is measa a tharla ariamh ná thosaigh na monarchain ag druid síos sa Screabán. Bhí fostaíocht millteanach ansin am amháin bhí breis agus ag obair ann. Is é an rud is measa. Ar ndóighe bhí, na monarchain a bhí ann bhí siad ábalta na táirgí a bhí acu a dhéanamh níos saoire i tíortha eachtracha so...

Mé féin ag cur ceiste.

Gach duine: Tá/Yeah.

FE: Tá, yeah, an mhórchuid acu atá... tá aithne agama ar cuid mhór acu yeah.

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Go dtí an Astráil go háir-, sa cheantar seo is mó Astráil ab ea.

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Tá. Ar ndóigh tá sé doiligh fáil isteach go Meiriceá ó thaobh cúrsaí, cúrsaí páipéir is cúrsaí Visa. Rach-, Rachadh cuid mhór anonn fá choinne trí mhí, tá mé ag déanamh go bhfuil cead agat gabháil anonn trí mhí agus triail a bhaint as ach, fanacht thall... an J1 ab ea? Caithfidh tú bean a phósadh thall má tá tú ag iarraidh fanacht thall a [ainm duine], tá mé ag déanamh.

Mé féin ag cur ceiste.

MD: Bhal, ceist deacair atá agat ansin. Fágadh fiachais millteanach acu, agus, le bheith ionraice, níl, níl an dara suí sa bhuaile acu ná, ná achan rud a ghearradh. Ach, an rud atá ann, tá siad ag gearradh sna háiteanna contráilte. Oh, tá.

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Bhal, ní, ní bhe-, ní bhaicim le cúrsaí polaitíocht le bheith ionraice mar... bím ag amharc ar teilifís... bím ag amharc ar cúrsaí reatha, y’know, just ag iarraidh fáil, y’know, fanacht sa... Ta a fhios agam cad é atá gabháil ar aghaidh, ach, sílim nach bhfuil pointe a bheith tógtha fá dtaobh dó, le bheith ionraice. Tá an ts-..., like an, faraor, fágadh dochar millteanach don tír seo ó thaobh cúrsaí airgid, agus em, tá siad ag rá go mbeidh biseach ar rudaí i gceann deich mbliain. Tá súil as fhios agam go dtiocfaidh ach, faoi bhomaite níl rudaí go maith ó 2008, ab é? Ó roimh an, the the... sure, cad é a thig leat a dhéanamh.

FE: Bhal, sílim nach bhfuil siad ag gearradh mórán de chuid páighe s’acu féin ná daoine bochta thart fán taobh seo tíre tá siad ag gearradh cuid airgead acu sin. Agus, em, sílim nach cuma leo fá dtaobh dó. Tá, tá daoine iontach tógtha thart fán áit seo fán rialtais.

Mé féin ag cur ceiste.

MD: Ní raibh, ach, nuair a tháinig eh... [ainm duine]...

MG: Oh sea [leasainm an duine sin].

MD: Can’t Pay – Won’t Pay, chuidigh sé sin. Chuidigh sé le, chuidigh sé le na daoine, amach as sin, bhí siad iontach “no, right” leis an rialtas. Agus thaispeáin sé, nuair a tháinig siad le chéile go raibh cumhacht níos mó acu, ah no, chance maith acu, go leor acu a thaispeáint é nach raibh [dothuigthe] achan rud a ghlacaint a deir an rialtas. So, tá meas mór agam air mar gheall air sin. Agus thaispeáin sé rud mar sin do na daoine.

MG: Sílim gur cheart do glór a bheith ag achan duine, y’know, sílim gur cheart d’achan duine labhairt amach má ta fadhbanna acu nó nach bhfuil siad sásta, because, mura labhrann duine ar bith amach ní éisteoidh duine ar bith. Agus, agus tá meas agam ar [ainm duine – neamhshéimhithe] a rinne sin. Mar eh, rinne sé difear mór leis na táillí tí, agus y’know, bhí lear mór daoine nár dhíol an táille tí mar d’éist siad le [ainm duine]. Bhí an ceart acu, y’know sin céad euro nach bhfuil ag daoine. Teaghlacha, y’know atá a strugláil mar atá siad agus níl an t-airgead acu.

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Bhal rud maith atá ann ar, ar ndóighe, tá, fá choinne daoine a mhealladh isteach le Gaeilge a fhoghlaim – daoine nach raibh an pribhléid acu Gaeilge mar chéad teanga. Tá a fhios agam go tháinig, y’know, go raibh sé faoi brú conspóideach ansin le cúpla bliain ó thaobh, y’know, eachtraí a tharlaigh le páistí agus le, y’know, stop siad, chuir sin stad le coláistí Samhraidh thart anseo... sin ceart a [ainm duine]?

MD: Yeah yeah, rinne sé dochar.

MG: Rinne sé dochar, ach bhal, ó thaobh... Tá sé maith, tá, tá na coláistí Samhraidh. Smaointe iontach maith atá ann, cinnte. Agus tá lear mór t-airgead [dothuigthe] ná iad a choinneáil ag gabháil.

MD: Tá agus, tabhrann sé airgead go dtí an ceantar fosta... le na, bíonn na daoine óga ag gabháil sin ag gabháil go dtí an siopa agus ag ceannacht rudaí agus... Caithfidh na mná tí, caithfidh siad bia a cheannacht ó na siopaí áitiúil agus... Bhal, an rud is mó agus bhí sé giota beag conspóideach fá dtaobh dó, ná, go bhfuil, go bhfuil, Lidl agus go bhfuil Aldi agus na siopaí mór seo uilig ag tabhairt airgead ar shiúl ón cheantar. Rud atá fios ach... Bhal, caithfidh tú smaointiú fosta go bhfuil achan bean an tí ag iarraidh airgead a dhéanamh amach as, sin an chuige a bhfuil siad istigh ann. Agus eh, ní dhéanann sé a dhath ciall ach é a fháil in áit soar in aith dhá luach a dhíol in áit eile.

FB Yeah tabhrann sé airgead isteach ansin tig tuismitheoirí s’acu go Gaoth Dobhair fá choinne lóistín is achan rud, agus ceannann siad rudaí sna siopaí agus...

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Na páistí or na scoláirí ó...? Oh sílim go bhfuil meas acu, tá meas acu ar an Ghaeilge agus... cad chuige eile a thiocfadh siad anseo.

Mé féin ag cur ceiste.

MD: Em, bhal, ní bhímse fríofa...

MG: Ní bhím féin ach oiread.

MD: Em, tá meas acu ar an cheantar... cuid acu...

MG: Ní chuala mé scéalta ar bith y’know, a deireadh otherwise y’know.

MD: No.

MG Ach, scoláirí ar bith a bhí i Loch an Iúir ná Machaire Rabhartaigh ansin, ní chuala mé scéalta... Chuala mé go raibh meas orthu agus chuala mé scéalta diúltach or deimhneach gabh mo leithscéal, uilig. Agus bhí meas acu agus ba mhaith, y'know, bhí siad ag iarraidh a theacht ar ais.

Mé féin ag caint.

MG: Oh bhuel, dhéanaimid iarracht cibé.

Mé féin ag cur ceiste.

MD: Bhal, tá mé, tá mé ag déanamh go raibh... tá mé ag déanamh go raibh lear mór Caitlicigh ins na Ceiltigh ag am amháin, agus, bhal, b'fhéidir go bhfuil daoine even, muinteartha ar a, ar an fhoireann, níl a fhios agam. Ach, tá a fhios agam go bhfuil meas ar na Ceiltigh, níl a fhios agam cad chuige go díreach, bhí i gcónaí. Agus, [dothuigthe] Éireannaigh a bhí iontu ar tús an naoú céad déag... ocht céad déag ochtó a hocht.

MG: Oh sea cinnte, sé sin a bunaíodh Celtic ná b é?

Mé féin a cur ceiste.

FE: Eh, daoine a chuaigh romham bhí siad ag tabhairt... bhí siad leo fosta, so. Na Ceiltigh agus, m'anam, an chuige is mó, boic a chuaigh romham bhí siad ag supportáil iad so, b'éigean domsa sin a dhéanamh fosta. Ní bheadh siad róshásta.

MG: Eh, caithfidh mé a rá gur, gur Gael atá ionamsa agus leanaimse... bheadh níos mó suim agam i Peil Gaelach ná mar a bheadh i peil sacar, ach, níl a dhath contráilte leis ar ndóigh. But, éiríonn daoine iontach tógtha fá dtaobh dó, cúrsaí mar sin, agus, ar ndóigh níl ann ach peil, y'know, giota craic agus sport agus... Eh, y'know, each to their own mar a déarfá, y'know, tá achan nduine i dteideal y'know, a bheith, ma tá suim ag duine amháin in seo siúd, tá an ceart acu, y'know, sin é.

Mé féin ag cur ceiste.

MD: Oh cinnte. Tá muid ar an oileán chéanna.

MG: Tá.

Mé féin ag caint.

MG Sea. Seo an rud, bhal, tá boic ann agus... oh tá achan ceart acu a bheith ar an foireann má tá siad ag iarraidh... fágaimid, y'know, an cinneadh sin acu féin.

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Bhí. Bhal, rinne siad iarracht maith cibé. Tá a fhios agam nár imir siad... mo bharúil nár imir siad an dóigh ba mhaith leo a imirt.

Mé féin ag cur ceiste.

FE: Cha dtug mé mórán amharc orthu nuair a bhí siad sa Euros, ní amharcaim ar mórán teilifís na a dhath mar sin.

FB: No, ní bím ag amharc ar sacar ar chor ar bith.

Mé féin ag caint.

MG: Tá daoine ann agus mothann sé iontach láidir fá dtaobh do cúrsaí mar sin... oh yeah. Tá daoine ann.

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Oh, sílim go raibh Dana contráilte ansin, ní raibh an ceart ag Dana sin a dhéanamh, mar a dúirt [ainm duine] tógadh ar oileán amháin muid, agus eh, tá a fhios agam i gcás Martin McGuinness gur Republican mór atá ann agus go mbeadh sé ag iarraidh eh... Bhí sé i gcónaí ag troid ar son saoirse a'againn féin agus a leithéid. Agus eh, bhí achan ceart ag Martin McGuinness a bheith ag imirt do tír s'aige.

FE: Cha lean mé mórán de cuid sin de dheireadh anois, ach... Sílim nach n-aontaím go hiomlán léithe ins an téama sin anois.

Mé féin ag cur ceiste.

FB: Nó, ní hé.

MD: Nó ní aontóinnse le Dana ar chor ar bith ansin, mar a dúirt mé roimhe, tá an [dothuigthe] ar aon oileán amháin, agus eh, bhal, bhí muid in oileán amháin ar pháipéar am amháin, agus beidh aríst tá súil as agam.

Mé féin ag cur ceiste.

MD: Bhal, ní shílím gur just rud amháin a ceart ach níos... because tá muid iontach bríomhar in achan chineál rud... go polaitiúil, tá cúrsaí ceoil ar ndóighe, filíocht agus achan rud mar sin. So tá cúpla rud at least. Sin, sin an dóigh atá rudaí.

MG: Tá iomrá mhór ar Gaoth Dobhair fá choinne lear mór rudaí, mar a dúirt [ainm duine], ceol agus a leithéid, Clannad, tá sin ann, Clannad agus Enya cinnte. Em, ní, ní mhaith liom féin eh, difeáil a bheith mar stereotype de Gaoth Dobhair. Sin, sin eh iomhá false – false image – de Gaoth Dobhair agus sílim go bhfuil níos mó ag baint le Gaoth Dobhair ná sin, ná a leithéid sin. Cinnte ta an Dodge but níl an Dodge ann níos mó but tá an Seaview ann agus níl a dhath contráilte leis sin agus y’know áit dheas atá in Gaoth Dobhair agus, tá Gaoth Dobhair fá dtaobh de radharcanna [dothuigthe – mo bharúil] agus íomhánna, agus sin uilig atá againn really. Agus m’anam, dá mbeifí picture ar bith de Gaoth Dobhair, sin an picture a chuirfeá leis.

MD: Cultúr mór a bíonn ann fosta...

MG: Cultúr mhór, bíonn ceol againn fosta...

MD: Drámaíocht...

Far 2: Is drámaíocht agus tá cinnte.

Mé féin ag cur ceisteanna.

FE: Bhal [dothuigthe] má bhrúnn tú Gaoth Dobhair isteach sa youtube ceangalann sé isteach le achan rud atá Gaoth Dobhair scríte istigh ins na profiles s’acu, achan rud a bhaineann le Gaoth Dobhair má tá Gaoth Dobhair scríte istigh in rud amháin agat má bhíonn tusa ag searcháil fá choinne Gaoth Dobhair tiocfaidh Gaoth Dobhair aníos ann, achan rud a bhaineann leis.

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Ar ndóighe tá iomrá mhór ar Gaoth Dobhair fá choinne gasúraí óga agus a gcuid carranna, nach bhfuil [ainm duine]?

MD: Tá.



MG: Tá sin ann fosta. Agus bíonn na modified, na souped-up cars seo uilig bíonn siad ag gabháil agus... ach... Tá ceann ag [ainm duine].... Boy racer [ainm duine].

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Ar ndóighe, bheadh níos mó rudaí le déanamh dá mbeadh sé suas agam féin, mean, mean, dhéanfainn iarracht daoine óga a shásamh agus rudaí a chur ar fail daofa, seirbhísí a chur ar fáil daofa nach bhfuil ann faoi láthair, sílim gur sin an t-aon, sin an t-aon laige atá ar Gaoth Dobhair. But ní athróinn mórán rudaí ar chor ar bith fá dtaobh dó, tá mé sásta go leor agus ní dhéanfainn a dhath ar bith fá dtaobh dó leis sin an athrú.

FE: Dá dtiocfadh liom rud a athrú, b'fhéidir go... bainfinn triail as níos mó fostaíocht a thabhairt isteach sa cheantar. Ach tá fadhb airgeadais ann ag an bhomaite agus creidim gur sin an t-aon rud a d'athróinn fán áit seo. Choinneoinn daoine istigh sa cheantar gan iad a bheith ag imeacht go tíortha eile.

FB B'fhéidir pictiúrlann a thógáil. Pictiúrlann Gaeilge, b'fhéidir.

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Tá siad ag déanamh obair ar an amharclann anois ar an díon...

MD: Tá, fuair siad deontas mhór.

Mé féin ag cur ceiste.

MG: Ah rachadh.

MD: Ah rachadh – rachadh lear mór daoine...

MG: Tá suim mór in drámaíocht sa ceantar seo cinnte. Tá na Aisteoirí go fóill ag gabháil cinnte.

MD: Agus shílfeá, shílfeá nach bhfuil mórán éilimh ar a leithéid but, nuair a bhí amharclann Gaoth Dobhair ag gabháil is nuair atá sé ag toiseacht arís, achan am a bheifeá ann, bheadh, bheadh, bheadh sé lán. Bheadh sé lán.

MG: Sure bhí an an áit lán.

FE: Bhí mé féin ag cúpla dráma Gaeilge ansin de chuid Aisteoirí Gaoth Dobhair amuigh in Leitir Ceanainn, in amharclann Leitir Ceanainn agus bhí an áit lán. In an áit a bhfuil na drámaí ag gabháil a bheith acu anois go mbeidh amharclann Gaoth Dobhair críochnaithe go mbeidh [dothuigthe].

MG: Beidh sé tamallt eile ar an bhealach mhór...

FE: Tá fadhb airgeadais acu ag an bhomaite...

MG: Tá siad ag iarraidh cruinniú a dhéanamh fá choinne cathaoireacha, y'know daoine, tríocha euro ar son cathaoir, sin fá choinne cuidiú les na costaisí uilig...

MD: Bíonn d'ainm air nó rud mar sin.

FE: Cheannaigh cúpla gnó áitiúil, cheannaigh cúpla gnó áitiúil agus daoine atá tréan airgead acu cheannaigh siadsan cúpla cathaoir... No, cosúil le TDs agus polaiteoirí...

MG: Ah bheadh sé deas cineál, don áit a fheiceáilt back ar aist mar a bhí sé am amháin, agus drámaí ag gabháil achan oíche, bheadh sé deas anois, caithfidh mé a rá

#### **Gaeltacht Session 4**

Mé féin ag cur ceiste.

Gach duine: Go maith.

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Bhí, yeah.

FI: Ní raibh.

FF: Yeah, sin an rud a bhí mé ag gabháil a ráit.

FG: Awww.

Mé féin ag cur ceiste.

FI: Ní raibh.

Mé féin: Cén fáth.

FI: Ní bhfuair mé ticéad ar bith.

FG: Bhí sé iontach deacair ticéidí a fháil.

Mé féin ag cur ceiste.

FI: Em, bhí mé croíbriste ach tá lear mór daoine eile a bhfuil níos mó suim acu agus téann siad ag achan cluiche. Lig mé daofa.

FF: Bhí sí ag coimhead air though.

FI: Chuaigh mise go dtí an teach leanna thíos ansin le é a fheiceáil. Bhí an craic maith.

Mé féin ag cur ceiste.

FI: Bhí, breá-sásta.

FF: Oh lá iontach a bhí ann.

[gáire].

FG: Bhí an craic ar dóigh ann.

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Le glas agus buí.

Mé féin ag cur ceiste.

FF Ach, tá muid bródúil.

FG: Tá muid iontach... bhal tá mise iontach bródúil anyway.

FI: Mise iontach bródúil fosta.

FG: Agus, bhal, na rudaí atá muid bródúil as...

FF: Tá sé deas go bhfuil, i dtús báire Gaeilge go fóill á labhairt in...

FG: Gaoth Dobhair.

FF:... Gaoth Dobhair, Cloich Chionnaola agus na Rosan.

Mé féin ag cur ceiste.

[gáire].

FI: Sin doiligh anois... Sílim go bhfuil cuid de na paróistí agus na bailte i dTír Chonaill go bhfuil siad – tá lear mór turasóirí iontu, agus má théann tú fríofa fríd an

Geimhreadh, cuir i gcás, Dún Fionnachaidh nó mr sin, má théann tú fríd, fríd an Gheimhreadh, ní bhíonn solas le feiceáil agus lear mór, na céadta céadta tithe gan solas ná duine ar bith le feiceáil

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Tá maith don ceantar fosta go bhfuil turasóirí ann, tá, y’know, airgead a dhéanamh do na, na comhlachtaí agus na hóstáin agus na siopaí, ach, mar a dúirt “bean a haon” [gáire], y’know, níl sé deas é a fheiceáil ins an Gheimhreadh mar... corruair like, tógann siad tithe iontach móra agus b’fhéidir go bhfuil sé ag cur isteach ar, b’fhéidir, radharcanna, nó faigheann siad pleanáil in áiteanna, ansin, ní bhíonn siad ann agus cuireann sé isteach ar cuid de na radharcanna.

FG: Yea tá cuid áiteacha a fuair pleanáil agus tá daoine just ag cur ceist “Cad é an dóigh a fuair siad pleanáil”. Cos má chuir duine ar bith eile, b’fhéidir as an áit féin, ní gheobhadh siad pleanáil ar chor ar bith. Yeah, agus rudaí mar sin. Bhal, tá sé deas a fheiceáil turasóirí a theacht isteach but corruair nuair atá teach, tá tithe ansin agus níl duine ar bith iontu, cineál de, níl sé deas a fheiceáil.

FI: Níl an... cad é an focal Gaeilge “Ghost town”, sin fríd an Geimhreadh.

FF: Go háirithe Dún Fionnachaidh. Go háirithe... cuireann siad concrete jungle air.

Mé féin ag cur ceiste.

FG: Tá.

FI: Má thiomáin tú fríd fríd an Gheimhreadh, tá na céadta céadta tithe agus ní fheicfeá, just estates móra le feiceáil, agus ní fheicfeá solas ach thart fá trí nó ceithre tí... teach.

FG: Ach fiú sa tSamhradh tháinig like, titim mór de na daoine a tháinig go Gaoth Dobhair. Blianta ó shin bhí i gcónaí turasóirí ann, but like, thit an uimhir sin, like go raibh... mór le blianta anuas. Bhí mise ag obair istigh i dteach ósta agus chonaic mé go raibh titim go mór sin, agus bhí cineál de ionadh orm. Nuair a chuaigh mé isteach bhí an áit pacáilte achan deireadh seachtain, agus anois, bheadh an t-ádh leat má bhí post agat ansin don Domhnach agus go bhfuil sé cineál de, brónach sin a fheiceáil is achan rud.

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Nach dhruideann An Cúirt fá choinne tamallt fosta, like, druideann sé síos idir Mí Eanáir agus b'fhéidir dhá mhí nó rud ineacht mar ní bhíonn daoine thart so druideann siad go...

FI: Sin Óstán Gaoth Dobhair fosta.

FG: Agus Óstán Gaoth Dobhair.

FF: Agus Óstán Gaoth Dobhair – druideann siad nuair nach bhfuil na turasóirí thart.

Mé féin ag cur ceiste.

FF/2/3: Yeah.

Mé féin ag cur ceiste.

FG: Rachadh. Tá sé galánta like, ceann de na háiteacha is deise riamh. Like, ní fheicfidh tú sin go dtí a fhágann tú, ní tuigeann tú cé comh tábhachtach is atá an áit atá tú ina chónaí agus ansin nuair a fhágann tú bíonn tú “ah cad chuige a bhfuil mé ag gabháil go Baile Átha Cliath”. Like, tá sé go hiomlán difriúil. Like [dothuigthe], níl suaimhneas ar bith agat chor ar bith agus rudaí mar sin. Ansin, nuair a bhíonn tú ar an bhaile tá suaimhneach agus cineál de, tá aithne agat ar achan nduine, sin an rud a [dothuigthe] agamsa, tá aithne agat ar achan nduine síos an bealach mór agus like, an gossip is achan rud, níl sin agat i mBaile Átha Cliath.

FI: But sin an taobh eile de fosta, níl, cuid eile den tír, déanann siad dearmad ar Tír Conaill agus taobh sin den tír níl mórán postanna ann agus, cineál...

Mé féin ag cur ceiste.

FG: Sílim, go háirithe Sligeach, Liatrom agus Dún na nGall, go bhfuil like, tá, go bhfuil siad iontach, ní dhearnadh go hiomlán dearmad orainn like, tá Gaillimh ag titim go mór anois fosta mar níl, níl an rialtas sásta cineál d'airgead a chur isteach ann. Tá a fhios agam nach bhfuil an t-airgead acu ach ní raibh siad sásta an t-airgead a chur isteach nuair a bhí an t-airgead acu, yeah, so, tá laghdú mór taghtha ar achan rud ar an taobh iarthar.

FF: Sure nach raibh siad le bealach mór úr a thógáil as, ón M1 suas go Doire anois a bhí sé. But, ansin, chuir siad stop leis mar dúirt siad “oh ní bheidh duine ar bith ag fáil bhuntáiste as seo seachas muintir Dún na nGall”. So, inné, chuir siad stop leis. Like, as, as an Poblacht muidne fosta, ach dúirt siad, “oh, sibhse na t-aon daoine a bheas ag fáil buntáiste as”, so, chuir siad deireadh leis, but déanann siad na bealtaí móra maithe taobh síos go Corcaigh, tá bealach úr, tá bealach úr an bealach sin agus [dothuigthe] a thiomáineann na seanbóithre céanna i gcónaí.

FI: Bhal fiú like, an rialtas like ó thaobh feachtais agus like, cineál na toghcháin is achan rud, i gcónaí bíonn Dún nan Gall ag rá “No” le achan rud cos níl an béim comh... thuas ansin, níl clue acu cad é atá ar siúil like, ach amháin na rudaí atá ar an teilifís, chuir cúpla flyers isteach but níl duine ar bith amuigh ag caint linn – cúpla duine Sinn Féin like, bíonn siadsan amuigh go láidir soiléir, but, na páirtithe eile, is beag a fheiceann tú iad áit ar bith.

Mé féin ag cur ceiste.

FG: Bhal, má tháinig siad suas le labhairt linne fá dtaobh dó b’fhéidir go mbeadh dearcadh difriúil againn, ach, níl duine ar bith really ag teacht suas chugainn agus iarraidh muid a vótáil. Cineál, uilig a feicfimid ar an teilifís, ar an raidió, sin uilig. Cloisimid é, feicimid é, ach níl duine ar bith ag iarraidh muidne a vótáil like.

FI: Tá cuid mhór le déanamh fosta le leanúnach Sinn Féin, I think, i dTír Conaill fosta because, tá a fhios agam nach raibh sa reifreann deireanach, ach bíonn cuid mhór, téann siad an bealach eile leis an rialtas, agus tá leanúnach iontach láidir ag Sinn Féin in Tír Conaill.

Mé féin g cur ceiste.

FG: Tá siad ag iarraidh níos láidre. Like, tá daoine eile sa tír iomlán ag feiceáil, tá siad, y’know, tá polasaithe maith acu caithfidh siad seans a thabhairt daofa.

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Oh, bhal, tá mise ag obair abhus anseo anois agus, cionn is go bhfuil mé ag obair i nGaelscoil, síleann lear de na tuismitheoirí “oh, is Gaeilgeoir thú, tá tú le Sinn Féin”. Ach, ní sin le rá go bhfuil duine ineacht le páirtí éagsúil, agus thíos an tír bíonn siad like “oh, níl Sinn Féin deas, níl siad maith”. Cuireann siad síos iad. Like,

ní éisteann siad le aon rud atá le rá acu do y'know, ar aon polasaí na a dhath ar bith. Agus deir siad “no, níl siad ag leanstan foréigean”. Agus, just, tá siad iontach caolaigheach, do y'know an rud sin, agus eh, ní osclaíonn siad suas an intinn. Y'know, ní éisteann siad “b'fhéidir go bhfuil polasaí maith acu air seo nó air sin”, just deir siad “Sinn Féin, sin...” deir siad “an IRA”.

FI: Tchímse i gcónaí nuair atá mé ag obair tá fear agus bíonn sé i gcónaí ag iarraidh caint ar cúrsaí polaitíocht agus achan uair atá vótá ná referendum ar bith ann, deir sé “muna bhfuil a fhios agamsa cad é le vótáil, deirim i gcónaí, cad é atá Sinn Féin ag moladh, agus déanaimse, déanaimse an mhalairt ar Sinn Féin”. Agus, sílimse gur sin droch-... Sin drochdóigh y'know, le amharc air. B'fhéidir... But fiú féin, b'fhéidir, even, fiú má tá Sinn Féin ag aontú leis an rialtas, chan i gcónaí go bhfuil siad ag gabháil in éadan an rialtas, d'ya know, bíonn policies féin acu agus chan just ag gabháil in éadan an rialtas atá siad i gcónaí.

Mé féin ag cur ceiste.

FG: Tá drochíomhá acu ón taobh seo tír, just roinnt daoine like, ní achan duine cineál ag gabháil... Fiú, má éisteann tú leo, b'fhéidir go bhfuil polasaí áirithe acu agus an ceart acu is achan rud, ach tá daoine eile agus just an rud a dúirt Bean a haon [gáire].

FF: Sílimse fosta go bhfuil níos mó tacaíocht do [dothuigthe] i dTír Chonaill mar gheall, tá muidne comh cóngarach leis an teorainn, agus, tá a fhios againn stair na tíre níos fearr ó thaobh na trioblóidí dó agus rudaí mar sin.

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Agus ní dóigh liom go dtuigeann daoine abhus anseo, tá aithne agamsa ar daoine agus tá siad comh “cad é atá ann an rud atá...cad chuige a bhfuil an teorainn ann... cad é an difear idir... cad é an dá páirtí atá ann na Caitlicigh agus na Protastúnaigh...cad chuige a bhfuil siad ag troid”. Níl a fhios acu a dhath ar bith fán stair ó thaobh na trioblóidí dó agus rudaí mar sin, agus tá a fhios acu b'fhéidir rud ineacht y'know fán foréigean a bhí ar siúil agus just cuireann siad an páirtí sin leis sin. Agus deir siad “oh bhal, tá sin bainte leis an foréigean sin”, ach níl a fhios acu a dhath ar bith fá dtaobh dó, tá iad ag tabhairt, eh, d'ya know, tá siad ag rá rud ineacht



faoi rud ineacht nach bhfuil a fhios acu a dhath ar bith fá dtaobh dó. Agus tá a fhios ag muintir Tír Conaill fá dtaobh dó sin mar bhí muid comh cóngarach dó.

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Bíonn siad ag déanamh go bhfuil muid cineál de...

FI/3: Culchies.

FG: Nach bhfuil clue againn agus, agus it's like a feirm... farm is achan rud atá muid fá dtaobh dó. Like, níl feirm ag leath na daoine i nDún na nGall ná i nGaillimh. But eh, yeah sin é, culchies. Like even daoine i mBaile Átha Cliath, chuala mé, lead, lead agus bhí sé as Maigh Eo nó rud inteacht agus ansin ní raibh sé ann lá amháin agus dúirt sé "oh yeah, y'know that country boy". I was like "what?" Bhí muid just cineál... [dothuigthe] cos bhí cineál blas difriúil aige ó like, D4 Baile Átha Cliath but bhí mé cineál....

FI: Em, ní sílim go bhfuil, daoine, go bhfuil siad anuas orthu, go síleann siad go bhfuil siad difriúil. Tá, tá daoine i gcónaí a ráit liomsa "oh tá accent galánta agat, is maith liom an dóigh a labhrann tú, tá sé comh galánta", I don't think really go mbíonn siad crua orainn.

FF: Bhal bíonn moladh acu dúinn fosta, mar a dúirt [ainm duine], brón orm, Bean a hAon, like, bíonn siad i gcónaí a rá "oh tá, tá accent galánta agat" agus go leor daoibh bhí siad i dTír Chonaill ar laethanta saoire agus deir siad "oh tá sé galánta thuas ansin ba mhaith liom a beith ann níos minice like". Agus, eh, cúpla duine ansin, b'fhéidir nach raibh siad ariamh ann "oh ba mhaith liom gabháil ansin chuala mé go bhfuil sé iontach deas" so, tá sin ann fosta. Braitheann sé ar an duine.

Mé féin ag cur ceiste.

FI: Níl.

FF: Níl mórán le déanamh ann ach, ag an am chéanna, bhí mise i mBaile Átha Cliath ar an choláiste agus muna raibh airgead agat ní raibh a dhath ar bith le déanamh ach oiread.

FI: Tá lear mór le déanamh taobh amuigh i dTír Conaill, sin an fadhb atá ann, ní bhíonn an aimsir againn. Tá na sléibhte agus an farraige agus tá lear mór áiteanna le

gabháil a siúil, áiteanna deasa, but, ní bhíonn an aimsir againn. Áit breá atá ann le [dothuigthe] but...

FG: But fás aníos bhí i gcónaí rud inteacht le déanamh fán cuibhreann ná amuigh thuas... thíos ar an trá. Bhí i gcónaí rud ineacht, fiú ag gabháil fríd muc is achan rud, bhí i gcónaí craic againn achan uair. Like bíonn [dothuigthe] againn é but...

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Yeah, ní raibh like...

FG: B'fhéidir nach raibh mórán ann agus déarfainn féin "ah tá mé bored" but, sure, bhí achan nduine bored.

FI: Bíonn daoine ag tabhairt amach fá rud inteacht.

FF: Sure, cad é a dhéanann tú má tá tú i do chónaí in cathair, cad é a dhéanann tú nuair a thagann tú abhaile ón scoil? Ag coimhead teilifís agus... i dTír Chonaill tá teilifís againn thuas d'ya know.

FI: Mothaíonn tú i gcónaí daoine ag tabhairt amach fán fadhb céanna atá ag daoine óga.

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Sin é – doiligh iad a shásamh.

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Cruthaíonn siad postanna do daoine like, le teagasc Gaeilge ins na Coláistí Samhraidh so....

FI: Tá lear lear mór turasóireacht a bhaineann leis fosta, tig na tuismitheoirí isteach is achan rud...

FF: Fanann siad in óstán, bíonn siad ag ithe amuigh...

FI: Bhí an triúr againn uilig ag obair in óstán in Gaoth Dobhair.... Agus déarfainn gur an cuid is mó de na, de na custaiméirí a fríd an tSamhradh ná tuismitheoirí.

FF: Teaghlaigh Gaeilge.

Me féin ag cur ceiste.

FF: Machaire Rabhartaigh ná Bun an Inbhir.

FI: Agus bhí cúpla duine as Anagaire agus as Loch an Iúir. Gaeilgeoirí uilig cos tá lear mór Gaeilge san óstán... tá lear mór Gaeilge san óstán so na Gaeilgeoirí uilig, thiocfadh siad ansin...

Mé féin ag cur ceiste.

FI: Ah níl mórán Gaeilge ann i ...

[Gáire].

FG: in aice le Rann na Feirste.

Mé féin ag cur ceiste.

FG: Ah rud maith atá ann. Like, cruthaíonn siad postanna is achan rud agus like, cineál de slua san áit agus feiceann tú daoine ag gabháil thart so rud maith atá ann. But tá postanna uilig atá ag cur leis sin fosta so...

FF: But fosta tá siad ag cur an Gaeilge chun cinn, agus daoine nach bhfuil Gaeilge acu tá sé ag cuidiú leosan leis an Gaeilge. Tá an Gaeilge ag éirí níos láidre mar gheall air fosta.

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Ar an cúrsa ná ar an áit?

FG: Eh, níl mórán taithí agamsa leofa. I think...

FF: ...faigheann siad busanna achan áit anois, fada ó shin nuair a bhí mise beag ba ghnách leo siúil achan áit agus bheadh siad amuigh [dothuigthe] an bhealaigh mhóir...

FG: Ní raibh ciall ar bith acu.

FF: Ní raibh ciall... trí bliana déag agus ní raibh ciall acu, but, ní nach raibh meas acu.

FG: But I think an aois atá siad...

FF: An aois atá siad yeah.

FI: Ba ghnách liomsa a bheith ag déanamh “Bean an tí” do máthair mo boyfriend ag an am agus bhí mé faoi bhrú all... Ach oíche amháin agus bhí na gasúraí ag bualadh ar na fuinneoga agus na girseacha ag iarraidh léimtí amach an fuinneog agus trí a chlog ar maidin i lár na hoíche agus bhí orm na girseacha a bhrú síos an bealach mór agus... oh faoi bhrú but... Eh, I think is sin daoine an aois sin agus giota craic...

FF: Yeah, cumha baile...

FI: Agus sé déag girseacha sa seomra amháin agus iad trí déag, ceathair déag bliain d’aois agus cúpla gasúr as an teach béal dorais.

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Tá.

FI: Tá.

FG: But déarfainn féin, ní tuigeann siad ach oiread cé comh cineál de...

FI: Ní hé gur drochpáistí atá iontu just... tá siad just... páistí.

FG: ...just páistí.

Mé féin ag caint.

FI: Bhal bheinnse ag tabhairt amach daofa but bheinnse ag gáire ansin ar ais san oíche.

FG: Cos bíonn giota craic agus sin an rud is mó, like, i gcónaí casann tú ar daoine a chuaigh go dtí an Gaeltacht, “ah an craic a bhí agam anseo, ah...” Agus sin rud maith atá ag teacht amach as agus tá cúpla focal agus ag deireadh na trí seachtain ansin....

FF: Agus is maith leo teacht ar ais agus ansin, fiú, na daoine níos sine, b’fhéidir go bhfuil páistí acu “oh, caithfidh sibh gabháil chuig an Ghaeltacht, tá sé iontach maith, agus tagann siad ar ais lena cuid teaghlaigh fosta, cé... b’fhéidir nach bhfuil siad ar cúrsa ag an am, so, faigheann siad em...

FI: Spreagann sé suim fosta sa teanga....

FF: Yeah.

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Tusa ag bangáil ar na fuinneoga!

FI: [gáire] seo an áit a bhí mise.

FF: Ab é sin daoine agus balaclavas orthu?

Mé féin ag caint.

FG: Bhí...seo na boic a bhí faoi, ah, cad é an focal Gaeilge atá air seo, eh, I dunno, faoin ghirseach agus an lead sin, no? Yeah.

Mé féin ag caint.

FF: Ah ní raibh ann ach píosra craic, bhí siad amach, rinne siad rud mór as a dhath ar bith, d'ya know. Bhí sin [dothuigthe].

Mé féin ag caint.

FG: It was like, bhí girseach is gasúr agus apparently dúirt sise, oh, "gan cead" like, ahhh...

Mé féin ag caint.

FG: Yeah dúirt sí gur [dothuigthe] i gcúpla áit but like...

FI: B'éigean di bus a fáil ar ais as an choláiste i Loch an Iúir go dtí teach s'aici i Loch an Iúir.

FG: Achan oíche ansin nach...

FF:... bhí achan nduine ar an bhus agus...

FI: ...go deachaigh sí chun an bhaile.

FG: Yeah, ní cuirfinn abhaile í.

Mé féin ag cur ceiste.

FG: Tá rudaí comh difriúil anois though. Tá cónaí ag like...

FF: Tá mé ag déanamh go mbeidh athruithe ag teacht air sin though, mar like, bíonn Garda vetting ann fá choinne achan rud anois, fiú ag obair istigh i club óige bíonn sé i gceist. So, ó thaobh an choláiste dó, duine atá ag réachtáil an coláiste, ba chóir go mbeadh sin istigh acu, go mbeadh Garda vetting déanta ar daoine atá ag obair ann, mar...

FI: Tá anois, nach bhfuil...

Mé féin ag caint.

FF: B'fhéidir nach raibh fada ó shin but tá mé... caithfidh sé go bhfuil anois, cinnte.

FI: Cha raibh ormsa Garda vetting ar bith a dhéanamh...

FF: Ah, bhí tusa ag déanamh “bean an tí”... oh tá tú ag caint ar na mná tí is achan rud mar sin?

FI: Tá a fhios agam nuair a bhí mise ag déanamh “bean an tí”, bhí mise, mise ag gabháil amach le mac fear an tí ag an am, agus dúirt sé liom go raibh like, cailín le fanacht sa teach cionn is gur cailíní a bhí ann...

Mé féin ag cur ceiste.

FI: No, bhí mise ag amharc i ndiaidh na cailíní but bhí mac s'aici is [dothuigthe] sa teach cibé so dúirt mé “nach dtig leisean é a dhéanamh” agus dúirt sí “oh no no, caithfidh cailín a bheith ann cionn is gur cailíní atá sa teach”.

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Tá, lear mór. Ah, cha dtiocfadh leat cuntas, tá daoine...

FG: Like tá an cuma ann anois go bhfuil duine ineacht ag gabháil achan seachtain le cúpla seachtain anuas.

Mé féin ag cur ceiste:

FG: Yeah, thar a bheith.

FF: Like, tá leath Gaoth Dobhair thall ansin.

FI: Bhí mé ag caint le bean atá i ndiaidh theacht ar ais. Dúirt sí go raibh sí ag gabháil isteach go dtí na tithe leanna ansin agus go raibh sé cosúil le gabháil isteach go dtí na tithe leanna sa bhaile. bhí eagla uirthi bualadh suas le daoine but shiúil sí isteach agus bhí achan duine ansin.

Mé féin ag cur ceiste.

FG: Ní fhaca mise [dothuigthe] ar an choláiste, tá daoine still ar an choláiste... but tá aithne agama ar daoine níos sine ar shiúl...

FF: Cha dtioc-... tá sé ró-dhoiligh le uimhreacha a chur air...

FI: B'fhéidir idir grúpa, cosúil le mé féin ag FG [gáire], tá muid iontach cairdiúil le chéile agus tá grúpa beag cairde againne agus tá...

FF: Bean amháin i Ceanada...

FI: Bean amháin san Astráil...

FF: San Astráil. Sin amach as grúpa de cúigear againn, b'fhéidir. Beirt as cúigear sin, ar shiúl...

FI: Agus ansin as... amach as grúpa níos leithne tá lear mór ar shiúl go Dubai agus...

FF: Abu Dhabi.

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Ah, is breá liom an taisteal.

FI: Yeah, definitely because like...

FF: Téim sa tSamhradh mar gheall ar an post atá agam, níl mé ag obair sa tSamhradh, tagaim ar ais mar, tá an t-ádh liom go bhfuil post agam anseo.

FG: Tá dúil agam sa taisteal fosta so rachainn ach, I'd say i gcónaí tiocfainn ar ais anseo [dothuigthe] inteacht.

FI: Bheinn an dóigh chéanna, rachainn ag taisteal. Bhí mise i mo chónaí sa Fhrainc ar feadh bliain, agus bhí mé ar an, an bhfuil a fhios agat, Erasmus, agus bhí

daoine...bhí mé ag bualadh le daoine as achan tír. Daoine as Meicsiceo, ansin bhí daoine as Meiriceá, daoine as Ceanada, as an tSín, Japan. I think ag deireadh an lá, i gcónaí na hÉireannaigh uilig, mar bhí muid níos cosúil le... níl duine ar bith cosúil leo, agus, thiocfainn i gcónaí chun an bhaile. Ní bhíonn an craic céanna agat...

FF: No, ní bhíonn.

FG: Ní bhíonn.

FF: Bíonn tú ag déanamh like joke agus ní thuigeann siad é agus bíonn tú like “ah, déan dearmad dó”.

FI: Yeah.

FF: Bíonn ag magadh ar rud inteacht ach ní thuigeann, ní thuigeann siad...

FI Yeah sin é, glacann siad rudaí iontach dáiríre... Tá siad iontach dáiríre fá lear mór rudaí agus...

Mé féin ag cur ceiste.

FF: [dothuigthe] achan am. Bhal, bhí mise i Meiriceá Theas ansin i rithe an tSamhraidh, so, chonaic mise... eh, like, déanta agam giota beag, so ba mhaith liom gabháil ar ais agus níos mó a fheiceáil, ach ba mhaith liom an Astráil a fheiceáil agus Nua Shéalainn, mar ní fhaca mé é [dothuigthe]. An pleán a bhí agamsa ar dtús ná nuair a chríochnaigh mé an coláiste bhí mé, rachaidh mé ag obair fá choinne dhá bhliain agus glacfaidh mé career break agus rachaidh mé anonn go dtí an Astráil, ach tá mé ag obair anois le ceithre bliain agus char ghlac mé career break ar bith, y’know.

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Yeah sin é, so, y’know, athraíonn rudaí so... But ba mhaith liom thall ansin agus é a fheiceáil but ní dóigh liom go mbeidh mé ag déanamh bliain thall ansin a bhí i gceist agam a dhéanamh, b’fhéidir just, ceithre mhí b’fhéidir, like dhá mhí sos a thógáil ón obair agus ceithre mhí, like, dhá mhí sa tSamhradh agus dhá mhí eile sa bhreis a dhéanamh.

Mé féin ag cur ceiste.



FI: Yeah, bhí mé sa Fhrainc but tá cúpla taisteal déanta agamsa fosta. Bhí mé in, bhí mé in Asia ansin dhá bhliain ó shin agus bhí mé in Meicsiceo anuraidh le giota beag taisteal. I think go rachainn go Meiriceá Theas, but cosúil le [ainm duine] déarfainn cúpla mí, ní rachainn ar shiúl fá choinne tamall mór fada, bliain nó dhá bhliain.

Mé féin ag cur ceiste.

FI: Ní rachainn ar shiúl ag obair, rachainn ar shiúl ag taisteal.

FF: Yeah, airgead a shábháil ar dtús agus ansin.

FG: Bhal bhí mé féin i Meiriceá agus bhí mé, just ar cineál laethanta saoire sa Fhrainc agus rud but, I dunno, like, tá sé, tá sé deas na tíortha sin a fheiceáil. Deir ar dóigh atá ann but, eh, braitheann sé fosta ó thaobh airgead, post agus... like, má bhí tú istigh i Meiriceá nó áit ar bith, Sasana, agus bhí post breá agat agus bhí tú ábalta tú féin a choinneáil ag gabháil... ní bheadh fadhb ar bith agam.

Mé féin ag cur ceiste.

FI: Ní thig leat cónaí mar sin ach fá choinne mí...

FG: Mí agus yeah...

FI: Éiríonn tú tinn den craic sin agus...

FF: Tinn de mála – ag cónaí amach as mála...

FG: Yeah ag cónaí amach as mála...

FF: Tá tú just ag iarraidh...

FI: Ag iarraidh prátaí agus bainne...

FF: Bainne. Cúig seachtain a bhí mé ansin sa tSamhradh. Thriail mé bainne in Argentina agus bhí mé like “no”. Sa bhaile, Donegal Creameries – oh. Bhí mé just cosúil le bheith ar neamh.

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Bhal, thiocfadh leat labhairt le lear gasúraí as an áit as beidh siad like “rally, rally, rally” right, now, níl suim dá laghad agamsa i rally ná a dhath mar sin...

FG: Tá!

FI: Cé nach bhfuil tú ag iarraidh admháil, tá rally boy racers, sin páirt mór...

FF: Tá iontach mór in Dún na nGall.

FI: Ní fheiceann tú é áit ar bith eile, an oiread acu.

FF: No, even daoine a thaganns ar cuairt, bíonn siad like, deir siad “oh bhí mé thuas fá Gaoth Dobhair [dothuigthe] ná áiteanna sin, boy racers, boy racers ach áit, carranna souped up ag gabháil thart, lámh amach an fhuinneog acu... ag an siopa ag caint fríd fuinneoga le chéile in áit gabháil chuig teach duine ineacht, y’know.

Mé féin ag cur ceiste.

FI: Yeah.

FF: Yeah, sin é, yeah.

FI: Ach, sin an páirt is deise den cultúr, ach sin páirt dó.

FF: Cé nach bhfuil suim againne ann, is páirt den chultúr é. Bhal is maith liomsa an ceol agus... tá suim mór sa ceol agus sa ceol traidisiúnta...

FG Yeah, tá an páirt sin maith.

FF: ... agus eh, téim chuig an “Fleadh” agus dhéanaim [dothuigthe] orthu agus an ceol, so, ó thaobh foireann Gaeilge ansin, bíim féin – tá tusa sa buíon ceol fosta...

FG: Yeah.

FF: [dothuigthe] banna ceol Gaoth Dobhair. So tá suim mór againn sa...

FI: Yeah an Crann Óg...

FF: Yeah an Crannóg, agus eh... So, tá suim mór agamsa sa cheol agus an taobh sin de. Cé nach... b’fhéidir nach mbeinn ag éisteacht le Clannad is le Altan i gcónaí, d’ya know, má chuireann duine ar bith ceist orm fá Gaoth Dobhair, sin an chéad rud a thiocfadh le mo theanga, oh, Altan, nó Mairéad Mooney, d’ya know...

FI: Enya... claim to fame. [gáire].

FG: Yeah. I dunno, meascán de rud ann, bíonn craic like... Tchíonn daoine...  
Tháinig cairde de mo chuid aníos go Gaoth Dobhair uair amháin bhí siad like “an bhfuil sibh craiceáilte like, níl a fhios agaibh cá huair le stopadh, cineál just, coinníonn sibh ag gabháil don oíche like”. Agus like, tá part mór, like, bíonn tú i gcónaí suas fá choinne an craic, like, sin páirt den cultúr. Tá dúil againn in an oíche a chur thart ag caint agus an craic agus na pubanna agus... níl mórán eile le déanamh, like, i rith na hoíche, na hoícheanta ansin. Cad é eile, tá peil mór ann fosta, bhal, bhí peil iontach mór ann, spórt, agus like, tá suim ag achan nduine ann go háirithe nuair atá Gaoth Dobhair ag gabháil go maith is achan rud, bíonn i gcónaí slua mór amach acu, amach ag amharc orthu is achan rud.

Mé féin ag cur ceiste.

FG: No, tá sé mór just níl siad chomh maith is a bhí muid....

FF: Bhí drochshéasúr againn....

[gáire]

FF: ... beidh muid ar ais. Ah, no like, nuair a bhí an Comórtas Peile na Gaeltachta ar siúil i nGaoth Dobhair i mbliana, sure bhí achan nduine sa bhaile fána choinne agus bhí deireadh seachtaine den scoth againn...

FG: Craic ar dóigh.

FI: Yeah, buzz.

FF: ...anois bhí an aimsir linn fosta agus bhí sé iontach iontach maith agus is breá linn, peil, like peil Gaelach, is rud mór é i nGaoth Dobhair.

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Naomh Muire agus Gaoth Dobhair.

FG: Yeah.

Mé féin ag cur ceiste.

FG: No, tá go fóill.

FF: Nó, tá, tá, agus tá triúr as Gaoth Dobhair ar an fhoireann so... sin rud bródúil eile, d'ya know. ...

FG: Yeah, like...

FF: Go bhfuil triúr as ár n-áit féin ar an fhoireann.

FI: Yeah agus an buzz a bhí thart fá Gaoth Dobhair like, fosta. Like, na, bhí siad cineál péinteáil achan rud...

FF: Na tithe, caranna agus asal...

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Sin, like, muidne uilig ina chónaí thíos anseo i mBaile Átha Cliath agus Cill Dara agus tchí tú d'fhoireann féin... sin do dúchas like. Bhal is as Dún na nGall mise, tá mé i mo chónaí anseo tá mé bródúil a bheith as Dún nan Gall agus, bíonn achan nduine... bhí achan nduine ag déanamh ábhar magaidh de Dún nan Gall roimhe seo... Bhí agus...

FG: ... ag tabhairt amach fá dtaobh dúinn.

FF: Bhí sé magadh mór.... Like, tá contae eile nár bhain ariamh é, like, bhí an bua againne i nócha a dó, an dóigh a labhrann siad, shílfeá nár bhain muid ariamh é. Y'know, so, nuair a tháinig muid amach i mbliana agus bhain muid, bhí achan duine sásta dúinn mar "fair play daoibh". Agus thug siad an fair dues dúinn ansin cineál de.

Mé féin ag cur ceiste.

FI: Yeah I think, tá.

Mé féin ag cur ceiste.

FG: Oh yeah.

FF: Is maith liom Jim.... Tá rud agamsa le Jim ó thaobh Caoimhín Ó Casaide de.

FG: Oh yeah.

Mé féin ag cur ceiste.

FI: Oh, tá muid. I think go bhfuil béim mór ar an pheil in paróistí beaga agus sin cineál de... Na gasúraí óga uilig sa scoil bíonn siad ag iarraidh a bheith ar an foireann peile agus tagann siad aníos leis sin, agus ansin, nuair atá siad ar an foireann peile bíonn na tuismitheoirí agus go leor den teaghlach agus na cairde s'acu ag tacaíocht. Agus ansin, ó thaobh foireann Dún na nGall, cineál de, níl mórán againn i dTír Chonaill. Bímid anseo i Baile Átha Cliath bíonn siad like “ah, cad é maith a tháinig amach as Tír Chonaill, cad é atá agaibse?” Tá, achan nduine ag caint ar Tír Chonaill ansin agus...

Mé féin ag cur ceiste.

FG: Yeah, cinnte gur thug sé cúis áthais dúinn gan dabht like. Sure, ní raibh mise ach cúpla bliain d'aois nuair a bhain siad go deireanach, so, níl cuimhne agama ar an cineál buzz agus [dothuigthe]. Nuair a tháinig sé chugainn, ní fheicfeá áit ar bith, sa contae eile, like, ní raibh sé cosúil leis, ní fheicfeá áit ar bith leis, oh yeah, thug sé....

FF: Cuir i gcás Cill Cainnigh, baineann siad é san iománaíocht achan bhliain agus tá cúpla páistí sa scoil agus b'fhéidir tá tuismitheoirí s'acu as Cill Cainnigh agus bhí, d'ya know, bhí mise ag déanamh réidh agus bhí póstaeirí déanta agam do Dún na nGall sa scoil agus bhí mé ag insint do na páistí go léir faoi Dún na nGall agus bhí go leor de na tuismitheoirí like “oh, súil agam go mbainfidh sibh” agus, d'ya know, bhí an cluiche ceannais iománaíocht ag teacht aníos agus bhí mé like “oh, is as Cill Cainnigh...” agus bhí siad like “ah, yeah, sure baineann mud achan bhliain, ní miste”. Agus bhí mise, ah d'ya know, “tá sibh cleachtaithe leis”. Ach, ní dóigh liom go n-éireoidh Dún na nGall mar sin a choíche, mar, is breá leo a bheith ag ceiliúradh.

FI: Tá sé iontach bródúil fosta, cos, cuir i gcás Baile Átha Cliath, an oiread daoine atá, cad é an daonra atá ag Baile Átha Cliath, tá million daoine ann. Sa bhaile níl mórán daoine óga thart, agus, na daoine óga a bhí ann, tá siad ag imeacht anois, so tá a fhios agam daoine anseo a téann abhaile achan deireadh seachtain le gabháil ag traenáil. [dothuigthe] traenáil ar bith, ní raibh siad ag ól ná, ní raibh foireann Gaoth Dobhair ag ól ó Mí Marta ann go dtí... cuireadh amach iad, in, d'ya know, mí Deireadh Fómhair.

FF: Sin just do club s'acu.

FI: Sin commitment mór, d'ya know, agus tá sé iontach tábhachtach.

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Yeah.

FI: Yeah sin é.

Mé féin ag cur ceiste.

FG: Bean a trí muinteartha.

Mé féin: Cad é?

FG: Bean a trí muinteartha.

FF: Tá sé posta ar mo chol ceathair. Ach, tá aithne... bhi sé ar scoil le mo dheartháir, so bhí aithne agama ar Kevin le blianta anuas. Is duine deas é, thosaigh sé an pheil agus, d'ya know, bheadh sé iontach, y'know, hotheaded, agus tá a fhios agam, b'fhéidir don pháirc, rudaí eile a tharlaigh ar an pháirc ag an tús, i gcónaí bhí sé iontach hot headed, a d'fhoghlaim sé cuid mhór like, ón imirt is achan rud, agus just leis an taithí a bhí aige, like, is imreoir den scoth a bhí ann, like, ag an tús, nuair a thosaigh sé ag imirt [dothuigthe] nó rud ineacht bheadh sé ar shiúl, ar mire ar an pháirc, b'fhéidir ag iarraidh d'ya know, troid a thoiseacht, agus anuraidh tharla rud ineacht agus bheadh sé... deas, suaimhneach, d'ya know, thug sé...

FI: Bhí sé aibí chomh maith, bhí sé giota beag níos sine, fosta.

FG: Yeah, aibí, yeah.

FF: Yeah sin é, sin é. Agus like, thug sé rudaí le chéile agus bhí sé like, "coinneoidh mé seo le chéile, ní chaillfidh muid an cloigeann", d'ya know, agus fiú like... Is imreoir den scoth a bhí ann, gan dabht. Agus fiú, is imreoir den scoth é agus ní bheadh muidne sa leathcheannais anuraidh ach ab é é. Agus an pointe sin a fuair sé in éadan Cill Dara ins na bomaití deireanach, d'ya know, ní bheadh muid fiú sa leathcheannais anuraidh. Sure, d'éirigh sé as in éadan... nuair a bhí siad ag imirt as Crossmaglen agus d'iarr Jim air theacht ar ais agus tháinig sé ar ais... agus ansin sa leabhar, léigh mé píosaí den leabhar. Tá a fhios agam b'fhéidir, i gcomhar le Jim, is duine iontach... d'ya know, tá sé an-dáiríre, caithfidh tú é a dhéanamh ar dhóigh Jim, agus má bhriseann tusa sin, sin é b'fhéidir. Dúirt sé rudaí, now, ins na rudaí a léigh mise, níor shíl mé gur scaoileadh aon rún mór, d'ya know, ach, obviously is

duine Jim agus dúirt sé “oh, bhal dúirt tú rud ineacht faoin traenáil agus ní chóir duit aon rud a rá” so bhí sé sin a buille ach sílim... Dúirt sé le na lads, bhí an seoladh don leabhar Tigh Mhicí agus níor tháinig duine ar bith as na leads ón foireann go dtí an seoladh, like mates aige, mar dúirt Jim, “má théann sibh, tá sibh den panel”, nó fuair sé, fuair sé amach...

FI: [dothuigthe].

FF: But sure bhí Eamann Mac Aoidh, sílim go raibh siad...

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Is manager iontach é, obviously ach ab é, ní bhfaigheadh, ní bheadh an, ní bheadh Sam i dTír Chonaill, d’ya know.

FI: Aontaím le [ainm duine] fosta gur imreoir den scoth atá ann agus bhí sé iontach aibí sna blianta, le cúpla bliain anuas...

FG: But bhí McGuinness thar fóir like nuair a amharcaimse, like rud inteacht mar sin a dhéanamh...

FI: B’fhéidir go raibh, ach tá a fhios agat tú féin an dóigh atá McGuinness leis... obviously bhí a dóigheanna féin aige nach raibh ag aon nduine eile....

Mé féin ag cur ceiste.

FI: No bhí a dóigh féin, bhí a dóigh féin speisialta ag Jim McGuinness agus obviously níl sé ag duine eile. Y’know, má tá siad ag iarraidh é in Celtic agus má tá siad ag iarraidh é in Liverpool agus áiteacha mar sin, so b’fhéidir gur thug sé... níl mórán, le bheith ionraic, níl a fhios agamsa mórán fá dtaobh dó.

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Cuireadh, nó, flipeáil sé an lid mar a deir siad agus chuaigh McGuinness, chuaigh sé thar fóir ar rud nach raibh chomh mór sin, agus, tá mé ag déanamh, tá sé, tá brón air mar chaill Kevin amach ar All-Ireland Title, d’ya know, agus ...

FI: A bhí ag imirt le na blianta...

FF: ... bhí sé ag imirt agus chuir sé oiread isteach ins an foireann sin agus thug sé...

FI: Agus mhaígh sé gur cosúil sé a bheith níos measa?

FF: Rud eile a tharla tar éis sin actually. Bhí, an bhfuil a fhios agat, mar gheall go bhfuair siad go dtí an cluiche leathceannais, so bhí an foireann go leor ag gabháil go Meiriceá ar y’know, saoire daoibh atá ann, y’know, mar gheall ar an job maith a rinne siad, so bhí Kevin agus a bhean chéile le ghabháil, agus cancel, chuir Jim ceal ar na ticéidí. Ní raibh cead acu ghabháil. Cé go raibh sé ar an foireann sin agus thug sé go dtí an leathceannais iad, cuireadh ceal, so, cén fáth nach bhfuair sé an bonus céanna agus an buíochas sin...

Mé féin ag cur ceiste.

FF: Agus is duine, like, mé féin, like, rinne mise póstaer “Is féidir linn, is féidir le Jim”, so níl mé fá choinne an rud, so, níl mé ag cur, ag déanamh masla ar Jim ach oiread, mar is bainisteoir den scoth é, a dóigheanna féin aige. Ach, tá sé iontach, b’fhéidir just, an tuairim sin aige, just, mo dhóighse, sin é, ní thig le dhath ar bith eile tarlú, so, giota beag ró-?? an t-am sin, ach, sin an dóigh a oibreann sé, so, is pearsantachtaí tá mé ag déanamh.

Mé féin ag cur ceiste.

[gáire].

FF: Is maith an rud nach dtáinig tú ag an deireadh seachtain. Sílim go bhfuil obair againn amárach... Eh, ólann... ólann Éireannaigh cuid mhór, ólann daoine i Sasain lear mór fosta.

FI: Ólann daoine barraíocht ansin.

FF: Sin é. Tá an íomhá againn. Nuair a bhí mise i Meiriceá bhí mise ag déanamh Erasmus thall ansin, agus, dúirt daoine “oh, as Éirinn sibh, seo Jamison daoibh, oh tá seisean ólta”. D’ya, know, tá an íomhá ag Éirinn. Ansin, bíonn daoine ag déanamh go gcaithfidh siad “oh caithfidh me a bheith ag ól, is as Éirinn mé, caithfidh mise a bheith maith ag ól”. Tá an íomhá... like ó thaobh tíortha eile ag amharc orainn, ansin in Éirinn é féin. Is maith le daoine gabháil amach, like, ní théann siad amach fá choinne cúpla deoch.



FI: Tá daoine in Éirinn, tá siad iontach sóisialta fosta, and I think, níos mó na daoine as tír eile. B'fhéidir, nuair a bhí mise sa Fhrainc, dhéanfadh daoine é achan cúpla seachtain, achan cúpla mí, y'know, déanann muidne é achan deireadh seachtain. Agus ólann daoine in tíortha eile, tá mé ag déanamh, b'fhéidir go n-ólann siad gloine fíon ag dinnéar, agus b'fhéidir cúpla gloine fíon ag an deireadh seachtain, ní théann, d'ya know, cad é an Gaeilge atá ar binge-drinking? Ní ólaimse oíche ar bith i rith na seachtain, fiú dinnéar ní ólaim fíon ar bith, ach ansin ag an deireadh seachtain...

Mé féin ag cur ceiste.

FG: Bhal, fiú daoine óga, sílim gur cineál just, déarfadh siad i gcónaí, ah na daoine óga, na daoine óga, like, sin just an rud a deireann siad. Like, b'fhéidir gur éirigh sé giota beag níos measa, ach sílim go bhfuil an fadhb i gcónaí ansin, sea, daoine óga ag ól.

FI: Fiú na daoine óga fosta anois, tá siad níos, tá siad ag éirí aníos i bhfad níos gasta anois. An dóigh a bhí mise nuair a bhí mé ceathair déag cúig déag bhí mé amuigh sa club óige agus bheadh runners orm nó tracksuit bottoms. Tché tú anois iad – thall i Seaview agus na brístí beaga agus na sciortaí, ya know. Sin é, sin an rud a bhí mise ag déanamh nuair a bhí mise ocht déag, agus bhain mé an sult as nuair a bhí mé ocht déag, dá mbeadh sé déanta agus nuair a bhí mé cúig déag cad é a dhéanfainn ansin.

### **Belfast Session 1**

M4: An gcaithfidh mise seo a stiúradh?

Mé féin: Caithfidh.

M4 ag cur ceiste.

Mé féin ag cur ceisteanna.

F5: An ceantar seo nó Béal Feirste go ginearálta?

Mé féin: Béal Feirste go ginearálta agus an ceantar seo go speisialta – iarthar na cathrach.

M4: Cad é a shíleann sibh then? Bhuel, cad é an t-eolas atá againn ar na trioblóidí?

F8: Go ginearálta?

M4: Cén t-eolas atá againn? Bheadh.... An bhfuil cuid mhór eolas againn ar na trioblóidí? An bhfuil a fhios againn gur tharla siad? An bhfuil mioneolas ar bith ar eolas againn, nó, cad é a shíleann sibh féin?

F8: Tá a lán eolas agam ar na trioblóidí like. Em, bhí sé i gcónaí ar eolas agam. Tá aithne agam ar a lán daoine a bhí páirteach sna trioblóidí.

M1: Gabh ar aghaidh [ainm duine]. Stróic leat. Ar ndóigh, just ó na scéalta, agus ón idirlíon, ó na leabharthaí, a fuair muid an t-eolas uilig. Agus...ón clann agus ar scoil. Agus ar ndóighe chuaigh siad i bhfeidhm ar an ceantar seo, go háirithe, iarthar Bhéal Feirste, an áit a rugadh agus a tógadh muid uilig.

F8: Tá nasc pearsanta ag cóir a bheith gach duine faoi..so...

M4: Síleann tú go bhfuil nasc ann...nasc pearsanta.

F8: Aye, because, tá... déarfainn go bhfuil aithne ag cóir a bheith gach duine anseo ar duine a glac páirt sna trioblóidí agus... ball de na clann is gach rud.

M4: An síleann sibh go ndeachaigh siad i bhfeidhm ar an ceantar, go... ar cineál... go diúltach nó go dearfach.

F5: Sílim go bhfuil a lán dearmad déantar ar daoine cheana féin agus go bhfuil sé go fóill páirt iontach tábhachtach sa ceantar seo... go bhfuil, go téann sé i bhfeidhm go fóill ar daoine ar a lán daoine a bhfuil ag...ar scoileanna...agus a lán daoine a bhfuil go fóill sa ceantar seo.

M4: Cad é a shíleann sibh? An síleann sibh, mar a dúirt mé, tusa a rá gur rud diúltach a bhí ann. an síleann sibh go ndeachaigh sé i bhfeidhm orainn go diúltach nó go dearfach? Ar tháinig muid amach as na trioblóidí níos fearr as...nó an bhfuil?

F8: Déarfainn níos fearr as. Em... Because, bhí, sa seanam sin, bhí daoine bheith ag troid, ach tá a fhios againn anois go bhfuil modhanna eile ann, ach, muna raibh an troid sin ann, ní bheadh na modhanna sin ann anois.

M4: An síleann sibh gur tharraing siad droch-chlú ar an ceantar?

F8: Em, b'fhéidir i súile cuid daoine.

F5: Sílim go bhfuil se stairiúil.

F8: Aye.

M4: Sílim féin gur tharraing siad, b'fhéidir gur tharraing siad droch-clú ar an ceantar nuair a bhí daoine eile ag amharc isteach. Bheadh droch-clú ar an ceantar, b'fhéidir i bpobal na Breataine agus..

F8: Aye, mar gheall ar meáin na Breataine but....

M4: Cad é sin?

F8: Mar geall ar meáin na Breataine...

M4: Sin é, mar gheall ar na meáin cumarsáide sílim gur tarraingíodh droch-clú ar an ceantar seo agus gur cuireadh síos ar phobal an ceantar seo mar, b'fhéidir mar, mar ainmhithe nó.. níl a fhios agam, cineál, cineál, ar an cineál dóigh sin, but, ní shílim, b'fhéidir, i mBéal Feirste, ní shílim gur mhothaigh tuismitheoirí s'againne go raibh droch-clú orthu, ní shílim gur mhothaigh siadsan olc nó gur mhothaigh siadsan... B'fhéidir nach smaoinemh ró-... nach mothaíonn...

F8: Déarfainn go raibh comórtas ann idir na ceantracha. Cé hiad na daoine is measa?

M4: Déarfainn é.

M1: Ar ndóigh tá an áit scartha, tá na scoltacha scartha, tá an phobal scartha, fiú cumann spóirt scartha, so, ar ndóighe, tháinig sin aníos mar gheall ar na trioblóidí.

M4: An bhfuil tú ag caint ar an phobal Protastúnach nó ar an phobal Caitliceach?

M1: An bheirt againn, year, tá an dá phobal, tá siad scartha mar gheall ar na trioblóidí agus tá siad go fóill scartha... agus, em, cuir na scoltacha seo i bhfeidhm fosta, scoltacha Caitliceach agus scoilteachta Protastúnach. I mean, tá mé ag

déanamh go bhfuil níos lú ná deich faoin gcéad de na scoltacha... sórt, scoltacha a bhfuil meascán de Phrotastúnaigh agus de Caitlicigh ann agus níl sé ina cuidiú leis, leis, leis an sórt phróiseas ceartúcháin fá láthair.

M4: Sílim go ndéanann daoine dearmad fosta gur Bóthar na Seancille, gur páirt d'iathar Béal Feirste é, just, mar bharr ar tusa a rá.

F8: Yeah.

M4: Bhuel, tá sé ins an dáilcheantar cibé ar bith, nach bhfuil? Cineál...

M1: Sea, yeah...

M4: Sa toghaceantar. Em...

M1: Gerry Adams is you MP.

M4: [gáire] Sin é. Bhuel, chan níos mó. An bhfuil siad thart? Sin cineál ceist chonspóideach, b'fhéidir. An bhfuil na trioblóidí thart?

F8: Em....

M1: Bhuel, go hoifigiúil, tá, ach... tá toradh na trioblóidí... tá muid á mhothú go fóill. Tá... go síc-... tá an síceolaíocht go fóill ann, agus tá meon, sórt, cogadh ann go fóill.

M4: Aontóinn leis sin fosta, mar gheall, mar a dúirt tú, ar na scoileanna agus tá an cathair go fóill scartha, tá ball ag dul fríd lár na cathrach seo, nó fríd cineál, iarthar agus tuaisceart na cathrach seo, seo balla, agus tá daoine scartha go fóill, y'know, ina intinn s'acu.

M1: Meon.

M4: Agus mar a dúirt tú, tá an rian sin fós le feiceáil sna daoine, fiú sna páistí atá ag teacht ar an saol nach raibh beo le linn na trioblóidí. Abair...tuigeann siad cad é a bhí ag dul ar aghaidh, b'fhéidir nach dtuigeann siad, ach, go bhfuil, faigheann tú b'fhéidir páistí agus labhairt faoi "Huns" agus "Prods".

F8: Sílim gur sin cuid den fhadhb, nach bhfuil a fhios acu, nach bhfuil an t-eolas sin acu ach síleann siad go bhfuil sé just i gceart...

M4: Cuid den t-eol-...

F8: Fuath a bheith acu...

M4: Yeah... an t-eolas diúltach a bheith acu agus leanann siad ar aghaidh leis sin.

F8: Aye...

F8: Ní thuigeann siad an rud. Tá daoine... Sílim go bhfuil... Ní féidir linn dearmad a dhéanamh ar na trioblóidí agus níl siad thart go dtí déanaimid, go dtí a amharcaimid ar na daoine atá beo go fóill. Síleann daoine “na trioblóidí, sin deich bliain ó shin, tá sé thart”. Daoine go fóill anseo a bhí mar ball den IRA nó den UDA agus tá sé go fóill slán leis na rudaí sin, like, acu. Bhí siadsan páirteach, agus caithfidh siad a bheith be leis na rudaí sin uilig ar inchinn s’acu.

M4: Tuigim an rud atá tú a rá. B’fhéidir nach bhfuil na trioblóidí ag dul ar aghaidh ach tá daoine fós ag maireachtáil leis na mothúcháin sin agus leis na smaointí sin agus an taithí sin a bhí acu sna trioblóidí agus b’fhéidir nach tháinig athrú orthu mar daoine ach tá athrú tagtha ar an suíomh ina bhfuil muid.

M4 ag cur ceiste, cuirim físeán ag dul.

[Daoine ag gáire]

M4: An bhfuil tú ag caint ar na fadhbanna nó ar an fhadhb sin go ginearálta? Nó an bhfuil tú ag caint ar cineál, rian na dtrioblóidí ar an ceantar agus....

Mé féin ag caint.

M4: Sílim, seo an focal is fearr liom faoi láthair, tá fadhbanna soch-eacnamaíochta ag an ceantar seo, sin... d’úsáid mé sin ins an foirm iarratas na scoil cúpla seachtain ó shin, but anyway... fadhbanna soch-eacnamaíochta ins an scoil, ins an ceantar seo agus agus ins an cathair seo, agus sílim go cineál, go bhfuil sin ina iarmhairt, bíonn tionchar aige sin ar na daoine atá ina cónaí sa ceantar seo. Agus tá fadhbanna, tá na fadhbanna céanna le feiceáil, sa, sa tír eile sin, sa Ríocht Aontaithe, in áiteanna cineál, leis na fadhbanna cineál céanna, soch-eacnamaíochta céanna, áiteanna mar, cosúil le Londáin, agus na fadhbanna ag na daoine ansin fosta, mar gheall nach bhfuil mórán ann dóibh. Níl áiseanna, mórán áiseanna ann dóibh, níl postanna ann dóibh, níl go leor airgid ins an ceantar, níl infheistíocht ar bith ins na ceantaracha,

agus sílim gur sin, go bhfuil sin mar cheann de na fáthanna a bhfuil na rudaí sin ag tarlú. Níl mé á rá, y'know, gur sin an fáth go dtéann achan duine amach, ní théimse féin amach agus ní goidim carranna, ach tá grúpaí ar leith in ceantracha áirithe nuair nach bhfuil dóchas ar bith in ann dóibh agus níl post-, postanna ar bith ann agus sílim...tagann na rudaí sin as sin.

F8: Aontaím leat go pointe ach sílim go ndéanann daoine, go mbaineann daoine as an leithscéil sin...

M4: Déarfainn é.

F5: De réir cosúlachta bhí na rudaí sin ann daichead bliain ó shin, ach ní raibh.... Bhí an eacnamaíocht iontach lag so bhí daoine ag troid sa cogadh agus bhí daoine eile a goideadh carranna, ach anois níl na daoine eile ag troid níos mó, tá na daoine just ag goideadh na carranna, so, mar gheall ar eacnamaíocht a bhfuil an ceantar s'acu féin. Sílim go bhfuil, tá sé iontach furasta do na daoine sin sleamhnú isteach san cineál grúpa sin.

M4: Sílim go bhfuil baint aige leis na trioblóidí leis fosta, mean, tá cineál, amharc ar [ainm duine] agus dúirt siad, "léir- or, thaispeáin sibhse an dóigh le daoine óga an dóigh le carranna a goideadh". Like, níl a fhios agam an bhfuil fírinne ar bith leis an ráiteas sin ach sin an rud a dúirt sé leis na, leis na ball den IRA ins an scannán. But, sílim, mar gheall ar na cogadh nó ar na trioblóidí ag dul ar aghaidh, ní raibh, ní raibh na péas ag teacht isteach agus ní raibh siad ag déanamh, y'know, ní raibh siad anseo le... níor chuidigh siad le muintir an ceantar seo. Chonaic siad go raibh an IRA ag obair ins an ceantar seo agus go raibh tacaíocht acu agus dúirt siad, y'know, cineál, bhí siad ag iarraidh teacht ar an IRA. Ní raibh siad ag iarraidh rud ar bith eile, like fadhbanna ar bith eile nó fadhb sóisialta ar bith eile a bhí sna ceantracha seo a réiteach. Ach anois, i ndiaidh, mar a dúirt mé, i ndiaidh b'fhéidir 1998 nó cibé rud nuair a tháinig stop leis na, leis an cogadh go bunúsach, tá, sílim féin, tá na péas ag déanamh i bhfad níos mó ó thaobh fadhbanna sóisialta de. Sílim féin, b'fhéidir gur comhtharlú atá ann, cineál, tá carranna i bhfad níos fearr ann anois agus tá sé i bhfad níos deacra carranna mar sin a goideadh, b'fhéidir go bhfuil sin mar cuid dó, ach sílim go bhfuil na péas ag déanamh níos mó ó thaobh fadhbanna sin, níl mé ag rá go n-aontaím le achan rud a dhéanann siad go fóill, agus sílim go bhfuil fadhbanna ann

leis na péas ins an ceantar seo, but, dar liom tá siad ag déanamh níos mó le... leis an coiriúlacht carr sin a stopadh.

M1: Bhuel, níl bagairt ar na spraoithiománaí nó “death-drivers” nó cibé cén téarma a ba mhaith leat úsáid, ach bheinn ag abairt na bréaga má dúirt mé nach fadhb ollmhór í an spraoithiomáint, go háirithe in iarthar Bhéal Feirste, ach na laethanta a chuaigh thart, bhí sórt bagairt ann. Like, dá mba rud é go raibh mise ag spraoithiomáint agus fuair na hÓglaigh greim orm – scaoileadh mé, láithreach. Agus níl an bagairt sin ann níos mó, bhuel, tá sé ann ach, ní chluinimid. Ba ghnách, cluinimid ach an seachtain fá “punishment shootin’s” agus “punishment beatin’s”, ach, ní chluinimid ar na rudaí seo chomh minic is a gcluiféa.

M4: An síleann tú, like, mar gheall, má smaoineann tú siar go dtí deich mbliain ó shin nuair a bhí muid trí déag ceathair déag agus go bunúsach, ar na sráideanna, bhí fadhb i bhfad níos mó ann ó thaobh spraoithiomáin agus an rud sin atá muid i ndiaidh a fheiceáil. Ach le, b’fhéidir, cúig nó sé seacht mbliain anuas, tá sé tá athrú tagtha, sílim go bhfuil biseach tagtha ar an fhadhb. Mar a dúirt mé, níl a fhios agam an comhtharlú atá ann nó an bhfuil na daoine sin, ar bhog siad ar aghaidh go dtí rudaí níos measa? An bhfuil siad ag dul thart le...

M1: Drugaí...

M4: Drugaí nó b’fhéidir rudaí níos measa ná carranna a ghoideadh. Níl a fhios agam, ach, y’know, Lóistín na Móna deich mbliain ó shin, bhí sé ar mire ó thaobh, mar gheall ar carranna, ní fhaca mé y’know, carr i Lóistín na Móna a bhí ag dul ar mire le cúpla bliain anuas.

F8: Sna blianta sin fosta ní raibh cumhacht ag duine ar bith, go háirithe sa ceantar, so bhí an IRA ansin roimhe sin, agus ansin, thug siadsan suas an arm, agus ansin, ní raibh muinín ag duine ar bith sn péas, agus ansin, ní raibh duine ar bith ann ansin chun an fadhb a réiteach. So, sílim anois go bhfuil giota beag muinín ann sna péas i dtaca leis sin...go bhfuil sin ag cuidiú leis fosta.

F5: Sílim go bhfuil sé go fóill ag dul ar aghaidh i gceantar cosúil le St. James’ agus Divis, nó an bhfuil sé ag bogadh go dtí na ceantracha sin a bhfuil an eacnamaíocht i bhfad níos measa iontu? An bhfuil sé ag bogadh síos an treo sin?

M4: B'fhéidir é. Tá Divis ar fíáin like, so, ní thig liomsa, ní thig liom rud ar bith a rá fá Divis, bhí sé i gcónaí ar mire agus tá sé ar mire go fóill. B'fhéidir gur eisceacht é....

Mé féin ag cur ceiste.

F5: An grúpa sin? Tá siadsan ar mire.

Me féin ag cur ceiste.

F5: An t-aon grúpa a cluineann tú faoi ná an grúpa sin. Bhuel, sin ó mo thaithí féin. Ach an t-aon grúpa... cluineann tú go bhfuil a lán trioblóid ann i St. James' mar gheall ar an ghrúpa sin. Sin ar na mallaibh an t-aon rud a chuala mise faoin ceantar, ní chuala mé faoi rud ar bith eile cosúile le an rud a bhí ag dul ar aghaidh i Baile Uí Mhurchú.

M4: Níl a fhios agam...níl a fhios agam an bhfuil.. Tá, tá foréigean ann agus bíonn troideanna ann ar na sráideanna, but, ach níl a fhios agam an é mar gheall an, cineál is a rá rud é. Níl a fhios agam an bhfuil rian de na trioblóidí le feiceáil ins an foréigean sin, y'know, just mar gheall go bhfuil daoine óg ad dul thart sna sráideanna, b'fhéidir go bhfuil siad ag ól nó cibé rud, ag glacadh drugaí agus ag troid. Níl mé a rá gur rud maith é ach déarfainn go bhfuil sé ag tarlú in a lán áiteanna eile fosta, ní amháin sa tír seo ach y'know, ar fud, ar fud an domhan bunúsach.

F8: Yeah, sílim anois tá muid ag athrú go dtí sochaí cosúil le tír ar bith eile.

M4: Yeah.

F8: In áit sochaí trioblóideach.

F5: So, tá an difear, an difear idir na aicmí le feiceáil. Sílim go bhfuil an trioblóid uilig ag dul an treo eile.

Cuirim físeán ag dul, cuirim ceist.

M1: Bhuel, ar ndóigh tá muid ag suí i lárionad na Gaeilge i mBéal Feirste fá láthair. Bhuel ar ndóighe tá sí beo agus beidh sí beo agus sílim féin go bhfuil muid an sórt tairgeadh den phróiseas seo. Tá muidne uilig ina suí anseo agus tá céim bainte amach againn, tá céim bainte amach agat sa Ghaeilge, sibhse ag dul don Ghaeilge fosta, tá



mise ag dul don corpoideachas trí mheán na Gaeilge, so tá dul chun cinn déanta agus, tá muid go fóill ag fás.

F8: Bhuel ar an seachtain seo caite chuaigh mud thuas, or thall go dtí Conamara le scaifte daltaí ón scoil seo, agus muid sa Gaeltacht, cuir muintir na háite “na Gaeilgeoirí” orainn because, mar labhair scaifte s’againne Gaeilge agus níor labhair muintir na Gaeltachta Gaeilge ar bith. So, sílim go bhfuil an Gaeilge sa cathair ag dul...ag éirí i bhfad níos fearr.

M4: Sílim fosta mar gheall ar, ar an airgead ar cur ar fáil ó... níl a fhios agama ar chuir Foras na Gaeilge an t-airgead ar fáil nó... tá a fhios agat na Oifigeach Forbartha Teanga atá ann, tá a fhios agat go bhfuil Oifigeach Forbartha... bhuel tá Glór na Móna in Uachtar Chluanaí, tá Glór an Gléanna, Glór an Tuaiscirt, Croí Éanna, em, na grúpaí seo uilig ag teacht chun cinn ar fud na cathrach, ní amháin san iarthar ach ar fud na cathrach agus ag iarraidh an Gaeilge a cur chun cinn sa ceantar, ní amháin do Gaeilgeoirí, ach do Béarlóirí fiú agus do foghlaimeoirí na Gaeilge, ag iarraidh Gaeilge a chur ar fáil, ag iarraidh Gaeilge a chur amach sa ceantar, fiú más rud é, y’know, fiú comharthaí a chur ar dhoirse, tá siad go fóill ag iarraidh an Gaeilge a chur sa ceantar agus an Gaeilge a bheith ann. So, cineál, seachas an Meánscoil, agus seachas na scoileanna, sílim go bhfuil sí láidir, taobh amuigh den cineál earnáil oideachais.

F5: Tá sí le feiceáil gach áit ar Bóthar na bhFál. Is féidir leat siúil síos Bóthar na bhFál agus tá na comharthaí sna siopaí athraithe go dtí Gaeilge is fiú na tacsáí dubh, agus na busanna a bhfuil ar bealach suas agus síos an bóthar tá na comharthaí i nGaeilge fosta, sílim go bhfuil sé rud iontach deas le feiceáil ar an bóthar.

M1: Bhuel, tá tréan oibre go fóill le déanamh, I mean, lasmuigh den seomra ranga, níl mórán, b’fhéidir chan fiú daichead faoin gcéad de na daltaí anseo ní bhíonn siad ag labhairt i nGaeilge, so caithfidh muid sórt béim a chur ar cúrsaí CLG nó fiú clubanna óige. Like, nuair a bhí muidne ag teacht i méadaíocht chuaigh muid go club eachtra... mar sílim anois...

F8: Tá ceann thuas i Tullymore anois

M4: Tá, tá an rud sin... Fóram na nÓg atá ag teacht chun cinn. Bíonn ceann i Lóistín na Móna, club óige uair amháin sa tseachtain do Gaeilgeoirí, actually, tá sé bogtha

go dtí barr Bóthar na Carraige Báine, tá ceann ann thall in An Droichead, sílim, ceann ann sa Tuaisceart, dúirt tusa Tullymore fosta, so, ah, cumann óige trí mheán na Gaeilge, so tá sin ag teacht chun cinn. Fiú an rud a dúirt tú ansin faoin Cumann Lúthchleas Gael, déarfainn go bhfuil cumann s'agaibhse, Cumann Naomh Pól maith ó thaobh na Gaeilge de, agus an Gaeilge a chur chun cinn agus...

M1: Bhuel, ó thaobh Gaeilgeoirí de, déarfainn go bhfuil mórchuid...go bhfuil Gaeilge ag mórchuid de na ball sa chumann. Tá mise ann, tá mé féin ann mar oifigeach chultúrtha i mbliana, so tá mise ag iarraidh eachtraí a chur chun cinn trí mheán na Gaeilge agus cibé cén rud a dtig liom a dean-, a dhéanamh, déanfaidh mé é cinnte. Ach, tá sé deacair, I mean, an tacaíocht agus tá na daoine de dhíobháil ort chun sórt rath a bheith ar na, ar an stuif seo. So, bhuel, tá muid ag dul ó neart go neart cibé.

M4: Chuala mé rud cúpla bliain ó shin, níl a fhios agam cé, ins an cumann s'againne, like, níl a fhios agam cé a bí ag iarraidh é a chur chun cinn, níl a fhios agam ar oibrigh sé, ach ag iarraidh na orduithe, a bheadh ag na bainisteoirí, go mbeadh siad acu nGaeilge. Níl a fhios agam, ag iarraidh a rá le [ainm duine], ag iarraidh a rá le, ní déarfaidh mé ainmneacha ar bith, but...ag iarraidh a rá leis na daoine sin a bheith ar an taobhlíne ag scairteadh rudaí trí mheán na Gaeilge. Níl a fhios agam an n-oibreodh sé, ach is smaoinemh maith é, agus is rudaí beaga cosúil leis sin. Sílim go bhfuil na rudaí sin de dhíth.

M1: Bhuel, tá tábhacht ar leith ag Laochra Loch Lao fosta, fiú an lucht tacaíocht, ach an bhliain bíonn siad...tabhrann siad ardmholadh don fhoireann agus don lucht tacaíocht ar an raidió, ar an TV ach an áit. So, sílim, b'fhéidir club neamhspleách lán-Ghaeilge, sin an dóigh chun tosaigh os seo amach. An dtarlóidh sé? Beidh le feiceáil.

M4 ag cur ceiste.

M4: [ainmneacha daoine] – an grúpa ag gáire.

M1: Bheadh tuairim éagsúil ag daoine éagsúla. Mo thuairim féin ná muintir Bóth-... Bhóthar Seoighe. Bhunaigh siad an chéad scoil lán-Ghaelach i mBéal Feirste agus sórt, d'fhás... D'fhás an Ghaeilge aníos ó Bhunscoil Phobal Feirste, b'fhéidir nach n-aontaíonn tú liom, mar fear Gaelscoil na bhFál, ach, is iadsan laochra na Gaeilge s'agam i mBéal Feirste cibé.

M4: No, aontaím go huile is go hiomlán leat, bunaíodh...sin an áit, sin buncloch na Gaeilge, go bunúsach sa cathair seo, Bóthar Seoighe, ach sílim gur fhás, y'know, d'fhás sé amach ó Bhóthar Seoighe agus tá sí spréite amach anois, agus ar ndóighe tá an Ceathrú Gaeltachta againn. Eh, but aontóinn leat, na daoine sin a bhí, eh, ar a cuidigh Bóthar Seoighe a bhunadh. Na daoine sin, b'fhéidir, a chuaigh rompu fosta, na daoine sin a bhí in... cén t-ainm atá – Árdcoil, sílim, roimh an Cluain Árd, sílim. Bhí Ardscoil ann, na daoine sin, níl aithne agam ar dhuine ar bith ach tá a fhios agam go mbeadh múinteoirí sa scoil seo agus go mbeadh tuismitheoirí s'acu cineál, go mbeadh siadsan san áit sin agus, agus siadsan na daoine a chuidigh leis an Gaeilge a chur chun cinn agus tá páistí agus garpháistí s'acu anois ag teacht chun cinn mar cineál, ceannairí na Gaeilge go bunúsach. Má amharcann tú ar an scoil, ní amháin ar an scoil but taobh amuigh den scoil, cuid mhór de na daoine sin thiocfadh leo a rá leat gur fhoghlaim aithreacha agus máithreacha s'acu Gaeilge s'acu sa Cluain Árd, nó san Ardscoil nó ar Bhóthar Seoighe.

F5: Fiú na tuismitheoirí a cuir páistí s'acu chuig an bunscoil ar dtús, b'fhéidir gur ceart laochra a chur orthu. Bhí muinín acu sna daoine sin a cuir an Gaelscoil nó an bunscoil sin chun tosaigh.

M1: Bhuel, tá an ceart agat, mar léigh mé uair amháin gur chuir lucht, cibé, na Protastúnaigh, nó lucht Sasana... dúirt siad gur cruelty a bhí ann páistí a chur ar scoil lán-Ghaeilge. So, tá an ceart agat, tá, bhí muinín acu sa chóras agus nach méanar daoibh.

M4: No, aontóinn leis sin.

F8: Sílim gur fiú dul siar chuig na trioblóidí arís fosta, agus, istigh sna príosúin is gach rud, sílim gur sin áit tábhachtach ina dtáinig an Gaeilge. Cos, I remember, bhí siadsan a rad, bhí na Sasanaigh a rá like “ní thig leat seo a dhéanamh, ní thig leat sin a dhéanamh”, agus dúirt siadsan, “Actually, foghlaimoidh muidne an Gaeilge, teanga dúchais s'againn. Agus má amharcann tú ar na céad daltaí ar an scoil... an Meánscoil fosta, formhór acu, sin páistí na príosúnaigh agus mar sin a bhí like...giota beag faoi smacht, nó faoi stiúir na Sasanaigh – “nah, níl seo ag tarlú”.

M4: Déarfainn, like, d'úsáid na daoine a bhí sa príosún, d'úsáid na cimí mar uirlis troda go bunúsach, agus uirlis troda mar gheall go raibh cogadh ag dul ar aghaidh.

D'úsáid siad é sa príosún mar gheall go raibh siad ag iarraidh cumarsáid a dhéanamh lena chéile gan fhios do na gardaí, nó do na, do na gardaí go bunúsach, ach tá mud agus tá páistí den ghlúin sin anois ag teacht ar an scoil agus sílim go bhfuil muid ag baint úsáid as an Gaeilge mar uirlis troda eile. Focal mór a thagann, a cluinim i gcónaí é ná, níl a fhios agam an bhfuil a fhios agam é i nGaeilge anois “frith-choilíneachas”, “anti-...” Cad é atá ann? Anti-colonialism. Yeah, so, ag iarraidh a rá, y’know, rinneadh coilíneachas sa tír seo agus scriosadh.... Níl mé ag iarraidh ainm s’aige a rá.... Scriosadh an teanga, scriosadh an culture, nó rinneadh iarracht an teanga agus an cultúr a scriosadh, agus anois, tá muid, go bunúsach, tá muid ag troid ar bhealach eile, b’fhéidir go hintleachtúil, más maith leat cur ar an bhealach sin.

F8: Sílimse gur sin an fáth a bhfuil an fás ag teacht air níos gaiste anseo ná mar atá sna Gaeltachtaí, because ní raibh orthu troid don teanga riamh, ach anseo, bhí orainne troid a chur ar bun don teanga, so tá níos mó meas orainne ar, ná mar atá ag cainteoirí dúchais.

Cuirim físeán ag dul.

M4: An ndtearn tusa na físeáin seo? Ní dhearn. Níl tusa ag seasamh i Naomh Shéamais le do guthán. Sin an [dothuigthe] a cur ar sa Randy Lepreachaun.

M1: Cén t-ainm a bhí r an DJ? [ainm duine]?

M4: [ainm duine] - dhá ceann acu. Ceann cineál níos mó agus ansin ceann tanaí

M1: Achan oíche... achan oíche ar feadh coicís...

M4 ag cur ceiste.

M1: Sacar Caitliceach... a bheirimid air. No, bhuel...

F8: Tá nasc ann idir...

M1: Ar ndóigh, yes. Agus, is breá liomsa na Ceiltigh, bhí “season book” agam ar feadh cúpla séasúr fosta agus, I mean, go háirithe in iarthar Bhéal Feirste sílim go bhfuil sórt, clann na Ceiltigh sórt fite fuaite, em, mean, ag dul ar ais sna blianta, bhí i gcónaí nasc idir agus Éirinn agus Béal Feirste, em, bhuel ar ndóighe is club Éireannach í Celtic atá lonnaithe i nGlasgow. Bunaíodh iad mar go raibh siad ag

iarraidh sórt trócaire a dhéanamh agus a thabhairt agus cuidiú a thabhairt don cine(adh) Éireannach a bhí ina gcónaí in Oirthear – Oirthear Glasgow nach é?

M4: Níl mé rócinnte.

M1: East-end, oirthear, so as sin, sórt d'fhás an nasc. I mean, mise ag teacht i méadaíocht, ní raibh suim dá laghad agam, arís, ní raibh suim dá laghad agam sa pheil ach amháin na Ceiltigh. Péil Gaelach, iomáint, liathróid láimhe i mo theachsa, ach, bhí an sórt, bhí an baint i gcónaí le Celtic. Mean, nuair a téann tú go Celtic Park tá brat na hÉireann ann, tá daoine as Éirinn ag ceol amhrán as Éirinn, agus sórt, mothaíonn tú sa bhaile. Sin a fáth a bheirimse tacaíocht do na Ceiltigh.

F5: Ní féidir leat sin a fháil anseo agus tú ag amharc ar an pheil. Nuair a téann tú chuig Glasgow tá clann ann a bhfuil ag ceolann na amhrán céanna a bhfuil tusa ag iarraidh ceol agus ní féidir leat sin a fháil sa tír féin. Sílim go bhfuil sin an fáth a téann a lán daoine ansin. Is cuimhin liomsa dul nuair a bhí mé níos óige ar feadh na blianta agus mhothaigh tú iontach compordach agus tú i lár na mílte daoine a raibh thart ort.

M4: Aontaím leis an rud atá an dá rud... an bheirt acu á rá. Like, tá, níl foireann peile mór go leor in Éirinn go bunúsach, níl an sraith, níl sraith na hÉireann, thuaidh nó theas, y'know, níl foireann ar bith ansin atá mór go leor. Agus tá na Ceiltigh, ar ndóighe is cumann nó club domhanda iad. B'fhéidir nach bhfuil siad comh maith anois agus mar a bhí, y'know, roimhe seo, ach go fóill is cumann domhanda iad, agus ma a dúirt tú féin, is, is club Éireannach iad fosta a bunaíodh, a bhunaigh Éireannaigh iad, or é, agus fosta mar gheall ar na daoine a d'imir don fhoireann. Bhí nasc ann leis na Ceiltigh agus leis an tír seo ar feadh na mblianta ó, mar a dúirt tú féin, ó nuair a thosaigh sé. Cuid de na himreoirí is fearr dá bhí acu riamh, is Éireannaigh iad.

F8: Pat Mc Court.

M4: Y'know, daoine cosúil le Packie Bonner, Neil Lennon. Fiú daoine eile, tá cúpla DVDanna agam faoi..... agus daoine mar sin a d'imir do na Ceiltigh agus Éireannaigh a bhí iontu fosta.

M1: Bhuel, sílim, em, nuair a deir tú go bheireann tú tacaíocht do na Ceiltigh, you're branded a bigot...

M4: Yeah.

M1: Agus, is fuath liom sin, mean, tá Protastúnaigh i mo rangsa agus caithimse na héadaí Ceiltigh agus tá a fhios agam gur fuath leo iad, ach ní thuigeann siad go bhfuil sórt, go bhfuil muid bainte go bhfuil mud uilig fite fuaite and tá muid uilig ag iarraidh an rud céanna, ach, ní shílim go dtuigeann ....

F8: Faigheann tú sin gach áit.

M1: Sin é agus tá fuath ag United ar City, an t-aon difear atá ann ná tá an reiligiún i gceist ach...

M4: Yeah...

Mé féin ag cur ceiste.

M4: An bhfuil tú ag caint ar na Ceiltigh ansin nó an bhfuil tú ag caint ar Manchain Aontaithe nó...

Mé féin ag caint.

F5: Bhuel, má tá muid an Gaeilge a bheith againn mar teanga, mar príomhtheanga, tugann na Francaigh tacaíocht do spórt ar fud an domhain so cén fáth nach féidir linn, le na Gaeil tacaíocht a thabhairt go dtí sacar. B'fhéidir nach bhfuil suim ar bith acu sna cluichí Gaelach. Ní caithfidh.... Tá sé cineál iontach dian a bheith le "Níl cead agat, is Gael thú níl cead agat amharc ar peil, or amharc ar sacar".

F8: Bheadh muid cosúil le North Korea.

M4: Bíonn an argóint seo agam i gcónaí, mean, is fuath liomsa, ní, chan gur fuath liom é, just, ní thuigim cad chuige cén fáth a bheireann tusa tacaíocht do foireann a bhfuil lonnaithe i Manchain agus bíonn an brat Sasain in airde acu, bíonn brat Sasana ar fud na háite ann. Em, níl baint ar bith ag an chlub leis an áit seo agus ní raibh riamh. Cad chuige?

M4: Ach ag an am céanna thioctadh leat sin, sílim gur, gur suíomh ar leith é seo, nó táimid, mar gheall ar an cogadh, agus mar gheall, b'fhéidir ar na Sasanaigh a bheith

i gcumhacht ins an tír seo, tá rud éigin ar leith ag dul ar aghaidh agus tá daoine ann, b'fhéidir a shíleann níor cóir tacaíocht, you know, go bhfuil muid ag tabhairt tacaíocht do na foirne eachtrannacha ar cor ar bith, ba cóir dúinn a bheith ag imirt CLG amháin, ach cad é faoi, mar a dúirt [ainm duine] ansin, cad é faoi daoine a thagann ón Fhrainc, cad é faoi daoine a thagann ón tSín, a thugann tacaíocht do, do Manchain Aontaithe? An bhfuil, an bhfuil, y'know, an bhfuil sé contráilte tacaíocht a thabhairt dóibh? Tá sé, is, is, mar a dúirt mé féin, is foireann domhanda iad Manchain Aontaithe agus is sin an fáth go bhfuil, go dtugaim, bhuel tugaim tacaíocht dóibh mar gheall gur tugadh sin dom ó cúpla duine sa clann, ach is mar gheall ar an, ar an rath a bhí orthu agus mar gheall ar an, ar an cineál, mar a dúirt mé ceann de na foirne agus na cumainn sa domhan. So, ní shílím gur, níl, tuigim an rud atá tú á rá – níl nasc ar bith agam le duine ar bith i Manchain...

M1: So tá tú sa tóir ar an rath, an bhfuil? Glory hunter?

M4: Bhuel sin an rud a tharla. Níor dhúirt mé nuair a bhí mé fiche is a dó bliain d'aois go raibh mé ag dul tacaíocht a thabhairt dóibh. Nuair a bhí mé óg thug m'uncaíl tacaíocht dóibh agus tháinig sin chugamsa agus sin an fáth. Ach, sílim, mar a dúirt mé, dá mba rud é, arís, cineál dá mba rud é nár tharla na rudaí a tharla sa tír seo le cúpla céad bliain anuas, mar gheall, mar a dúirt mé an leatrom, b'fhéidir a rinneadh ar na cluichí Gaelacha, ní shílím go mbeadh an suíomh céanna ann. Dá mba rud é go raibh Gaeilge sa tír seo agus go raibh cluichí Gaelacha comh, or, bhuel, dá mba rud é go raibh siad níos láidre b'fhéidir, ní shílím go mbeadh daoine a rá an rud céanna.

F5: Dá mba rud é go raibh Manchain Aontaithe i dtír éigin eile agus go raibh brat éigin eile acu, bheadh daoine i gceart leis. Ach sílim go bhfuil sé mar gheall ar na trioblóidí, sin an fáth a bíonn a lán daoine diúltach faoi na foireann a bhfuil lonnaithe i Sasain.

F8: Aye cos tugann a lán daoine tacaíocht do Barcelona mar gheall gur fhoireann Catalan iad agus tchí siad nasc idir muidne féin agus Catalan agus tá sin i gceart.

Mé féin ag caint agus ag cur ceiste.

M4: Cad é a dhéanfainn féin dá mba rud é go raibh mé i mo phríomhoide ar an scoil seo? Thabharfainn post buan dom i dtús báire....

Daoine ag gáire.

M4: Thabharfainn post do [ainm duine – séimhithe] agus d’achan duine eile. Tá seo giota beag conspóideach...eh, an ndéanfainn rud ar bith difriúil. Níl a fhios agam. Sílim gur tháinig, ó thaobh na Gaeilge de, sílim, tá mé i ndiaidh tabhairt amach don ceathrú bliain inniu faoin Gaeilge agus faoin méid Gaeilge atá á labhairt acu. Dúirt mé leo go tuigim nach labhrann siad Gaeilge leo – lena céile – taobh amuigh den seomra ranga, agus nach labhrann siad Gaeilge leo, lena céile sa clós, ach nuair a thagann siad isteach, go háirithe chuig rang Gaeilge caithfidh siad iarracht a dhéanamh Gaeilge a labhairt. Sílim go bhfuil sé dímhúinte amach is amach go bhfuil siad ag teacht isteach anseo agus just ag scairteadh Béarla. Tá mé a rá leo, níl siad fiú ag iarraidh é a chur i gcéill, níl siad fiú a bheith ag coagarnaigh, tá siad just ag scairteadh amach i mBéarla, agus dúirt mé, dúirt mé sin leo. Ní thuigim é. Sílim go bhfuil Jersey Shore agus Nicky Minaj ag glacadh seilbh ar an domhan. I ndáiríre like, ní shílim go bhfuil - b’fhéidir go bhfuil siad ró-óg go fóill – ach ní shílim go bhfuil meas acu agus ní thuigeann siad cultúr, an cultúr atá sa scoil no b’fhéidir a bhí sa scoil agus an cultúr atá muid ag iarraidh cur chun cinn. Tá siad cineál domhanda – globalisation ag tarlú arís. Tá daoine i Meiriceá ag éisteach leis an ceol céanna, daoine i Sasain, in Éirinn, sa Fhrainc ag éisteach leis an ceol céanna. Níl, b’fhéidir féiniúlacht ann ins na tíortha seo níos mó.

F5: Thug mise faoi deara, mar a dúirt [ainm duine] nach bhfuil meas ag na daltaí. Ní thuigeann siad – níor thuig mise agus mé ar an scoil seo cad é an tábhacht a bhí linn. Sílim go bhfuil sin rud a caithfidh muid a cur i bhfeidhm ar na daltaí. Caithfidh muid abair leo go bhfuil an tábhacht atá leis fiú muna bhfuil, fiú muna glacann siad leis caithfidh muid sin a cur in iúl go bhfuil tábhacht éigin leis agus níl muid anseo don craic – go bhfuil fáth ar leith go bhfuil muid uilig anseo agus go bhfuil mud uilig ag troid ar son na teanga.

M4: Sílim fosta just ar bharr ar an rud bhí mé a rá agus an rud a bhfuil tusa á rá níl an béim céanna ar an Gaeilge sa scoil ní shílim seo agus a bhí. B’fhéidir, b’fhéidir go mbeadh iontas ort fá sin. Arís cúpla fáth, b’fhéidir, mar gheall air sin. Tá an scoil, tá sí i bhfad níos mó anois ná mar a bhí. Bhí cúpla céad dalta ann nuair a bhí muid ar...nuair a bhí muid anseo...

Bean2: Bhí sé cosúil le pobal beag agus bhí aithne agat ar achan duine...



M4: Y’know, bhí, bhí, clann a bhí ann. bhíodh aithne agat ar beagnach achan duine a bhí sa scoil.

M1: Ó bhun go barr. I mean, bhí aithne agat ar achan dalta.

M4: Agus anois, sílim go bhfuil sin uilig athraithe. Is rud maith é go bhfuil an scoil ag leathnú amach ar ndóighe ach sílim go gcaill...gur chaill muid an cineál, an, y’know, an clann sin, agus seans go dtiocfadh linn é a fháil ar ais ach níl a fhios agam. Agus, mar a dúirt mé, na daltaí, bhí meas de cineál agat, de cineál éigin agat ar an Gaeilge. Dá mba rud é go raibh tú...labharfá i mBéarla le do cairde, tá a fhios againn sin, ach dá mba rud é gur tháinig [ainm duine] Gaeilge láithreach.

F5: Casóg as....

M4: Y’know, Gaeilge, sin é like. Sin sean-ceann [ainm duine – gan ginideach] “Cad é a deir sé ar do chasóg” – “Is Gael Mise”.

F5: [ainm duine] – glac sé mo casóg, mo chasóg asam. Bhí orm mo casóg a bhaint...

M4: Cén fáth?

F5: Mar deireann sé “Is Gael mise” ar do casóg. Baineann sé díot.

M4: Ach ní shílim, sin an rud a dúirt mise fosta, ní shílim go bhfuil na múinteoirí ag cur an Gaeilge ina luí ar na daltaí...

F5: Ní shílim go bhfuil go leor am acu.

M4: Sin an rud a bhí mé, an chéad rud eile a bhí mé ag dul a rá, tá barraíocht rudaí eile le déanamh acu ó thaobh an teagaisc de. Tá measúnú rialaithe le déanamh, tá obair chúrsa le ceartú, tá...

F5: Daltaí ann a bhfuil riachtanas acu agus...

M4: Sin é tá cuid cuid mhór eile. Páipéarachas agus mar a dúirt tú féin riachtanais breise agus tá ranganna, y’know, bíonn tú ag streachailt leis na ranganna fíu na bunrudaí a clúdach agus tá tú ag iarraidh sin a dhéanamh agus in amanna, déarfainn fosta, déarfainn b’fhéidir go ndtearn mé féin é, agus tá rang agam mar sin agus tá deacrachtaí acu agus in amanna ligim ar shiúl leo nuair atá siad ag labhairt i mBéarla, y’know, deirim, labhair i nGaeilge, y’know, but, tá sé i bhfad níos fusa acu

an Béarla a labhairt. Agus déarfainn ins na hábhair eile, FSO, eolaíocht, ríomhaireacht, más rud é go dtig leat teachtaireacht a chur chun... a chur trasna i mBéarla, déarfainn go bhfuil sé, do na daltaí féin tá sé níos fearr do na daltaí mar gheall go bhfuil siad ag dul é a thuigbheáil agus go bhfuil siad ag dul pas a fháil sa scrúdú.

Mé féin ag cur ceiste.

M1: Em well... Tá taithí agam. Bhí mise ag teagasc i scoil lán-Gaelach, meánscoil lán-Gaelach le déanaí ansin agus scoil beag atá inti agus arís bheadh aithne ag achan dalta ar a chéile agus bhí an chomhnasc ann idir na daltaí agus na múinteoirí agus bhí siad, bhí na daltaí ag labhairt Gaeilge sa clós. Agus, tá sé deacair a thuigbheáil, cad chuige a bhfuil se ag tarlú sa scoil seo gus nach bhfuil sé ag tarlú i gColáiste Feirste, ach, caithfidh tú tuigbheáil, caithfidh tuigbheáil a bheith agat go bhfuil seo... tá muid sa ceantar, b'fhéidir is measa, ó thaobh chúlra eacnamaíochta, b'fhéidir san Eoraip agus go bhfuil rudaí níos tábhachtaí ná na haidiachtaí sealbhacha, y'know, gust tá múinteoirí ann agus bíonn sórt díomá ort labhairt leo, mar b'fhéidir nach bhfuil an cruinneas agat not b'fhéidir nach bhfuil cibé, cibé rud, ach, sílim féin gur an rud is tábhachtaí ná an chumarsáid a choinneáil ag dul, fiú muna bhfuil sí cruinn nó má tá meancóga ann, gan, gan iad a sórt, beag a dhéanamh daoibh. Sort, cuidiú a thabhairt daoibh agus an chumarsáid a choinneáil ag dul agus tá múinteoirí ann a chuireann díomá ar dhaoine an teanga a labhairt, ach, suppose, sin just rud amháin, i mo bharúil féin.

F5: Sílim go bhfuil... tá mise mar cúntóir ranga i rang iontach lag, agus, bíonn siad iontach neirbhíseach Gaeilge a labhairt. Cuireann... tá eagla an domhan orthu meancóg a dhéanamh mar gheall nach bhfuil, b'fhéidir, mar gheall nach bhfuil siad ag labhairt....níl an, an...

M1: Cruinneas acu...

F5: Cruinneas acu. Níl an staid sin acu.

Mé féin ag caint.

M4: Chuirfinn.

F8: Cuirfinn.

F5: Cuirfinn, go cinnte.

M4: Go cinnte.

Mé féin: Cén fáth.

M4: I ndiaidh an eispéiris mhaith a fuair mise ins an Gaelscolaíocht sílim gur no-brainer atá ann. No, sílim go bhfuil a lán buanna ag an Gaelscolaíocht. Sílim go bhfaigheann an Gaelscolaíocht drocham, in amanna, ó daoine b'fhéidir, mar gheall go bhfuil sí comh hóg sin. Fíche bliain, nó tríocha bliain d'aois...

M1: Daichead.

M4: Daichead bliain d'aois.

Daoine ag gáire.

M4: Tá cuid mhór eolas agam.... Ah well, no, gabh mo leithscéal, daichead bliain d'aois. Sílim go bhfaigheann sé drocham, mar gheall go bhfuil sé furast drocham a thabhairt don Gaelscolaíocht. Go háirithe má tá drochthaithí ag daltaí éigin ar scoil. Agus, y'know, tá, tchím seo. Tá droch-haithí ag dalta éigin ar an scoil, ar an scoil seo go bunúsach agus cluinim tuismitheoirí s'acu ag tabhairt amach faoin scoil. Ach bheadh drochthaithí ag an dalta sin i scoil ar bith. Mean, sin an, sin an freagra a tugaim ar dhaoine mar sin. Ah, so go bhunúsach, cuirfinn, agus beidh mé ag cur mo chuid páistí chuig ah, chuig Gaelscoil.

M1: Ní bheadh cead agam'sa ar ais sa bhaile dá mba rud é go cuirfinn ar scoil lán-Bhéarla iad. Ach no, mar a dúirt [ainm duine] ansin, bhí taithí den chéad scoth agus taithí luachmhar agam féin ar scoil, ar an bhunscoil agus ar an mheánscoil agus tá mé ag dul an deis sin a thabhairt do mo pháistí féin. Agus sílim, sílim nach bhfuil sé féaráilte má tá an Gaeilge ag na tuismitheoirí, gan iad a chur ar Ghaelscoil. Mean, cad chuige nach gcuirfeadh? Sin an cheist. Cad chuige nach gcuirfeadh? Chan, an gcuirfeá? Cad chuige nach gcuirfeá?

M4: Sin domhan.

Mé féin ag cur ceiste.

F5: Dá mba is rud é go raibh riachtanas ar leith ag an páiste, like, amach is amach, like go hiomlán, nach raibh siad ábalta an teanga a fhoghlaim sin an t-aon dóigh nach gcuirfinn iad ar...

F8: Aye.

F5: Oibrím le daltaí a bhfuil riachtanas acu agus is féidir leo a dhéanamh ach dá más rud é go raibh riachtanas ar leith ag dalta, ag mo pháiste, ní bheinn sásta iad a cur anseo.

M4: Ach riachtanas atá...

F5: Like go hiomlán nach bhfuil fóirsteanach don scoil.

M4: Déarfainn, níl, bhuel, ní shílím go bhfuil cúis ar bith agam, but tá... cluinim seo, agus arís ní déarfaidh mé ainmneacha ar bith. Deir roinnt daoine...chuala mé duine áirithe seo a rá, ach ní chuala mé í a rá – bhain sí páistí s'aici amach as an Gaelscoil ar gheall go raibh na briathra neamhrialta contráilte ag an páiste.

F8: Tá tú ag magadh....

M4: Glac sí an páiste – páistí – amach as an scoil mar go raibh siad a teacht abhaile ag rá rudaí cosúil le “ní chuaigh”. Agus, cluinim sin sa scoil seo, ach, agus an rud a dúirt sise, is cainteoir dúchais í agus dúirt sí “Ní fhaigheann sé sin uaimse”, agus “teagascfaidh mise Gaeilge di sa teach, níl mise ag dul, níl mise ag cur suas leis sin”.

F8: So, cuir sí iad ar scoil Béarla?

M4: So, tá siad anois ag dul chuig scoil Béarla.

F8: Iontach cliste!

Mé féin ag cur ceiste.

M4: Bunscoil. Agus an fáth gur dhúirt sí sin ná, mar a dúirt mé, mar gheall ar rud éigin, y'know, na briathra neamhrialta. Now, níl a fhios agam, cluinim na rudaí sin ó daltaí s'againne, agus tá mé ag síor-, cineál a rá leo, is “ní dhearna, ní dhearna” chan “ní rinne” agus tá mé ag dul mo gruaig a tharraingt amach. Ach, ag deireadh an lae, tá Gaeilge acu, níl mé a rá go bhfuil Gaeilge foirfe acu, mar a dúirt tusa...

M1: Cad é an rud is tábhachtaí – cruinneas nó cumarsáid?

M4: Sin é. Bhuel, ag brath ar, ar cé air a chuireann tú an ceist. Bheinn ag iarraidh cruinneas agus cumarsáid ar ndóighe.

F8: Bhuel, is fearr Gaeilge briste ná Béarla cliste.

M4: Bhuel, an gcríochnóidh muid ar an nóta sin?

Mé féin a cur ceiste.

M4: DUP.... An Eaglais.

F5: Formhór de na Protastúnaigh sa ceantar seo.

F8: Daoine nach bhfuil taithí acu ar an teanga. Síleann daoine gur teanga Caitliceach é agus sin é, but, ní hé sin an scéal. Like, bhí aithne ag mo dhadaí ar cúpla fear, agus is dílseoirí iad agus glac seisean iad thuas chun na Gaeltachta agus rinne siad cúrsa leo agus d'fhoghlaim siad as, like cé as, cad as a dtáinig an teanga agus cé a chuidigh leis an teanga, agus bhí iontas orthu go raibh Protastúnaigh i gceist le Athbheochan na Teanga.

F5: Daoine bómánta, b'fhéidir....

M1: Blue shirts.

F5: Nach bhfuil stair s'acu ar eolas acu.

M4: Sílim go bhfuil an Eaglais a bhfuil...go bhfuil...b'fhéidir cuid daoine atá bainteach leis an Eaglais in éadan an, an, Gaeloideachas. Tá neart scoileanna faoi láthair ag druidim, mar gheall, arís mar gheall ar cúpla fáth. Ceann de na fáthanna is mó, ná, go bhfuil níos lú daoine sna ceantracha seo. Níl, níl daoine, níl, níl daoine, gabh mo leithscéal...tá níos lú páistí ag daoine anois go bunúsach, níl spás, or, tá barraíocht spás sna scoileanna agus tá scoileanna ag teacht le céile. Fáth amháin eile leis sin ná, go bhfuil an Gaeloideachas ag teacht i réim. Go háirithe, má glacann tú Baile Uí Mhurchú mar shampla. Ah, Scoil Naomh Aodhán, Scoil na mBráithre Críostaí ansin agus scoil, cad é, Bernadette's? Tá siadsan ag teacht le céile, agus ar ndóighe, mar gheall go bhfuil na huimhreacha níos ísle ach, tá Bunscoil an tSléibhe Dhuibh i ndiaidh, y'know, i ndiaidh fás ansin le deich, cúig bliana déag anuas agus tá

sé folláin agus, níl a fhios agam, déarfainn go bhfuil barraíocht uimhreacha acu agus tá sin mar ceann de na fáthanna. So, nuair atá an eaglais i gceannas ar na scoileanna eile déarfainn go bhfuil siad ag amharc ar an Gaeloideachas agus ag rá, y'know, cineál cumhacht atá ann, y'know, níl cumhacht acu. Níl an oiread sin cumhacht ag an eaglais ar na cheantracha seo níos mó, y'know agus a bhí, b'fhéidir caoga bliain ó shin – so sílim go bhfuil cumhacht i gceist.

M1 Bhuel, is em, tá rath...is é an t-aon earnáil atá, an t-aon earnáil atá ag fás agus tá rath agus bláth ag teacht uirthi agus beidh, ach go fóill, tá an rialtas go hiomlán in éadan, b'fhéidir chan na Sinners, ach formhór de na, de na páirtithe eile tá siad in éadan, bhuel chan in éadan, ní bheireann siad tacaíocht ar bith don Ghaeloideachas, so, cad é an sórt seans a bhfuil agat nuair nach bhfuil fíú na MPs nó na TDs nó cibé ag tabhairt tacaíocht poiblí don Ghaeloideachas.

F5: Sílim go bhfuil sin an áit sa ceantar seo a bhfuil an troid go fóill beo, go bhfuil daoine go fóill ag troid don Gaeloideachas....

Mé féin ag caint.

M4 ag cur ceiste.

F8: Bhí.

M1: Bhí agus bím go minic...agus ní Gaeltacht í Bhéal Feirste. ar an drochuair.

F8: Gaeltacht faoi bhláth.

M1: Bhuel, tá roinnt mhaith daoine ann sa chathair a labhrann, a labhranns an teanga agus arís tá fás ag teacht uirthi agus beidh, agus sílim go bhfuil aitheantas, sórt, bhuel, tá aitheantas ar an cheantar. Tá an ceathrún Gaeltachta ann agus... Ach leis an fhírinne a dhéanamh, má shiúlann tusa thíos Bóthar na bhFál....

M4: Isteach ins an Coirceog Beach....

M1: Ná labhair leis na smickers i nGaeilge agus sin é.

M4: Aontaím leat ach sílim, cé nach fíor-Gaeltacht atá ann, Gaeltacht, sin áit a mbíonn cainteoirí dúchais, agus y'know, ní raibh Béarla riamh ann ins an áit sin, go bunúsach, sin an cur síos ar Gaeltacht, ach sílim gur siombail atá ann don

athbheochan teanga a bhí ins an ceantar seo agus ins an cathair. Agus, mar a dúirt mé, cé nach Gaeltacht atá ann, sílim gur ainm mhaith é don rud atá ag tarlú – obair mhaith atá ag dul ar aghaidh sa cathair – agus, mar a dúirt tú féin, ní shílim go, seans go dtiocfadh leat Gaeilge a labhairt le corrdhuine ar Bhóthar na bhFál, ach don mhórcuid, ní labhrann daoine i nGaeilge, ach sílim gur rud maith é go dtugaimid Gaeltacht air...

F8: Tugann sé aitheantas oifigiúil dó like...

M4: Ní aitheantas oifigiúil aige, an bhfuil?

M1: Bhuel neamhoifigiúil like...

F5: Déanann daoine dearmad gur cathair í Bhéal Feirste, níl muid lonnaithe ar bharr an cnoc sin linn féin agus níl gach duine thart orainn. Tá na míle duine i Bhéal Feirste so cén dóigh a féidir linn iad a chur i bosca amháin agus a rá leo like, peil Gaelach a imirt, ní déantar sin sa cathair.

F8: Sin an fáth a mbíonn fás níos mó air, mar tá gach duine spréite amach, más rud é go raibh siad uilig sa ceantar amháin ní bheadh an Gaeilge comh láidir i mo bharúil.

## **Belfast Session 2**

Mé féin ag caint.

F1: Tá coinne agam leis an phictiúrlann.... Fiche i ndiaidh a seacht.

M3: Cad é mar atá [ainm duine] na laethanta seo?

F1: Eh, go maith, ramhar!

M2: Cad é mar atá sé ag gabháil? Cad é a bhí ar bun agat aréir?

F1: Chonaic mé é an céad uair an lá faoi dheireadh agus....

M3: Tá sé cóir a bheith ocht déag!

F9: Cén aois a beadh [ainm duine] s'agat?

F1: Ocht déag.... Seacht déag.

M3: Cad é fá [ainm duine]. Ní fhaca mé [ainm duine] le tamall. Bhal, chonaic mé... bhí mé ag caint le [ainm duine] ag wake Anne.

F1: Ar chuala tú faoin mhamaí s'aici? Bhí sin uafásach.

M3: Bhí, bhí gach duine eile ar laethanta saoire?

F1: Yeah, tharla sé an lá roimh a bhí siad uilig ag gabháil, ní raibh [ainm duine] ag iarraidh gabháil ina dhiaidh sin agus bhí [ainm duine] like, "no, caithfidh tú gabháil".

M3: Colm, an bhfuil sin air?

Mé féin ag freagairt.

M3: Bhí muidne i mbun comhrá príobháideach ansin?

Daoine ag gáire.

F1: Oh ní raibh a fhios agam.

M3: Tá mé i ndiaidh striapach a cur ar deirfiúr s'aici.

F1: I actually just said puberty hit my brother in the face.



Daoine ag gáire.

M2 World-leading research in Celtic studies.

Mé féin ag cur ceiste.

F1: Yeah.

M2: An céad ceann?

Físeán ag gabháil, mé féin ag cur ceiste.

M3: Bhal ní dheachaigh siad... na trioblóidí, ní dheachaigh siad go mór i bhfeidhm ormsa but, níos mó ar na tuismitheoirí. Ach, ansin y'know, is cuimhin liom fás aníos agus cineál, cineál siúil síos ar na sráideanna agus cineál na saighdiúirí... But just ní, ní cuimhin liom mórán fá na trioblóidí mar ní raibh mé ach b'fhéidir... Bhí sé ciúin go leor ar na sráideanna nuair a bhí mé óg but cineál eh... Déarfainn go ndeachaigh siad níos mó i bhfeidhm ar na tuismitheoirí ná rud ar bith eile.

M2: Braitheann sé ar cén sórt dearcadh atá ag do thuismitheoirí, nó a bhí ag do thuismitheoirí nó tá daoine ann agus bhí siad ar an mheánscoil agus i ndiaidh iad an mheánscoil a fhágáil sílim go ndeachaigh siad isteach i ngrúpaí, cineál de polaitiúil, nó polaitiúil agus grúpaí nach bhfuil ceadaithe b'fhéidir de réir an dlí. But braitheann sé ar, braitheann sé ar do thuismitheoirí agus ar cén sórt dearcadh atá agat ar fhoréigean agus ar rudaí mar sin. Ní, ní caid a tógann tú, nó, cén sórt dóigh a thógadh tú...

M3: Sílim gur comh maith... an áit comh maith like... Iarthar Bhéal Feirste agus b'fhéidir tuaisceart Bhéal Feirste. B'fhéidir nach raibh mórán, nach ndeachaigh sé i bhfeidhm comh mór ar... do dhuine éigin in Iarthar Bhéal Feirste nó Tuaisceart Bhéal Feirste, ná mar a chuaigh sé i bhfeidhm i ndeisceart Bhéal Feirste.

F9: An rud céanna like, bíonn cuid de mo cairde, nuair atá siad ag caint faoi é, tá siad ag caint mar go raibh siad ann nuair a tharla gach rud ach...

M3: Bhí muid ann go spiritiúil... [gáire].

Mé féin ag caint.

M3: No, here, Colm, tá sin duitse nuair ata tú ag éisteacht agus go bhfuil tú leadránach agus cluinfidh tú...

M2: Sin socheolaíocht ansin, caithfidh tú sin a cur isteach.

M3: No, tá mé, tá mé ag magadh.

F1 Like, i mo bharúil... ní raibh, níor labhair mo mhamaí nó mo dhaidí fain a trioblóidí agus ní raibh a fhios agam rud ar bith fúthu nuair a bhí mé ag fás aníos. Nuair, like a éirigh mé níos sine, bhí suim agam féin ann agus bhí mé ag iarraidh fáil amach cad a tharla dom féin. Like, cad a tharla...

Mé féin ag cur ceiste.

F9: Bhal ní raibh... níl sé an chuige.... Ní raibh sé comh fada sin ar shiúl.

F1: Tríocha bliain, no... yeah tríocha bliain.

F9: Yeah, agus bhí sé rud an-mór a tharla agus fuair sé cuid rudaí amach dóibh... like, bhí sé “wing” do na daoine Gaelach.

Mé féin ag cur ceiste?

M3: Fán stailc ocrais? Cén fáth a bhfuil sé...? Sna ceantracha seo, agus b’fhéidir i nDoire agus in Ard Mhacha agus....

M2: Contae Thír Eoghain go háirithe.

M3: Y’know agus tá... tá an cuma ar na stailceoirí agus b’fhéidir daoine a bhí sa streachailt, tá an cuma orthu gur laochanna atá iontu, y’know. Agus mar a dúirt [ainm duine] ní, b’fhéidir cad é, tríocha bliain ó shin, má amharcaimid siar b’fhéidir naoi déag sé déag, tá sin go fóill beo. Agus beidh... bhal déarfainn go mbeidh an Stailc Ocrais naoi déag ochtó a haon, go mbeidh sé beo go ceann tamall eile.

